Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0168

Ceanglais chiorclaíochta maidir le dearadh feithiclí agus bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 9 Meán Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE (COM(2023)0451 – C9-0308/2023 – 2023/0284(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig na coistí freagracha le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0158/2025).

Leasú 1
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'The European Green Deal'[37] [An Comhaontú Glas don Eoraip] (an 'Comhaontú Glas don Eoraip') straitéis nua fáis na hEorpa é arb é is aidhm di sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, áit nach mbeidh aon ghlanastaíocht gás ceaptha teasa ann in 2050 agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní. Chun gur féidir le beartais táirge an Aontais rannchuidiú le hastaíochtaí carbóin a ísliú ar an leibhéal domhanda, ní mór a áirithiú go ndéantar táirgí a mhargaítear agus a dhíoltar san Aontas a fhoinsiú, a mhonarú agus a chóireáil tráth dheireadh a ré ar bhealach inbhuanaithe.	(1) Leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'The European Green Deal'[37] [An Comhaontú Glas don Eoraip] (an 'Comhaontú Glas don Eoraip') straitéis nua fáis na hEorpa é arb é is aidhm di sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, áit nach mbeidh aon ghlanastaíocht gás ceaptha teasa ann in 2050 ***ar a dhéanaí*** agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainn. Chun gur féidir le beartais táirge an Aontais rannchuidiú le hastaíochtaí carbóin a ísliú ar an leibhéal domhanda, ní mór a áirithiú go ndéantar táirgí a mhargaítear agus a dhíoltar san Aontas a fhoinsiú, a mhonarú agus a chóireáil tráth dheireadh a ré ar bhealach inbhuanaithe.
[37] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip, (COM (2019)0640 final).	[37] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip, (COM(2019)0640 final).

Leasú 2
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Is rannchuiditheoir tábhachtach í an earnáil mótarfheithiclí le húsáid na n-acmhainní fuinnimh agus ábhair ag an Aontas, agus le giniúint gás ceaptha teasa dá réir. Táirgeadh na bhfeithiclí i dtríú tíortha a chuirtear ar mhargadh an Aontais, rannchuidíonn sé sin le gáis ceaptha teasa dhomhanda a ghiniúint, rud ag a mbíonn tionchar comhshaoil diúltach ar an Aontas. Aistriú ó úsáid na mbreoslaí iontaise i bhfeithiclí chuig an tsoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, rud a ndéantar foráil maidir leis sa phacáiste Oiriúnach do 55, tá sé sin ar cheann de na réamhriachtanais chun an sprioc aeráidneodrachta a bhaint amach in 2050. Laghdóidh an t-aistriú sin na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil mótarfheithiclí atá nasctha le céim úsáide na bhfeithiclí. Tá an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na húsáideoirí alúmanaim, cruach agus plaisteach príomhúil is mó dá bhfuil ann, rud atá nasctha le monarú na bhfeithiclí nua a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Is féidir tionchar comhshaoil suntasach a bheith i gceist leis sin, rud atá nasctha leis an bhfuinneamh is gá chun na hábhair sin a eastóscadh agus a phróiseáil. D’fhéadfadh an lorg comhshaoil atá nasctha le monarú na bhfeithiclí nua dul i méid le leictriú leanúnach an fhlít, agus i ngeall ar úsáid a bheith á baint ar bhonn níos forleithne as leictreonaic i cineálacha feithicle amach anseo, ar gá le haghaidh an dá cheann sin méid nach beag	(2) Is rannchuiditheoir tábhachtach í an earnáil mótarfheithiclí le húsáid na n-acmhainní fuinnimh agus ábhair ag an Aontas, agus le giniúint gás ceaptha teasa dá réir. Táirgeadh na bhfeithiclí i dtríú tíortha a chuirtear ar mhargadh an Aontais, rannchuidíonn sé sin le gáis ceaptha teasa dhomhanda a ghiniúint, rud ag a mbíonn tionchar comhshaoil diúltach ar an Aontas. Aistriú ó úsáid na mbreoslaí iontaise i bhfeithiclí chuig an tsoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, rud a ndéantar foráil maidir leis sa phacáiste Oiriúnach do 55, tá sé sin ar cheann de na réamhriachtanais chun an sprioc aeráidneodrachta a bhaint amach in 2050. Laghdóidh an t-aistriú sin na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil mótarfheithiclí atá nasctha le céim úsáide na bhfeithiclí. Tá an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na húsáideoirí alúmanaim, cruach agus plaisteach príomhúil is mó dá bhfuil ann, rud atá nasctha le monarú na bhfeithiclí nua a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Is féidir tionchar comhshaoil suntasach a bheith i gceist leis sin, rud atá nasctha leis an bhfuinneamh is gá chun na hábhair sin a eastóscadh agus a phróiseáil. D’fhéadfadh an lorg comhshaoil atá nasctha le monarú na bhfeithiclí nua dul i méid le leictriú leanúnach an fhlít, ***leis an bhfás leanúnach ar mhéid agus ar mheáchan na bhfeithiclí,*** agus i ngeall ar úsáid níos forleithne ***agus ar chastacht*** as leictreonaic i

d’amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha agus de mhiotail lómhara, amhail copar agus dúile tearc-chré. Is é toradh na n-athruithe sin go bhféadfadh lorg comhshaoil níos mó a bheith ag an gcéim tháirgthe ná ag céim úsáide na bhfeithiclí. Ina theannta sin, as na ceanglais atá i bhfeidhm faoi láthair i ndlí an Aontais maidir leis an mbainistiú dramhaíola, eascraíonn aisghabháil fho-optamach acmhainní as feithiclí a bhfuil a ré caite, agus tá an-acmhainneacht ann méadú a dhéanamh ar chainníocht agus ar cháilíocht na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar atá le hathúsáid, athmhonarú, athriochtú nó athchúrsáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite. Chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin ar an gcomhshaol agus chun rannchuidiú le dícharbónú na hearnála, is gá feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus aistriú na hearnála mótarfheithiclí chuig geilleagar ciorclach a fheabhsú. Tá sé sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 maidir le ‘Plean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach – Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach’[38] lenar iarradh athbhreithniú ar na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair chun ‘samhlacha gnó níos ciorclaí a chur chun cinn trí shaincheisteanna maidir le dearadh a nascadh leis an gcóireáil deireadh ré, rialacha maidir le cion athchúrsáilte sainordaitheach a mheas le haghaidh ábhair áirithe, agus feabhas a chur ar an éifeachtúlacht athchúrsála’. Chuir idir an Chomhairle[39] agus an cineálacha feithicle amach anseo, ar gá le haghaidh an dá cheann sin méid nach beag d’amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha agus de mhiotail lómhara, amhail copar agus dúile tearc-chré. Is é toradh na n-athruithe sin go bhféadfadh lorg comhshaoil níos mó a bheith ag an gcéim táirgthe ná céim úsáide feithiclí***, agus go bhféadfadh an tionscal a bheith ag brath níos mó agus níos mó ar allmhairí amhábhar criticiúil agus a bheith leochaileach do shuaitheadh soláthair, agus dá bhrí sin go gcaillfeadh sé iomaíochas***. Ina theannta sin, as na ceanglais atá i bhfeidhm faoi láthair i ndlí an Aontais maidir leis an mbainistiú dramhaíola, eascraíonn aisghabháil fho-optamach acmhainní as feithiclí a bhfuil a ré caite, agus tá an-acmhainneacht ann méadú a dhéanamh ar chainníocht agus ar cháilíocht na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar atá ***le deisiú***, le hathúsáid, le hathmhonarú, le hathchóiriú, ***le hiarfheistiú*** nó le hathchúrsáil ***ó fheithiclí le linn na céime úsáide agus ag feithiclí a*** bhfuil a ré caite araon. Chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin ar an gcomhshaol agus chun rannchuidiú le dícharbónú na hearnála***, agus chun tacú leis an iomaíochas trí athléimneacht thionscal na ngluaisteán a mhéadú*** is gá feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus aistriú na hearnála mótarfheithiclí chuig geilleagar ciorclach a fheabhsú. Tá sé sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 maidir le ‘Plean Gníomhaíochta Nua don

Pharlaimint[40] i dtábhacht an gá le rialacha nua ón Aontas maidir leis na hábhair sin, le hathsholáthar na rialacha atá ann cheana i dtaca le feithiclí a chineálcheadú ó thaobh a n-in-athúsáidteachta, a n-in-athchúrsáilteachta agus a n-in-aisghabháltachta de agus maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite.

Gheilleagar Ciorclach – Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach'[38] lenar iarradh athbhreithniú ar na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair chun 'samhlacha gnó níos ciorclaí a chur chun cinn trí shaincheisteanna maidir le dearadh a nascadh leis an gcóireáil deireadh ré, rialacha maidir le cion athchúrsáilte sainordaitheach a mheas le haghaidh ábhair áirithe, agus feabhas a chur ar an éifeachtúlacht athchúrsála'. ***Tá sé sin i gcomhréir freisin le Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38a].*** Chuir idir an Chomhairle[39] agus an Pharlaimint[40] i dtábhacht an gá le rialacha nua ón Aontas maidir leis na hábhair sin, le hathsholáthar na rialacha atá ann cheana i dtaca le feithiclí a chineálcheadú ó thaobh a n-in-athúsáidteachta, a n-in-athchúrsáilteachta agus a n-in-aisghabháltachta de agus maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite.

---

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an 11 Márta 2020, Plean Gníomhaíochta nua do Gheilleagar Ciorclach – Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach (COM(2020)0098 final).

---

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an 11 Márta 2020, Plean Gníomhaíochta nua do Gheilleagar Ciorclach – Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach (COM(2020)0098 final).

[38a] Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar

	criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj).
[39] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 Nollaig 2020, maidir le Téarnamh ciorclach agus glas a dhéanamh den téarnamh.	[39] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 Nollaig 2020, maidir le Téarnamh ciorclach agus glas a dhéanamh den téarnamh.
[40] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach.	[40] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach.
Leasú 3 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 6**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] tugadh isteach córas cuimsitheach um chineálcheadú agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí, leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh na bhfeithiclí sin, d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh aonair a áirithiú agus chun ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil a thairiscint. Tá gá le gníomh rialála ar leithligh chun críocha nós imeachta cineálcheadaithe AE a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. Is gá forálacha agus ceanglais a leagan síos maidir le ciorclaíocht na bhfeithiclí i bpróiseas cineálcheadaithe AE. Chun a	(6) Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] tugadh isteach córas cuimsitheach um chineálcheadú agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí, leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh na bhfeithiclí sin, d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh aonair a áirithiú agus chun ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil a thairiscint. Tá gá le gníomh rialála ar leithligh chun críocha nós imeachta cineálcheadaithe AE a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. Is gá forálacha agus ceanglais a leagan síos maidir le ciorclaíocht na bhfeithiclí i bpróiseas cineálcheadaithe AE. Chun a

áirithiú go gcomhlíonfaidh feithiclí na ceanglais sin, is gá a bhfíorú i bpróiseas cineálcheadaithe AE a áirithiú. Forálacha riaracháin Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear na forálacha maidir leis an bhfaireachas margaidh, bearta ceartaitheacha agus pionóis, tá feidhm acu maidir le cineálcheaduithe a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Forálacha riaracháin Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear na forálacha maidir leis an bhfaireachas margaidh, bearta ceartaitheacha agus pionóis, tá feidhm acu maidir le cineálcheaduithe a eisítear i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo.

áirithiú go gcomhlíonfaidh feithiclí na ceanglais sin, is gá a bhfíorú i bpróiseas cineálcheadaithe AE a áirithiú. Forálacha riaracháin Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear na forálacha maidir leis an bhfaireachas margaidh, bearta ceartaitheacha agus pionóis, tá feidhm acu maidir le cineálcheaduithe a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Forálacha riaracháin Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear na forálacha maidir leis an bhfaireachas margaidh, bearta ceartaitheacha, ***clásail choimirce*** agus pionóis, tá feidhm acu maidir le cineálcheaduithe a eisítear i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo.

---

[44] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

[44] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

Leasú 4
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6a) Chun cur i bhfeidhm cúlghabhálach na gceanglas a sheachaint, tá sé tábhachtach

idirdhealú a dhéanamh idir cineálcheaduithe leasaithe agus cineálcheaduithe nua. Ba cheart a shoiléiriú, dá bhrí sin, nach gceanglaítear cineálcheadú nua go córasach le leasuithe faoi Rialachán (AE) 2018/858.

Leasú 5
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil á áirithiú an tráth céanna, tá sé fíor-riachtanach na coinníollacha maidir le cineálcheadú na bhfeithiclí a chomhchuibhiú a mhéid a bhaineann lena n-in-athúsáidteacht, lena n-athchúrsáilteacht agus lena n-in-aisghabháltacht, mar aon leis na coinníollacha lena rialaítear an bhainistiú dramhaíola san earnáil mótarfheithiclí. Tá dlúthnaisc idir céim tháirgthe agus cóireáil deireadh ré feithiclí, toisc, i dtaobh feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, go mbraitheann cuid mhór de sin ar an mbealach a dheartar agus a thógtar feithiclí ar an gcéad dul síos. Is é an bealach is éifeachtúla chun aistriú na hearnála mótarfheithiclí chuig geilleagar ciorclach a éascú dá bhrí sin creat rialála aonfhoirmeach a bhunú ar leibhéal an Aontais, lena gcumhdófar ar bhealach comhsheasmhach agus	(7) Chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil á áirithiú an tráth céanna, tá sé fíor-riachtanach na coinníollacha maidir le cineálcheadú na bhfeithiclí a chomhchuibhiú a mhéid a bhaineann lena n-in-athúsáidteacht, lena n-athchúrsáilteacht agus lena n-in-aisghabháltacht, mar aon leis na coinníollacha lena rialaítear an bhainistiú dramhaíola san earnáil mótarfheithiclí ***agus onnmhairiú feithiclí caite.*** Tá dlúthnaisc idir céim tháirgthe agus cóireáil deireadh ré feithiclí, toisc, i dtaobh feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, go mbraitheann cuid mhór de sin ar an mbealach a dheartar agus a thógtar feithiclí ar an gcéad dul síos. Is é an bealach is éifeachtúla chun aistriú na hearnála mótarfheithiclí chuig geilleagar ciorclach a éascú dá bhrí sin creat rialála aonfhoirmeach a bhunú ar leibhéal an Aontais, lena gcumhdófar ar bhealach

comhtháite dearadh, monarú, cur ar an margadh san Aontas agus cóireáil deireadh ré na bhfeithiclí. Tá sé sin fíor-riachtanach freisin chun margadh an Aontais a fhorbairt le haghaidh amhábhair thánaisteacha a áirítear i bhfeithiclí nua a chuirtear ar an margadh, mar aon le bacainní roimh an trádáil agus saofaí iomaíochta a sheachaint, an tsoiléireacht dhlíthiúil a áirithiú agus feabhas a chur ar fheidhmíochtaí comhshaoil na n-oibreoirí eacnamaíocha uile atá rannpháirtíoch i ndearadh, táirgeadh agus cóireáil deireadh ré na bhfeithiclí. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus an gá go mbeidh rialacha aonfhoirmeacha i bhfeidhm le haghaidh an mhargaidh aonair ar údair imní chomhshaoil a spreagann iad, agus i gcomhréir le reachtaíocht fhoriomlán an Aontais maidir le cineálcheadú le haghaidh mótarfheithiclí, ba cheart Rialachán a chur in ionad Threoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE, ar bhonn Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

comhsheasmhach agus comhtháite dearadh, monarú, cur ar an margadh san Aontas agus cóireáil deireadh ré na bhfeithiclí. Tá sé sin fíor-riachtanach freisin chun margadh an Aontais a fhorbairt le haghaidh amhábhair thánaisteacha a áirítear i bhfeithiclí nua a chuirtear ar an margadh, mar aon le bacainní roimh an trádáil agus saofaí iomaíochta a sheachaint, an tsoiléireacht dhlíthiúil a áirithiú agus feabhas a chur ar fheidhmíochtaí comhshaoil na n-oibreoirí eacnamaíocha uile atá rannpháirtíoch i ndearadh, táirgeadh agus cóireáil deireadh ré na bhfeithiclí. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus an gá go mbeidh rialacha aonfhoirmeacha i bhfeidhm le haghaidh an mhargaidh aonair ar údair imní chomhshaoil a spreagann iad, agus i gcomhréir le reachtaíocht fhoriomlán an Aontais maidir le cineálcheadú le haghaidh mótarfheithiclí, ba cheart Rialachán a chur in ionad Threoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE, ar bhonn Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Leasú 6
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Níl feidhm ag Treoracha 2000/53/CE ná 2005/64/CE ach amháin maidir le feithiclí paisinéirí (M_1) agus feithiclí tráchtála éadroma (N_1), arb iad sin thart faoi 85 % de na	(8) Níl feidhm ag Treoracha 2000/53/CE ná 2005/64/CE ach amháin maidir le feithiclí paisinéirí (M_1) agus feithiclí tráchtála éadroma (N_1), arb iad sin thart faoi ***85 faoin***

feithiclí uile dá bhfuil cláraithe san Aontas. Na feithiclí atá fágtha, eadhon feithiclí dhá agus trí roth, leoraithe, busanna agus leantóirí, níl siad faoi réir aon reachtaíocht de chuid an Aontais maidir lena n-éicidhearthóireacht ná maidir lena mbainistiú ag céimeanna dheireadh a ré. Dá bhrí sin, chun creat ciorclach a áirithiú le haghaidh na bhfeithiclí uile dá bhfuil cláraithe san Aontas, lena n-áirítear go ndéanfar iad a chóireáil ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil, mar aon le hilroinnt an mhargaidh aonair a chosc, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ní hamháin maidir le feithiclí chatagóirí M_1 agus $N_{1,}$, ach, go páirteach, maidir le feithiclí ***áirithe*** chatagóir L (***L_3e-L_7e***), feithiclí tromshaothair agus a leantóirí (M_2, M_3, N_2, N_3, O). Tá easpa faisnéis chuimsitheach ann maidir le cóireáil na bhfeithiclí sin ag deireadh a ré san Aontas, rud atá ina chosc ar fheidhm a bheith ag an gcóras céanna maidir leo agus an córas ag a bhfuil feidhm maidir le feithiclí M_1 agus N_1 ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin, na ceanglais maidir le bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite, seachadadh éigeantach na bhfeithiclí sin chuig saoráidí cóireála údaraithe lena gcóireáil mar aon lena ndíthruailliú, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le feithiclí chatagóir L ***(L_3e-L_7e)*** agus maidir le feithiclí tromshaothair agus a leantóirí ***(M_2, M_3, N_2, N_3, O).*** Chun cóireáil na bhfeithiclí sin a bhfuil a ré caite a éascú, ba cheart a monaróirí a cheangal faisnéis a sholáthar faoi bhaint agus faoi athsholáthar na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-***gcéad*** de na feithiclí uile dá bhfuil cláraithe san Aontas. Na feithiclí atá fágtha, eadhon feithiclí dhá agus trí roth, leoraithe, busanna agus leantóirí, níl siad faoi réir aon reachtaíocht de chuid an Aontais maidir lena n-éicidhearthóireacht ná maidir lena mbainistiú ag céimeanna dheireadh a ré. Dá bhrí sin, chun creat ciorclach a áirithiú le haghaidh na bhfeithiclí uile dá bhfuil cláraithe san Aontas, lena n-áirítear go ndéanfar iad a chóireáil ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil, mar aon le hilroinnt an mhargaidh aonair a chosc, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ní hamháin maidir le feithiclí chatagóirí M_1 agus $N_{1,}$, ach, go páirteach, maidir le feithiclí chatagóir L (***L_3e-L_7e***), feithiclí tromshaothair agus a leantóirí (M_2, M_3, N_2, N_3, O). Tá easpa faisnéis chuimsitheach ann maidir le cóireáil na bhfeithiclí sin ag deireadh a ré san Aontas, rud atá ina chosc ar fheidhm a bheith ag an gcóras céanna maidir leo agus an córas ag a bhfuil feidhm maidir le feithiclí M_1 agus N_1 ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin, na ceanglais maidir le bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite, seachadadh éigeantach na bhfeithiclí sin chuig saoráidí cóireála údaraithe lena gcóireáil mar aon lena ndíthruailliú, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le feithiclí chatagóir L agus maidir le feithiclí tromshaothair agus a leantóirí (M2, M3, N2, N3, O) ***araon.*** Chun cóireáil na bhfeithiclí sin a bhfuil a ré caite a éascú, ba cheart a monaróirí a cheangal faisnéis a sholáthar faoi bhaint agus faoi athsholáthar na bpáirteanna, na

ábhar ó na feithiclí sin. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha lena rialaítear an fhreagracht leathnaithe táirgeora maidir leis na catagóirí feithiclí sin, lena gcumhdaítear na costais a bhaineann lena mbailiú agus lena ndíthruailliú ag deireadh a ré.

gcomhpháirteanna agus na n-ábhar ó na feithiclí sin. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha lena rialaítear an fhreagracht leathnaithe táirgeora maidir leis na catagóirí feithiclí sin, lena gcumhdaítear na costais a bhaineann lena mbailiú agus lena ndíthruailliú ag deireadh a ré. ***Thairis sin, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais bhreise maidir le feithiclí de chatagóir L, amhail maidir le lipéadú, maidir le baint éigeantach nó maidir le hathúsáid, le hathmhonarú agus le hathchóiriú.***

Leasú 7
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Chun comhleanúnachas rialála a áirithiú agus chun ilroinnt sa mhargadh aonair a sheachaint, is gá raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig feithiclí a thagann faoi chatagóirí L1 agus L2 mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]. Níl feithiclí chatagóirí L1e agus L2e faoi réir clárú riaracháin go haonfhoirmeach faoi Threoir 1999/37/CE ón gComhairle[1b] ar fud na mBallstát, d'ainneoin iad a bheith cineálcheadaithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 168/2013. Leis an neamhréireacht rialála sin, tá an baol ann go gcruthófar

cineálacha cur chuige náisiúnta ilroinnte, go gcuirfear ualaí díréireacha ar mhonaróirí agus go mbainfear an bonn ó iomaíochas an tionscail. Chun comhleanúnachas agus comhchuibhiú rialála a áirithiú, ba cheart a bhunú leis an Rialachán seo, i gcás nach bhfuil na feithiclí sin faoi réir clárú riaracháin, gur cheart córas malartach a chur chun feidhme chun a sainaithint a thaifeadadh, lena n-áirítear ag an bpointe a chuirtear ar an margadh iad, le linn úsáide nó ag deireadh a ré. Leis an gcur chuige sin, ba cheart go gcuirfí cosc ar éagothromaíochtaí sa chaoi a gcaitear le feithiclí comhchosúla, agus go n-ailíneofaí oibleagáidí ar fud na bhfeithiclí uile chatagóir L, agus ar an gcaoi sin cothaítear creat comhsheasmhach chun críche an Rialachán seo a chomhlíonadh.

[1a] Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/168/oj)

[1b] Treoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir le doiciméid chlárúcháin mótarfheithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/37/oj).

Leasú 8
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil nó arna n-oiriúnú lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha amháin chomh maith le feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha, ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun agus ag seirbhísí éigeandála leighis, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Freastalaíonn na feithiclí sin ar shainfheidhmeanna oibríochtúla agus tá siad faoi réir ceanglais theicniúla shonracha agus tá difríocht shuntasach idir dearadh, tógáil agus úsáid na bhfeithiclí sin agus dearadh, tógáil agus úsáid feithiclí atá ceaptha le haghaidh iompar ginearálta de bhóthar. Níorbh iomchuí, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm na gceanglas ciorclaíochta ginearálta maidir le dearadh feithiclí agus bainistiú deireadh ré na bhfeithiclí sin agus tá a n-eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo comhsheasmhach le cineál sonrach a bhfeidhmeanna.

Leasú 9
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9b) Chun oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú, ba cheart feithiclí ar díol spéise iad ó thaobh na staire de a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart go bhféadfaí feithiclí ar díol spéise iad ó thaobh an chultúir de a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo, ar choinníoll go n-aithníonn údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad cláraithe iad go hoifigiúil mar fheithiclí den chineál sin, i gcomhréir le critéir shonracha. Leis an eisiamh sin, níor cheart na feithiclí sin a dhíolmhú ó bheith á gcoinneáil agus á láimhseáil ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar aon fheithicil a thairbhíonn den díolúine sin a bhainistiú dá réir sin.

Leasú 10
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9c) Chun a áirithiú go gcuirfear raon feidhme an Rialacháin seo in oiriúint do réaltachtaí an mhargaidh, ba cheart cineálacha eile feithiclí, amhail feithiclí chatagóirí L a tháirgtear i sraitheanna beaga

nó timthriallta áirithe atá deartha i gcomhair troitheála, a eisiamh ón Rialachán seo freisin.

Leasú 11
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ceaptar feithiclí sainchuspóireacha chun feidhm shonrach a chomhlíonadh agus tá socruithe cabhalra speisialta ag teastáil uathu nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an mhonaróra. Dá dheasca sin, ní féidir na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta a ríomh i gceart. I gcás na bhfeithiclí sin, níor cheart feidhm a bheith ach amháin ag na forálacha a bhaineann le bailiú, díthruailliú agus baint shainordaitheach le haghaidh páirteanna agus comhpháirteanna. Ba cheart do tháirgeoirí na costais as na ngníomhaíochtaí sin a dhéanamh a chumhdach laistigh den scéim freagrachta leathnaithe táirgeora. Forálacha a bhaineann le substaintí i bhfeithiclí, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le feithiclí sainchuspóireacha freisin, mar is amhlaidh faoi Threoir 2000/53/CE. Monaróir dara céim na bhfeithiclí a cineálcheadaíodh i gcineálcheadú ilchéimneach, níl sé in ann na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta a ríomh le haghaidh feithiclí lánchríochnaithe. Dá bhrí sin, is iomchuí gan ach a cheangal ar an	(10) Ceaptar feithiclí sainchuspóireacha chun feidhm shonrach a chomhlíonadh agus tá socruithe cabhalra speisialta ag teastáil uathu nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an mhonaróra. Dá dheasca sin, ní féidir na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta a ríomh i gceart. I gcás na bhfeithiclí sin, níor cheart feidhm a bheith ach amháin ag na forálacha a bhaineann le bailiú, díthruailliú agus baint shainordaitheach le haghaidh páirteanna agus comhpháirteanna. Ba cheart do tháirgeoirí na costais as na ngníomhaíochtaí sin a dhéanamh a chumhdach laistigh den scéim freagrachta leathnaithe táirgeora. Forálacha a bhaineann le substaintí i bhfeithiclí, ba cheart feidhm a bheith acu maidir le feithiclí sainchuspóireacha freisin, mar is amhlaidh faoi Threoir 2000/53/CE. ***Mar sin féin, ba cheart feithiclí sainchuspóireacha arna dtáirgeadh ag monaróirí ísealtáirgeachta a eisiamh go hiomlán ó raon feidhme an Rialacháin seo.*** Maidir le monaróir dara céim, ***amhail iad siúd a tháirgeann an chabhail***, ar feithiclí iad a cineálcheadaíodh

mbonnfheithicil an Rialachán seo a chomhlíonadh.

i gcineálcheadú ilchéimneach, níl sé in ann na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta a ríomh le haghaidh feithiclí lánchríochnaithe. Dá bhrí sin, is iomchuí gan ach a cheangal ar an mbonnfheithicil an Rialachán seo a chomhlíonadh ***ag an gcéim seo***. ***Mar thoradh air sin, níor cheart cabhail feithiclí ilchéimneacha nach n-áirítear sa bhonnfheithicil a áireamh i raon feidhme na freagrachta leathnaithe táirgeora.***

Leasú 12
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a)Tá carbháin mhótair agus carbháin leantóra éagsúil ó ghnáthfheithiclí nó gnáthleantóirí, toisc gurb é an phríomhfheidhm atá acu cóiríocht seachas iompar. Socraítear go leor carbháin leantóra go buan mar thithe saoire, úsáidtear iad i gcomhair cóiríocht shéasúrach, agus fanann siad feidhmiúil ar feadh na mblianta. Níor cheart na haonaid sin a aicmiú mar fheithiclí a bhfuil a ré caite ós rud é go leanann siad de bheith ag feidhmiú mar thithíocht, go minic neamhchláraithe, as a n-eascraíonn mí-aicmiú mar fheithiclí atá ar iarraidh. Tógtar na carbháin sin le comhpháirteanna neamh-uathghluaisneacha amhail

adhmad, troscán, córais uisce agus córais leictreacha tí, atá lasmuigh de raon feidhme saoráidí athchúrsála feithiclí. I bhfianaise a gcineáil shainchuspóirigh, a gcomhdhéanaimh ábhair shainiúil, agus a n-úsáide leanúnaí, ba cheart mótarcharbháin agus carbháin leantóra a eisiamh ón Rialachán seo.

Leasú 13
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Baineann ceann de na dúshláin phraiticiúla is mó a bhaineann le cur i bhfeidhm Threoir 2000/53/CE le cinneadh cé acu atá nó nach bhfuil feithicil tagtha chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite, ***go háirithe*** i gcásanna loingsithe feithiclí trasteorann. D'ainneoin treoraíocht[46] a bheith eisithe maidir leis an tsaincheist sin, baineann fadhbanna leis an measúnú sin fós. Is gá, dá bhrí sin, critéir bheachta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de a sholáthar lena bhféadfar feithicil a bhfuil a ré caite a chinneadh. Ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha agus na húinéirí feithiclí uile, a dhéileálann le feithiclí a bhfuil a ré caite, na critéir sin a úsáid.	(11) Baineann ceann de na dúshláin phraiticiúla is mó a bhaineann le cur i bhfeidhm Threoir 2000/53/CE le cinneadh cé acu atá nó nach bhfuil feithicil tagtha chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite i gcásanna loingsithe trasteorann ***agus onnmhairithe*** feithiclí. D'ainneoin treoraíocht[46] a bheith eisithe maidir leis an tsaincheist sin, baineann fadhbanna leis an measúnú sin fós. Is gá, dá bhrí sin, critéir bheachta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de a sholáthar lena bhféadfar feithicil a bhfuil a ré caite a chinneadh. Ba cheart do na húdaráis ***inniúla ábhartha uile,*** na hoibreoirí eacnamaíocha uile agus na húinéirí feithiclí uile, a dhéileálann le feithiclí a bhfuil a ré caite, na critéir sin a úsáid.
[46] Treoirlínte Uimh. 9 ó na Comhfhreagraithe maidir le feithiclí dramhaíola a loingsiú,	[46] Treoirlínte Uimh. 9 ó na Comhfhreagraithe maidir le feithiclí dramhaíola a loingsiú,

https://ec.europa.eu/environment/pdf/waste/shipments/correspondents_guidelines9_en.pdf

https://ec.europa.eu/environment/pdf/waste/shipments/correspondents_guidelines9_en.pdf

Leasú 14
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Beidh gá le ceanglais chiorclaíochta chomhchuibhithe a chur ar bun, a fhíorófar ag an gcéim chineálcheadaithe, chun aghaidh a thabhairt ar dhearadh na bhfeithiclí uile a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus ar a gcéim deireadh ré chomh maith. Feithiclí a dhearadh agus a mhonarú chun a áirithiú go mbeidh a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna in-athúsáidte, agus go mbeidh na hábhair iontu in-athchúrsáilte, tá sé sin fíor-riachtanach chun a sheachaint nach féidir luach ceart a chur ar na páirteanna, comhpháirteanna ná ábhair sin nuair a shroichfidh feithicil deireadh a ré. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróirí feithiclí agus dá soláthróirí straitéisí um dhearadh a chomhtháthú a chuirfidh feabhas ar an ath-inúsáidteacht agus ar an in-athchúrsáilteacht ag céim luath i bhforbairt feithiclí nua. Dá réir sin, ba cheart leanúint de chineálacha nua feithicle a thógáil ar bhealach chun go mbeidh íosmhéid 85 % de réir maise díobh in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte agus suas le híosmhéid 95 % de réir maise díobh in-athúsáidte nó in-aisghabhála, rud a ndéantar foráil maidir leis cheana féin i dTreoir 2005/64/CE. Chun a	(13) Beidh gá le ceanglais chiorclaíochta chomhchuibhithe a chur ar bun, a fhíorófar ag an gcéim chineálcheadaithe, chun aghaidh a thabhairt ar dhearadh na bhfeithiclí uile a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus ar a gcéim deireadh ré chomh maith. Feithiclí a dhearadh agus a mhonarú chun a áirithiú go mbeidh a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna in-athúsáidte, agus go mbeidh na hábhair iontu in-athchúrsáilte, tá sé sin fíor-riachtanach chun a sheachaint nach féidir luach ceart a chur ar na páirteanna, comhpháirteanna ná ábhair sin nuair a shroichfidh feithicil deireadh a ré. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróirí feithiclí agus dá soláthróirí straitéisí um dhearadh a chomhtháthú a chuirfidh feabhas ar an ath-inúsáidteacht agus ar an in-athchúrsáilteacht ag céim luath i bhforbairt feithiclí nua. Dá réir sin, ba cheart leanúint de chineálacha nua feithicle a thógáil ar bhealach chun go mbeidh íosmhéid 85 ***faoin gcéad*** de réir maise díobh in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte agus suas le híosmhéid 95 ***faoin gcéad*** de réir maise díobh in-athúsáidte nó in-aisghabhála, rud a ndéantar foráil maidir leis cheana féin i dTreoir 2005/64/CE. Chun a

áirithiú go ndéanfar na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta a ríomh ar bhealach aonfhoirmeach agus gur féidir faireachán a dhéanamh air sin, ba cheart modheolaíocht nua a bhunú chun na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta feithicle a ríomh agus a fhíorú. Ba cheart léiriú níos fearr a dhéanamh leis an modheolaíocht sin ar acmhainneacht iarbhír feithicle nua lena hathchúrsáil, a athúsáid agus a aisghabháil ag deireadh a ré, agus an dul chun cinn teicneolaíoch leanúnach á chur san áireamh. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modheolaíocht mar sin a bhunú. Go dtí go mbunófar an mhodheolaíocht sin, ba cheart leanúint de na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta a ríomh i gcomhréir le caighdeán ISO 22628:2002, mar is amhlaidh i dTreoir 2005/64/CE.

áirithiú go ndéanfar na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta a ríomh ar bhealach aonfhoirmeach agus gur féidir faireachán a dhéanamh air sin, ba cheart modheolaíocht nua a bhunú chun na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta feithicle a ríomh agus a fhíorú. Ba cheart léiriú níos fearr a dhéanamh leis an modheolaíocht sin ar acmhainneacht iarbhír feithicle nua lena hathchúrsáil, a athúsáid agus a aisghabháil ag deireadh a ré, agus an dul chun cinn teicneolaíoch leanúnach á chur san áireamh. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an mhodheolaíocht sin a bhunú ***agus caighdeán ISO 22628:2002 á chur i gcuntas.*** Go dtí go mbunófar an mhodheolaíocht sin, ba cheart leanúint de na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta a ríomh i gcomhréir le caighdeán ISO 22628:2002, mar is amhlaidh i dTreoir 2005/64/CE. ***Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gCoimisiún modheolaíocht ábhartha na Náisiún Aontaithe a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin chun coinbhleacht le modheolaíocht an Aontais a chosc agus chun an t-ualach ar mhonaróirí a laghdú.***

Leasú 15
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a)Is colún bunúsach de gheilleagar mótarfheithiclí atá fíor-inbhuanaithe agus ciorclach é indeisitheacht feithiclí a áirithiú ar feadh a saolré. Níor cheart feithiclí a aicmiú roimh am mar fheithiclí a bhfuil a ré caite nuair a bheidh siad fós indeisithe, toisc go mbeadh dramhaíl neamhriachtanach, neamhéifeachtúlachtaí eacnamaíocha, agus ualach míchuí ar úinéirí feithiclí mar thoradh air sin. Níor cheart a mheas gur feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil ach amháin nuair nach féidir í a athbhunú go réasúnach chun ceanglais tástála ródacmhainneachta a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, go bhfuil riosca sábháilteachta ag baint léi d'úsáideoirí bóithre.

Leasú 16
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13b) Braitheann fad saoil feithiclí ní hamháin ar a ndearadh tosaigh ach freisin ar infhaighteacht seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála inacmhainne agus iomaíocha. Ba cheart deisitheoirí neamhspleácha a bheith in ann oibriú faoi dhálaí cothroma trédhearcacha chun a áirithiú nach mbeidh tomhaltóirí ag brath go

hiomlán ar líonraí deisiúcháin atá faoi rialú monaróirí, rud a d'fhéadfadh iomaíocht a theorannú, costais a mhéadú, agus infhaighteacht seirbhíse a laghdú murach sin. Ba cheart bacainní ar dheisiú, lena n-áirítear srianta ar rochtain ar pháirteanna spártha, uirlisí diagnóiseacha, nascadh páirteanna gan údar le feithicil shonrach, agus faisnéis theicniúil, a chosc chun rogha na dtomhaltóirí a chosaint agus chun úsáid éifeachtúil acmhainní a áirithiú.

Leasú 17
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Le Treoir 2000/53/CE, cuirtear srian cheana féin ar úsáid luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh i bhfeithiclí agus soláthraítear díolúintí, i gcás ina bhféadfar na substaintí sin a úsáid i bhfeidhmeanna áirithe. Ba cheart an Rialachán seo na rialacha sin atá ann cheana a ghlacadh chuige féin. Mar sin féin, chun comhleanúnachas na reachtaíochta maidir le ceimiceáin a áirithiú, ba cheart aghaidh a thabhairt ar shrianta maidir le cur ar an margadh agus úsáid substaintí eile i bhfeithiclí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48]. Ar an mbealach céanna, maidir le srianta ar úsáid na substaintí a rialáiltear i	(15) Le Treoir 2000/53/CE, cuirtear srian cheana féin ar úsáid luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh i bhfeithiclí agus soláthraítear díolúintí, i gcás ina bhféadfar na substaintí sin a úsáid i bhfeidhmeanna áirithe. Ba cheart an Rialachán seo na rialacha sin atá ann cheana a ghlacadh chuige féin. Mar sin féin, chun comhleanúnachas na reachtaíochta maidir le ceimiceáin a áirithiú, ba cheart aghaidh a thabhairt ar shrianta maidir le cur ar an margadh agus úsáid substaintí eile i bhfeithiclí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48]. Ar an mbealach céanna, maidir le srianta ar úsáid na substaintí a rialáiltear i

Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49], ba cheart iad ***a thabhairt isteach*** ar bhonn fhorálacha an Rialacháin sin. ***Dá bhrí sin, níor cheart an Rialachán seo an deis a sholáthar aon substaint eile a shrianadh seachas luaidhe, mearcair, caidmiam agus cróimiam heicsifhiúsach i bhfeithiclí.***

Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart iad ***a urramú*** ar bhonn fhorálacha an Rialacháin sin.

---

[48] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

[49] Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

[48] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

[49] Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

Leasú 18
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a)Chun comhlíonadh an Rialacháin seo a éascú agus chun treoir a sholáthar maidir leis na srianta ar shubstaintí ar údar imní iad atá i bhfeithiclí, ach freisin maidir leis na srianta sin a chuireann bac ar athchúrsáil le haghaidh amhábhair thánaisteacha atá sábháilte agus ar ardchaighdeán, is iomchuí mapáil a dhéanamh ar shubstaintí ar údar imní iad. Ba cheart don Choimisiún é sin a dhéanamh, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('an Ghníomhaireacht'). Ba cheart don Choimisiún bearta leantacha iomchuí a dhéanamh ina leith sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Leasú 19
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Soláthraítear i dTreoir 2000/53/CE díolúintí ó na srianta ar úsáid luaidhe agus caidmiam i gceallraí a úsáidtear i bhfeithiclí, rud a nglacann an Rialachán seo chuige. Mar sin féin, déantar úsáid na substaintí i gceallraí a rialáil go cuimsitheach i Rialachán (AE) Uimh. ***2023/[Ceallraí]*** ó	(16) Soláthraítear i dTreoir 2000/53/CE díolúintí ó na srianta ar úsáid luaidhe agus caidmiam i gceallraí a úsáidtear i bhfeithiclí, rud a nglacann an Rialachán seo chuige. Mar sin féin, déantar úsáid na substaintí i gceallraí a rialáil go cuimsitheach i Rialachán (AE) ***2023/1542*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50]. Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na substaintí sin agus na srianta agus na díolúintí a bhaineann leo a aistriú le himeacht ama, de réir mar is iomchuí, chuig an Rialachán sin agus níor cheart iad a rialáil sa Rialachán seo. Sula dtabharfar na srianta sin isteach faoi Rialachán (AE) Uimh. 2023/[Ceallraí], ba cheart measúnú cuimsitheach a dhéanamh faoin Rialachán sin chun meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an bhfuil gá le díolúine fós agus ar an raon feidhme ina bhfuil gá léi.

---

[50] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [dáta] 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L […]).

gComhairle[50]. Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na substaintí sin agus na srianta agus na díolúintí a bhaineann leo a aistriú le himeacht ama, de réir mar is iomchuí, chuig an Rialachán sin agus níor cheart iad a rialáil sa Rialachán seo. Sula dtabharfar na srianta sin isteach faoi Rialachán (AE) Uimh. 2023/[Ceallraí], ba cheart measúnú cuimsitheach a dhéanamh faoin Rialachán sin chun meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an bhfuil gá le díolúine fós agus ar an raon feidhme ina bhfuil gá léi.

---

[50] Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj).

Leasú 20
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Chun an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh, ba cheart leanúint den chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an	(17) Chun an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh, ba cheart leanúint den chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an

gCoimisiún i leith leasú a dhéanamh ar dhíolúintí ó shrianta ar úsáid luaidhe, mearcair, caidmiam agus cróimiam heicsifhiúsaigh i bhfeithiclí faoin Rialachán seo. Roimh na díolúintí sin a mhodhnú nó a scriosadh, ba cheart measúnú a dhéanamh ar thionchair shocheacnamaíocha an athraithe sin, rud atá ar iarraidh i dTreoir 2000/53/CE, lena n-áirítear infhaighteacht na substaintí malartacha a mheas mar aon leis na tionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ar feadh shaolré na bhfeithiclí. Chun cinnteoireacht, comhordú agus bainistíocht éifeachtach a áirithiú i leith na ngnéithe teicniúla, eolaíocha agus riaracháin a bheidh i gceist leis an Rialachán seo a leasú i ndáil le srianta ar úsáid substaintí i bhfeithiclí, ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán cúnamh a thabhairt don Choimisiún sa mheasúnú sin.

	gCoimisiún i leith leasú a dhéanamh ar dhíolúintí ó shrianta ar úsáid luaidhe, mearcair, caidmiam agus cróimiam heicsifhiúsaigh i bhfeithiclí faoin Rialachán seo. Roimh na díolúintí sin a mhodhnú nó a scriosadh, ba cheart measúnú a dhéanamh ar thionchair shocheacnamaíocha an athraithe sin, rud atá ar iarraidh i dTreoir 2000/53/CE, lena n-áirítear infhaighteacht na substaintí malartacha a mheas mar aon leis na tionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ar feadh shaolré na bhfeithiclí. ***Sula nglacfaidh sé an gníomh tarmligthe sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le saineolaithe agus geallsealbhóirí ábhartha chun a áirithiú go gcuirfear tionchair shocheacnamaíocha níos leithne san áireamh, mar aon leis na héifeachtaí ar shláinte an duine agus ar shláinte an chomhshaoil.*** Chun cinnteoireacht, comhordú agus bainistíocht éifeachtach a áirithiú i leith na ngnéithe teicniúla, eolaíocha agus riaracháin a bheidh i gceist leis an Rialachán seo a leasú i ndáil le srianta ar úsáid substaintí i bhfeithiclí, ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán cúnamh a thabhairt don Choimisiún sa mheasúnú sin.
Leasú 21 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 18**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Chun an chiorclaíocht san earnáil mótarfheithiclí a mhéadú,	(18) Chun an chiorclaíocht san earnáil mótarfheithiclí a mhéadú,

ba cheart feithiclí a dhearadh agus a mhonarú de réir a chéile ar bhealach lena gcuirfear ábhair athchúrsáilte seachas amhábhair phríomhúla ina gcodanna díobh. Le úsáid na n-ábhar athchúrsáilte, is féidir úsáid a bhaint as ábhair atá níos tíosaí ar acmhainní, déantar an táirgeadh a dhícharbónú agus tionchair chomhshaoil dhiúltacha a bhaineann le húsáid na n-amhábhar príomhúil a laghdú. Ciorclaíocht mhéadaithe le haghaidh na bhfeithiclí a mhonaraítear i dtríú tíortha a chuirtear ar mhargadh an Aontais, rannchuideoidh sé sin freisin le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar an leibhéal domhanda agus san Aontas. ***Laghdaíonn*** sí spleáchais ar amhábhair agus ar fhuinneamh atá nasctha le soláthar na n-amhábhar príomhúil agus an tráth céanna, treisíonn sí an margadh le haghaidh amhábhair thánaisteacha. Cé nach bhfuil aon cheanglas ann a bhaineann le húsáid an ábhair athchúrsáilte ar an leibhéal domhanda, tá ábhair athchúrsáilte curtha isteach ina gcodanna dá bhfeithiclí ag roinnt mhaith monaróirí cheana féin. Ach spriocanna agus forálacha aonfhoirmeacha a leagan síos maidir leis an mbealach chun an cion athchúrsáilte a ríomh, soláthrófar deimhneacht dhlíthiúil agus rannchuideofar le hiomaíocht chothrom a chruthú idir monaróirí. Beidh feidhm ag na ceanglais maidir leis na monaróirí uile a bheartaíonn feithiclí a chur ar mhargadh an Aontais, gan beann ar an áit a bhfuil siad bunaithe. Agus tábhacht na slabhraí luacha domhanda san earnáil mótarfheithiclí á haithint, ba

ba cheart feithiclí a dhearadh agus a mhonarú de réir a chéile ar bhealach lena gcuirfear ábhair athchúrsáilte seachas amhábhair phríomhúla ina gcodanna díobh ***agus feidhmíocht sábháilteachta feithiclí á coinneáil***. Le úsáid na n-ábhar athchúrsáilte, is féidir úsáid a bhaint as ábhair atá níos tíosaí ar acmhainní, déantar an táirgeadh a dhícharbónú agus tionchair chomhshaoil dhiúltacha a bhaineann le húsáid na n-amhábhar príomhúil a laghdú. Ciorclaíocht mhéadaithe le haghaidh na bhfeithiclí a mhonaraítear i dtríú tíortha a chuirtear ar mhargadh an Aontais, rannchuideoidh sé sin freisin le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar an leibhéal domhanda agus san Aontas. ***Neartaítear leis freisin uathriail straitéiseach agus iomaíochas an Aontais trí*** spleáchais amhábhar agus fuinnimh atá nasctha le soláthar amhábhar príomhúil ***a laghdú, go háirithe trí rannchuidiú le hamhábhair chriticiúla luachmhara a choinneáil laistigh den Aontas*** agus an margadh le haghaidh amhábhair thánaisteacha ***á threisiú*** ag an am céanna. Cé nach bhfuil aon cheanglas ann a bhaineann le húsáid an ábhair athchúrsáilte ar an leibhéal domhanda, tá ábhair athchúrsáilte curtha isteach ina gcodanna dá bhfeithiclí ag roinnt mhaith monaróirí cheana féin. Ach spriocanna agus forálacha aonfhoirmeacha a leagan síos maidir leis an mbealach chun an cion athchúrsáilte a ríomh, soláthrófar deimhneacht dhlíthiúil agus rannchuideofar le hiomaíocht chothrom a chruthú idir monaróirí. Beidh feidhm ag

cheart an Rialachán foinsiú amhábhair thánaisteacha ó lasmuigh den Aontas Eorpach a cheadú.

na ceanglais maidir leis na monaróirí uile a bhfuil sé beartaithe acu feithiclí a chur ar mhargadh an Aontais, ***lena n-áirítear trí mhargaí ar líne,*** gan beann ar an áit a bhfuil siad bunaithe**.** Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le slabhraí luacha domhanda san earnáil mótarfheithiclí, ba cheart go gceadófaí leis an Rialachán na hamhábhair thánaisteacha a fhoinsiú ó lasmuigh den Aontas. ***Ba cheart bearta lena gcosnaítear slándáil post agus lena gcruthaítear deiseanna nua fostaíochta a bheith ag gabháil leis an aistriú i dtreo an gheilleagair chiorclaigh san earnáil mótarfheithiclí. Ba cheart don Rialachán seo a bheith in ann tacú le hoibrithe trí aistriú cóir, trí ghnéithe inbhuanaitheachta sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a chomhtháthú.***

Leasú 22
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) I bhfianaise ráta íseal na hathchúrsála le haghaidh na bplaisteach, go háirithe ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, agus thionchair dhiúltacha fhoriomlána na bhfoirmeacha eile chun dramhaíl phlaisteach a chóireáil, is iomchuí glacadh na bplaisteach athchúrsáilte i bhfeithiclí a mhéadú. Chuige sin, ba cheart sprioc shainordaitheach maidir le plaisteach arna athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais a	(19) I bhfianaise ráta íseal na hathchúrsála le haghaidh na bplaisteach, go háirithe ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, agus thionchair dhiúltacha fhoriomlána na bhfoirmeacha eile chun dramhaíl phlaisteach a chóireáil, is iomchuí glacadh na bplaisteach athchúrsáilte i bhfeithiclí a mhéadú. Chuige sin, ba cheart sprioc shainordaitheach maidir le plaisteach arna athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais a

áireamh i bhfeithiclí nua. Dá réir sin, ba cheart ***25*** faoin gcéad de phlaisteach arna athchúrsáil ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais a bheith i ngach cineál feithicle. Ba cheart ***25*** faoin gcéad den sprioc sin maidir leis an gcion athchúrsáilte le haghaidh na bplaisteach a bhaint amach trí phlaistigh arna n-athchúrsáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a áireamh sa chineál feithicle lena mbaineann. ***Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an oibleagáid sin a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modheolaíocht a bhunú maidir le cion na bplaisteach arna n-aisghabháil ó dhramhaíl iarthomhaltais, agus ó fheithiclí a bhfuil a ré caite faoi seach, atá i láthair agus a ionchorpraítear sa chineál feithicle, a ríomh agus a fhíorú.***

Leasú 23
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a)Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a

áireamh i bhfeithiclí nua. Dá réir sin, ba cheart ***20*** faoin gcéad de phlaisteach arna athchúrsáil ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais a bheith i ngach cineál feithicle. Ba cheart ***15*** faoin gcéad den sprioc sin maidir leis an gcion athchúrsáilte le haghaidh na bplaisteach a bhaint amach trí phlaistigh arna n-athchúrsáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a áireamh sa chineál feithicle lena mbaineann. Chun ***an pheirspictíocht fhadtéarmach is gá*** a áirithiú don ***tionscal agus chun infheistíochtaí a scaoileadh, ba cheart do mhonaróirí, ag céim níos déanaí, sprioc 25 faoin gcéad ar a laghad de phlaisteach a athchúrsáiltear ó*** dhramhaíl ***phlaisteach*** iarthomhaltais ***a bhaint amach, ach amháin má fhágann easpa infhaighteachta nó praghsanna iomarcacha na bplaisteach athchúrsáilte is gá go bhfuil sé ródheacair an sprioc sin a chomhlíonadh. Chun solúbthacht leordhóthanach a thairiscint chun na spriocanna sin a bhaint amach, ba cheart do mhonaróirí a bheith in ann suas le 50 faoin gcéad de a bhaint amach trí dhramhaíl réamhthomhaltais a úsáid.***

fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le modheolaíocht a bhunú chun sciar na bplaisteach arna n-aisghabháil ó dhramhaíl iarthomhaltais agus réamhthomhaltais agus ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, faoi seach, atá i láthair sa chineál feithicle agus a ionchorpraítear ann a ríomh agus a fhíorú, agus an teicneolaíocht athchúrsála is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear athchúrsáil mheicniúil agus cheimiceach, á cur i gcuntas. Chun machaire comhréidh a ráthú, is gá aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní chomhshaoil ghaolmhara ar bhealach neamh-idirdhealaitheach maidir le plaisteach athchúrsáilte a tháirgtear sa bhaile agus a allmhairítear. Chuige sin, ba cheart plaistigh athchúrsáilte ó dhramhaíl réamhthomhaltais a chomhtháthaítear i bhfeithiclí a allmhairítear san Aontas a bheith faoi réir coinníollacha coibhéiseacha maidir le hastaíochtaí agus bailiú ar leithligh agus critéir inbhuanaitheachta le haghaidh teicneolaíochtaí athchúrsála.

Leasú 24
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Tá an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na húsáideoirí cruach is mó dá bhfuil ann agus tá glacadh reatha na cruach athchúrsáilte i bhfeithiclí nua fós íseal. Chun rannchuidiú leis an lorg carbóin a bhaineann le táirgeadh feithiclí nua a ísliú agus chun tacú le haistriú na hearnála mótarfheithiclí i dtreo na haeráidneodrachta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le sciar íosta cruach arna athchúrsáil ó dhramhaíl chruach iarthomhaltais, atá le bheith i láthair agus le a hionchorprú sna cineálacha feithicle, a bhunú. Sula mbunófar sprioc amach anseo, ba cheart don Choimisiún staidéar tiomnaithe a dhéanamh lena gcumhdófar na tosca teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha uile a bhaineann le hindéantacht na sprice sin. ***Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modheolaíocht a bhunú*** maidir leis an sciar cruach arna aisghabháil ó ***dhramhaíl chruach iarthomhaltais*** atá i láthair agus a ionchorpraítear sa chineál feithicle, a ríomh agus a fhíorú.	(20) Tá an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na húsáideoirí cruach is mó dá bhfuil ann agus tá glacadh reatha na cruach athchúrsáilte i bhfeithiclí nua fós íseal. Chun rannchuidiú leis an lorg carbóin a bhaineann le táirgeadh feithiclí nua a laghdú agus chun tacú le haistriú na hearnála mótarfheithiclí i dtreo na haeráidneodrachta, ***ba cheart sprioc a leagan síos maidir le cruach athchúrsáilte ó fhuíoll feiriúil a chomhtháthú i bhfeithiclí nua. Ina theannta sin,*** ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le sciar íosta cruach arna hathchúrsáil ó ***fhuíoll feiriúil a bhunú, lena n-áirítear cruach chothrom agus fhada charbóin agus finte táirgí cruach dosmálta,*** atá le bheith i láthair agus le hionchorprú i gcineálacha feithiclí. Sula mbunófar sprioc amach anseo, ba cheart don Choimisiún staidéar tiomnaithe a dhéanamh lena gcumhdófar na tosca teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha ábhartha uile a bhaineann le hindéantacht na sprice sin***, agus lena n-áirítear freisin tionchair ar earnálacha eile ina n-úsáidtear cruach agus astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda. Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir tacair éagsúla táirgí cruach laistigh den fheithicil, toisc go dtáirgtear iad trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla a***

bhfuil srianta éagsúla orthu maidir le dramh feiriúil a úsáid maidir lena gcumas ábhar copair a fhulaingt agus cuimsiúcháin cháithníní fánacha miotail neamhbheartaithe eile. Chun ***gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le modheolaíocht a bhunú chun*** sciar na cruach a aisghabhtar ó ***fhuíoll feiriúil*** atá sa chineál feithicle agus atá ionchorpraithe ann a ríomh agus a fhíorú.

Leasú 25
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a)Tá an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na húsáideoirí alúmanaim is mó freisin, arb ionann í agus níos mó ná 40 faoin gcéad d'éileamh iomlán an Aontais, agus tá an úsáid ag dul i méid. Tá glacadh reatha an alúmanaim athchúrsáilte i bhfeithiclí nua íseal. Chun rannchuidiú leis an lorg carbóin a bhaineann le táirgeadh feithiclí nua a laghdú agus chun tacú le haistriú na hearnála mótarfheithiclí i dtreo na haeráidneodrachta, tomhaltas fuinnimh agus costais a laghdú, agus athléimneacht a

fheabhsú trí spleáchais ar sholáthairtí amhábhar príomhúil a laghdú, is iomchuí glacadh alúmanaim athchúrsáilte i bhfeithiclí a mhéadú. Chuige sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le sciar íosta d'alúmanam arna athchúrsáil atá le bheith i láthair agus le hionchorprú i gcineálacha feithiclí a bhunú. Sula mbunófar sprioc amach anseo, ba cheart don Choimisiún staidéar tiomnaithe a dhéanamh lena gcumhdófar na tosca teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha uile a bhaineann le hindéantacht na sprice sin. Chun gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le modheolaíocht a bhunú chun sciar an alúmanaim agus a chóimhiotail a aisghabhtar ó fhuíoll agus atá ionchorpraithe sa chineál feithicle a ríomh agus a fhíorú.

Leasú 26
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Tá an deis ann úsáid an chion athchúrsáilte i bhfeithiclí a mhéadú le haghaidh ábhair eile a úsáideann an earnáil mótarfheithiclí go coiteann dá bhfuil margaí le haghaidh amhábhair thánaisteacha tearcfhorbartha, dá bhfuil an lorg comhshaoil atá nasctha le táirgeadh na n-amhábhar príomhúil ard nó dá bhfuil leibhéil athchúrsála teoranta, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar theicneolaíochtaí sórtála agus athchúrsála. Dá bhrí sin, is iomchuí dá bhrí sin don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an inmhianaitheacht, an indéantacht agus na tionchair a bheadh i gceist le spriocanna a leagan amach maidir leis an gcion athchúrsáilte neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam, agus bóróin a úsáidtear i mbuanmhaighnéid ***agus le haghaidh alúmanaim agus a chóimhiotail,*** nó maignéisiam agus a chóimhiotail. Ó thaobh a indéanta a bheadh sé spriocanna a shocrú maidir le cineálacha sonracha de chóimhiotail alúmanaim agus maignéisiam, ba cheart aghaidh a thabhairt leis an staidéar ar mheaitseáil an éilimh leis an soláthar tánaisteach i gcoitinne agus imscrúdú a dhéanamh go háirithe ar an gcomhbhabhtáil idir barainneachtaí scála a uasmhéadú trí líon íosta finte cóimhiotal a shonrú versus coimeád luacha a uasmhéadú tríd shórtáil lena mbeidh raon níos leithne de chineálacha cóimhiotail sonracha ann.	(21) Tá an deis ann úsáid an chion athchúrsáilte i bhfeithiclí a mhéadú le haghaidh ábhair eile a úsáideann an earnáil mótarfheithiclí go coiteann dá bhfuil margaí le haghaidh amhábhair thánaisteacha tearcfhorbartha, dá bhfuil an lorg comhshaoil atá nasctha le táirgeadh na n-amhábhar príomhúil ard nó dá bhfuil leibhéil athchúrsála teoranta, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar theicneolaíochtaí sórtála agus athchúrsála. Dá bhrí sin, is iomchuí dá bhrí sin don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an inmhianaitheacht, an indéantacht agus na tionchair a bheadh i gceist le spriocanna a leagan amach maidir leis an gcion athchúrsáilte neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam, agus bóróin a úsáidtear i mbuanmhaighnéid nó maignéisiam agus a chóimhiotail. Ó thaobh a indéanta a bheadh sé spriocanna a shocrú maidir le cineálacha sonracha de chóimhiotail alúmanaim agus maignéisiam, ba cheart aghaidh a thabhairt leis an staidéar ar mheaitseáil an éilimh leis an soláthar tánaisteach i gcoitinne agus imscrúdú a dhéanamh go háirithe ar an gcomhbhabhtáil idir barainneachtaí scála a uasmhéadú trí líon íosta finte cóimhiotal a shonrú versus coimeád luacha a uasmhéadú tríd shórtáil lena mbeidh raon níos leithne de chineálacha cóimhiotail sonracha ann.

Leasú 27
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Chun borradh a chur faoi na margaí tearcfhorbartha le haghaidh amhábhair thánaisteacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith sciar íosta ***alúmanaim agus a chóimhiotal***, maignéisiam agus a chóimhiotal, neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam nó bóróin arna athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais a bheidh i láthair agus a ionchorprófar sna cineálacha feithiclí a bhunú. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide sin a áirithiú, ba cheart ***cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modheolaíocht a bhunú*** maidir leis an sciar de na hábhair arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais i gcineálacha feithicle, a ríomh agus a fhíorú. Is gá an mhodheolaíocht chun na sainmhínithe ar fhuíoll iarthomhaltais agus ar fhuíoll réamhthomhaltais a shoiléiriú. Is ábhartha é sin chun feabhsú na cáilíochta agus coimeád luacha a spreagadh, go háirithe le haghaidh codáin iarthomhaltais. Chun an dícharbónú a chur chun cinn trí chion athchúrsáilte níos mó a úsáid, is gá sainmhínithe	(22) Chun borradh a chur faoi na margaí tearcfhorbartha le haghaidh amhábhair thánaisteacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith sciar íosta maignéisiam agus a chóimhiotal, neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam samairiam nó bóróin arna athchúrsáil ó dhramhaíl ***réamhthomhaltais agus*** iarthomhaltais a bheidh i láthair agus a ionchorprófar sna cineálacha feithiclí a bhunú. Chun ***gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le modheolaíocht a bhunú*** maidir leis an sciar de na hábhair arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl ***réamhthomhaltais agus*** iarthomhaltais i gcineálacha feithicle, a ríomh agus a fhíorú. Is gá an mhodheolaíocht chun na sainmhínithe ar fhuíoll iarthomhaltais agus ar fhuíoll réamhthomhaltais a shoiléiriú. Is ábhartha é sin chun feabhsú na cáilíochta agus coimeád luacha a spreagadh, go háirithe le haghaidh codáin iarthomhaltais.

soiléire chun athchúrsáil draimh iarthomhaltais a dhreasú, agus an tráth céanna, úsáid draimh réamhthomhaltais á íoslaghdú, rud lena mbaineann an lorg carbóin céanna agus a bhaineann leis an amhábhar príomhúil go hiondúil.

Chun an dícharbónú a chur chun cinn trí chion athchúrsáilte níos mó a úsáid, is gá sainmhínithe soiléire chun athchúrsáil draimh iarthomhaltais a dhreasú, agus an tráth céanna, úsáid draimh réamhthomhaltais á íoslaghdú, rud lena mbaineann an lorg carbóin céanna agus a bhaineann leis an amhábhar príomhúil go hiondúil.

Leasú 28
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) [***Gníomh CRM***] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], agus i bhfianaise gur gá forálacha a leagan síos sa Rialachán seo maidir leis an gcion athchúrsáilte i bhfeithiclí agus maidir le hamhábhair chriticiúla a úsáidtear i bpáirteanna agus i gcomhpháirteanna feithiclí, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin mar chur chun feidhme earnáilsonrach na bhforálacha atá i Rialachán (AE) [***Gníomh CRM***]. Áiritheofar leis sin go ndéanfar oibleagáidí éagsúla maidir le faisnéis, lipéadú agus baint a chuíchóiriú agus a chomhtháthú faoi nósanna imeachta an Rialacháin seo leis na nósanna imeachta sin le haghaidh páirteanna, comhpháirteanna agus ábhar eile.	(23) I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) ***2024/1252***, agus i bhfianaise gur gá forálacha a leagan síos sa Rialachán seo maidir leis an gcion athchúrsáilte i bhfeithiclí agus maidir le hamhábhair chriticiúla a úsáidtear i bpáirteanna agus i gcomhpháirteanna feithiclí, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin mar chur chun feidhme earnáilsonrach na bhforálacha atá i Rialachán (AE) ***2024/1252***. Áiritheofar leis sin go ndéanfar oibleagáidí éagsúla maidir le faisnéis, lipéadú agus baint a chuíchóiriú agus a chomhtháthú faoi nósanna imeachta an Rialacháin seo leis na nósanna imeachta sin le haghaidh páirteanna, comhpháirteanna agus ábhar eile.

---

[51] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus

inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (COM(2023) 160 final).

Leasú 29
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Chun a áirithiú go ndéanfar ceallraí a athchúrsáil i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) ***2023/[Ceallraí]***, agus gur féidir mótair ríomhthiomána, ina bhfuil cainníochtaí suntasacha de dhúile tearc-chré, a athsholáthar agus a athchúrsáil freisin, is gá ceanglais nua a thabhairt isteach maidir le dearadh le haghaidh cineálacha feithiclí nua, lena n-áiritheofar gur féidir le saoráidí cóireála nó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála údaraithe na ceallraí agus na mótair ríomhthiomána sin a bhaint ar bhealach réidh le linn aon chéim de shaolré feithicle. Chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an Rialachán seo a leasú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta páirteanna agus comhpháirteanna atá le dearadh lena mbaint ó fheithiclí agus lena n-athsholáthar. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun	(24) Chun a áirithiú go ndéanfar ceallraí a athchúrsáil i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) ***2023/1542***, agus gur féidir mótair ríomhthiomána, ina bhfuil cainníochtaí suntasacha de dhúile tearc-chré, a athsholáthar agus a athchúrsáil freisin, is gá ceanglais nua a thabhairt isteach maidir le dearadh le haghaidh cineálacha ***feithiclí*** nua, lena n-áiritheofar gur féidir le saoráidí cóireála nó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála údaraithe na ceallraí agus na mótair ríomhthiomána sin a bhaint ar bhealach réidh le linn aon chéim de shaolré feithicle. ***Ba cheart don Choimisiún freisin forbairt caighdeán a spreagadh maidir le teicnící deartha agus cóimeála lena n-éascaítear cothabháil, deisiú agus athrú cuspóra ceallraí agus pacáistí ceallraí. Ar bhonn níos leithne, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an bhféidearthacht páirteanna agus comhpháirteanna feithiclí a athsholáthar, a athúsáid, a athchúrsáil, a athmhonarú nó a athfheistiú, agus chun dramhaíl a íoslaghdú, ba***

feidhme an cheanglais deartha sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.

cheart feithiclí a dhearadh ar bhealach a fhágann gur féidir an oiread páirteanna agus comhpháirteanna agus is féidir a bhaint. Ba cheart coincheap na hindéantachta teicniúla a léirmhíniú ar bhealach lena dtacaítear leis na cuspóirí sin agus lena n-éascaítear iad, agus é á aithint, i gcásanna áirithe, gur féidir le ceanglais sábháilteachta nó fheidhmiúla páirte údar a thabhairt le réitigh mhalartacha lena gcuirtear teorainn le hinbhainteacht páirte nó comhpháirte. Sna cásanna sin, ba cheart do mhonaróirí a léiriú go bhfuil gá leis an rogha sin. Chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an Rialachán seo a leasú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta páirteanna agus comhpháirteanna atá le dearadh lena mbaint ó fheithiclí agus lena n-athsholáthar. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an cheanglais deartha sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.

Leasú 30
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Chun a áirithiú go gcuirfidh monaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma gníomhaíochtaí i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais chiorclaíochta faoin Rialachán seo, agus chun iad a dhreasú chun feabhas a chur ar chiorclaíocht na gcineálacha feithicle a chuireann siad ar an margadh, ba cheart dóibh straitéis chiorclaíochta chuimsitheach a tharraingt suas ***le haghaidh gach cineáil nua agus í a sholáthar don údarás cineálcheadaithe.*** Ba cheart an straitéis sin ***a bheith bunaithe ar theicneolaíochtaí cruthaithe, atá ar fáil nó á bhforbairt tráth an iarratais ar an gcineálcheadú feithicle agus ba cheart an straitéis a*** thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil. Ba cheart don Choimisiún tuairisciú go tráthrialta maidir le ciorclaíocht na hearnála mótarfheithiclí ar bhonn na straitéisí ciorclaíochta a sholáthraíonn na monaróirí. ***Chun forbairtí teicniúla agus eolaíocha i monarú feithiclí agus i mbainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, forbairtí margaidh san earnáil mótarfheithiclí agus hathruithe rialála a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasú a dhéanamh ar an iarscríbhinn ina bhfuil ceanglais maidir le hinneachar na straitéise***	(26) Chun a áirithiú go gcuirfidh monaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma gníomhaíochtaí i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais chiorclaíochta faoin Rialachán seo, agus chun iad a dhreasú chun feabhas a chur ar chiorclaíocht na gcineálacha feithicle a chuireann siad ar an margadh, ba cheart dóibh straitéis chiorclaíochta chuimsitheach a tharraingt suas agus ***ar leibhéal an mhonaróra*** agus í a sholáthar don ***Choimisiún***. ***Mar sin féin, ba cheart do mhonaróirí a bheith in ann straitéis chiorclaíochta a tharraingt suas de réir catagóir feithicle.*** Níor cheart ***ualaí díréireacha ar mhonaróirí a bheith mar thoradh ar an straitéis sin agus ba cheart*** í a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil. Ba cheart don Choimisiún tuairisciú go tráthrialta maidir le ciorclaíocht na hearnála mótarfheithiclí ar bhonn na straitéisí ciorclaíochta a sholáthraíonn na monaróirí.

ciorclaíochta agus le nuashonruithe ar an straitéis sin.

Leasú 31
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Tá rochtain ar fhaisnéis atá cothrom le dáta agus cumarsáid thráthúil idir monaróirí feithiclí agus oibreoirí bainistithe dramhaíola ar fud an tslabhra luacha mótarfheithiclí fíor-riachtanach chun athúsáid, athmhonarú agus athriochtú páirteanna agus comhpháirteanna feithicle a uasmhéadú agus chun athchúrsáil ardcháilíochta feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróirí rochtain a sholáthar d'oibreoirí bainistithe dramhaíola agus d'oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála ar rochtain í a bheadh neamhshrianta, caighdeánaithe agus neamh-idirdhealaitheach ar fhaisnéis lena gcumasófar baint agus athsholáthar sábháilte páirteanna, comhpháirteanna agus ábhar áirithe atá i bhfeithicil. Leis an bhfaisnéis, ba cheart na hoibreoirí bainistithe dramhaíola agus na hoibreoirí deisiúcháin agus cothabhála a threorú trí na céimeanna agus treoracha soiléire a sholáthar faoi úsáid na n-uirlisí nó na dteicneolaíochtaí is gá chun rochtain a fháil ar cheallraí feithiclí leictreacha agus iad a bhaint, lena n-áirítear na huirlisí nó na teicneolaíochtaí lena gcumasófar iad a dhíluchtú go sábháilte, agus mótair	(28) Tá rochtain ar fhaisnéis atá cothrom le dáta agus cumarsáid thráthúil idir monaróirí feithiclí agus oibreoirí bainistithe dramhaíola ar fud an tslabhra luacha mótarfheithiclí fíor-riachtanach chun athúsáid, athmhonarú agus athriochtú páirteanna agus comhpháirteanna feithicle a uasmhéadú agus chun athchúrsáil ardcháilíochta feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróirí rochtain neamhshrianta, chaighdeánaithe agus neamh-idirdhealaitheach ar fhaisnéis a sholáthar d'oibreoirí bainistithe dramhaíola agus d'oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála ***chomh maith le seirbhísí éigeandála***, ***dá dtagraítear i mír 66 den fhógra ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2010 maidir le treoirlínte forlíontacha i ndáil le srianta ingearacha i gcomhaontuithe maidir le díol agus deisiú mótarfheithiclí agus maidir le dáileadh páirteanna spártha le haghaidh mótarfheithiclí,*** lenar féidir páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair áirithe atá i bhfeithicil a bhaint agus a athsholáthar go sábháilte. Leis an bhfaisnéis, ba cheart na hoibreoirí bainistithe dramhaíola agus na hoibreoirí deisiúcháin

ríomhthiomána. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith ina cuidiú freisin chun na páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair a shainaithint, a lonnú agus a bhaint, ar páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair iad ar cheart a dhíthruailliú agus a bhaint den fheithicil roimh an mionghearradh, mar aon le páirteanna agus comhpháirteanna, ina bhfuil na hamhábhair chriticiúla i mbuanmhaighnéid dá dtagraítear i Rialachán (AE) [***Gníomh CRM***]. Ba cheart é sin a dhéanamh trí ardáin cumarsáide arna mbunú ag monaróirí agus ba cheart an fhaisnéis a sholáthar saor in aisce, gan costais riaracháin a chur san áireamh. Ba cheart do na húdaráis chineálcheadaithe a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis is gá curtha isteach ag na monaróirí. ***Chun raon feidhme na faisnéise a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, arb í sin an fhaisnéis atá le soláthar ag na monaróirí do na hoibreoirí bainistithe dramhaíola agus do na*** hoibreoirí ***deisiúcháin agus cothabhála, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith Iarscríbhinn V a leasú.***

agus cothabhála a threorú trí na céimeanna agus treoracha soiléire a sholáthar faoi úsáid na n-uirlisí nó na dteicneolaíochtaí is gá chun rochtain a fháil ar cheallraí feithiclí leictreacha agus ***ar a gceallra-phacaí*** agus iad a bhaint, lena n-áirítear na huirlisí nó na teicneolaíochtaí lena gcumasófar iad a dhíluchtú go sábháilte, agus mótair ríomhthiomána. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith ina cuidiú freisin chun na páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair a shainaithint, a lonnú agus a bhaint, ar páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair iad ba cheart a dhíthruailliú agus a bhaint den fheithicil roimh an mionghearradh, mar aon le páirteanna agus comhpháirteanna, ina bhfuil na hamhábhair chriticiúla i mbuanmhaighnéid dá dtagraítear i Rialachán (AE) ***2024/1252***. ***Tá sé tábhachtach go n-urramófar cearta maoine intleachtúla go cuí, lena n-áiritheofar nach gcuirfidh rochtain ar fhaisnéis theicniúil isteach ar theicneolaíochtaí dílseánaigh ná ar rúin trádála.*** Ba cheart é sin a dhéanamh trí ardáin cumarsáide arna mbunú ag monaróirí agus ba cheart an fhaisnéis a sholáthar saor in aisce, gan costais riaracháin nach bhfuil ***toirmisceach a*** chur san áireamh. Ba cheart do na húdaráis chineálcheadaithe a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis is gá curtha isteach ag na monaróirí. ***Agus chun go gcuirfear i gcuntas gur gá tacú le hiarfheistiú feithiclí mar bhealach chun astaíochtaí a laghdú, saolréanna feithiclí a leathnú, agus***

inbhuanaitheacht a chur chun cinn, ba cheart do mhonaróirí comhar cuí le hoibreoirí ***iarfheistithe a áirithiú freisin.***

Leasú 32
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as códú digiteach chun páirteanna agus comhpháirteanna difriúla i bhfeithicil a rialú, leis an meastóireacht ar Threoir 2000/53/CE, sainaithníodh go bhféadfadh an chódáil sin bac a chur ar acmhainneacht athúsáide, athmhonaraithe agus athriochtaithe páirteanna agus comhpháirteanna áirithe. Bíonn sé fíor-riachtanach dá bhrí sin go n-iarrtar ar mhonaróirí feithiclí faisnéis a sholáthar lena bhfágfar gur féidir le hoibreoirí bainistithe dramhaíola gairmiúla na fadhbanna a bhaineann leis na páirteanna agus comhpháirteanna atá códaithe go digiteach i bhfeithicil a shárú, i gcás ina gcuirfidh an chódáil sin cosc ar oibríochtaí deisiúcháin, cothabhála nó athsholáthair i bhfeithicil eile.	(29) Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as códú digiteach chun páirteanna agus comhpháirteanna difriúla i bhfeithicil a rialú, leis an meastóireacht ar Threoir 2000/53/CE, sainaithníodh go bhféadfadh an chódáil sin bac a chur ar acmhainneacht athúsáide, athmhonaraithe agus athriochtaithe páirteanna agus comhpháirteanna áirithe. Bíonn sé fíor-riachtanach dá bhrí sin go n-iarrtar ar mhonaróirí feithiclí faisnéis a sholáthar lena bhfágfar gur féidir le hoibreoirí bainistithe dramhaíola gairmiúla ***agus oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála*** na fadhbanna a bhaineann leis na páirteanna agus comhpháirteanna atá códaithe go digiteach i bhfeithicil a shárú, i gcás ina gcuirfidh an chódáil sin cosc ar oibríochtaí deisiúcháin, cothabhála nó athsholáthair i bhfeithicil eile.

Leasú 33
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Chun cóireáil deireadh ré na bhfeithiclí a éascú, ba cheart do mhonaróirí feithiclí a sholáthar, trí uirlisí digiteacha, faisnéis chruinn, iomlán agus chothrom le dáta maidir le páirteanna agus comhpháirteanna feithiclí a bhaint agus a sholáthar go sábháilte. Ba cheart Pas Ciorclaíochta Feithicle a fhorbairt dá bhrí sin agus a chur ar fáil mar iompróir sonraí le haghaidh na faisnéise sin, ar bhealach bheadh i gcomhréir le huirlisí agus le hardáin faisnéise dhigiteacha eile atá ann cheana nó a bhfuil tuilleadh forbartha á déanamh orthu san earnáil mótarfheithiclí maidir le feidhmíocht chomhshaoil na bhfeithiclí agus é a ailíniú le forálacha comhfhreagracha i Rialachán (AE) 2023 [***Ceallraí***], Rialachán [***ESPR***] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54] agus Rialachán [***Euro 7***] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais maidir le dearadh agus le hoibriú teicniúil le haghaidh an phas a leagan síos mar aon le rialacha maidir le suíomh an iompróra sonraí nó aitheantóra eile lenar féidir rochtain a fháil ar an bpas ar an bhfeithicil.	(31) Chun cóireáil deireadh ré na bhfeithiclí a éascú, ba cheart do mhonaróirí feithiclí a sholáthar, trí uirlisí digiteacha, faisnéis chruinn, iomlán agus chothrom le dáta maidir le páirteanna agus comhpháirteanna feithiclí a bhaint agus a sholáthar go sábháilte. Ba cheart Pas Ciorclaíochta ***Digiteach*** Feithicle a cheapadh dá bhrí sin agus a chur ar fáil mar iompróir sonraí le haghaidh na faisnéise sin, ar bhealach bheadh i gcomhréir le huirlisí agus le hardáin faisnéise dhigiteacha eile atá ann cheana nó a bhfuil tuilleadh forbartha á déanamh orthu san earnáil mótarfheithiclí maidir le feidhmíocht chomhshaoil na bhfeithiclí agus é a ailíniú le forálacha comhfhreagracha i Rialachán (AE) ***2023/1542***, Rialachán ***(AE) 2024/1781*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54] agus Rialachán ***(AE) 2024/1257*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais maidir le dearadh agus le hoibriú teicniúil le haghaidh an phas a leagan síos mar aon le rialacha maidir le suíomh an iompróra sonraí nó aitheantóra eile lenar féidir rochtain a fháil ar an bpas ar an bhfeithicil. ***Agus na rialacha maidir le pas ciorclaíochta na bhfeithiclí digiteacha á leagan síos aige, ba cheart don Choimisiún an gá atá leis an ardleibhéal***

	slándála agus príobháideachais a chur i gcuntas, lena n-áirítear maidir le sonraí oibriúcháin feithiclí chun bagairtí cibearshlándála a chosc.
_____	_____
[54] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE.	***[54] Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj)***.
[55] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009.	***[55] Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme***

(AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj)..

Leasú 34
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Chun cóireáil shábháilte a bheidh neamhdhíobhálach don chomhshaol a ráthú i leith feithiclí a bhfuil a ré caite, ba cheart d'aon bhunaíocht nó gnóthas a bheartaíonn oibríochtaí cóireála dramhaíola a dhéanamh le haghaidh na bhfeithiclí sin údarú a fháil ón údarás inniúil. Níor cheart an t-údarú a dheonú ach amháin más rud é go mbeidh an inniúlacht theicniúil, airgeadais agus eagraíochtúil is gá ag an mbunaíocht nó ag an ngnóthas chun na hoibríochtaí cóireála deireadh ré a dhéanamh le haghaidh feithiclí ar bhealach a chomhlíonfaidh dlí an Aontais is infheidhme agus an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear na ceanglais chóireála shonracha a leagtar síos sa Rialachán seo. Ina theannta sin, ba cheart an inniúlacht a bheith ag saoráidí cóireála údaraithe chun deimhnithe scriosta a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo.	(33) ***Cuireann an Rialachán seo leis na rialacha bainistithe dramhaíola agus leis na prionsabail ghinearálta a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE, ar cheart iad a oiriúnú chun cineál sonrach na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a léiriú.*** Chun cóireáil shábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ar fheithiclí a bhfuil a ré caite a ráthú, ba cheart d'aon bhunaíocht nó gnóthas a bhfuil sé beartaithe acu oibríochtaí cóireála dramhaíola a dhéanamh, ***lena n-áirítear bailiú, díthruailliú agus baint páirteanna agus comhpháirteanna de na feithiclí sin***, údarú a fháil ón údarás inniúil. Níor cheart an t-údarú a dheonú ach amháin más rud é go mbeidh an inniúlacht theicniúil, airgeadais agus eagraíochtúil is gá ag an mbunaíocht nó ag an ngnóthas chun na hoibríochtaí cóireála deireadh ré a dhéanamh le haghaidh feithiclí ar bhealach a chomhlíonfaidh dlí an Aontais is infheidhme agus an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear na ceanglais chóireála shonracha a leagtar síos sa

Rialachán seo. Ina theannta sin, ba cheart an inniúlacht a bheith ag saoráidí cóireála údaraithe***, agus acu sin amháin,*** chun deimhnithe scriosta a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Leasú 35
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33a)Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit bearta a ghlacadh faoina ndlíthe náisiúnta chun a cheangal ar tháirgeoirí nó ar eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí conarthaí a thabhairt i gcrích le saoráidí cóireála údaraithe chun a n-oibleagáidí um fhreagracht táirgeoirí a chomhlíonadh. Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, lena n-áirítear geilleagar ciorclach a chur chun cinn, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha a leagan síos chun a áirithiú gur féidir leis na conarthaí sin oibriú ar théarmaí cothroma, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha a mhéid a bhaineann le catagóirí éagsúla táirgeoirí agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí.

Leasú 36
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Chun éascaíocht a dhéanamh ar fhaireachán ar chomhlíontacht na dtáirgeoirí lena n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora, ba cheart do na Ballstáit clár táirgeoirí a bhunú. Ba cheart do na ceanglais a bheith comhchuibhithe ar fud an Aontais chun an clárú a éascú, go háirithe i gcás ina gcuirfidh táirgeoirí feithiclí ar fáil i mBallstáit dhifriúla. Ba cheart an clár a úsáid freisin chun feidhmíocht na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a thuairisciú d'údaráis inniúla. Ba cheart na tréithe agus na gnéithe nós imeachta atá nasctha leis an gclár sin a bheith i gcomhréir le clár na dtáirgeoirí arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/***[Oifig na bhFoilseachán: Ceallraí]***, chun é a chur ar a gcumas do tháirgeoirí feithiclí agus táirgeoirí ceallraí an clár ceannann céanna a úsáid.	(35) Chun éascaíocht a dhéanamh ar fhaireachán ar chomhlíontacht na dtáirgeoirí lena n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora, ba cheart do na Ballstáit clár táirgeoirí a bhunú ***nó clár atá ann cheana a úsáid.*** Ba cheart do na ceanglais a bheith comhchuibhithe ar fud an Aontais chun an clárú a éascú, go háirithe i gcás ina gcuirfidh táirgeoirí feithiclí ar fáil i mBallstáit dhifriúla. Ba cheart an clár a úsáid freisin chun feidhmíocht na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a thuairisciú d'údaráis inniúla. Ba cheart na tréithe agus na gnéithe nós imeachta a bhaineann leis an gclár sin a bheith i gcomhréir le clár na dtáirgeoirí arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/1542, chun é a chur ar a gcumas do tháirgeoirí feithiclí agus táirgeoirí ceallraí an clár ceannann céanna a úsáid. ***Chun gur féidir na táirgeoirí a chlárú i ngach Ballstát, ba cheart don Choimisiún tairseach aonair a bhunú freisin ina mbeidh na naisc chuig na cláir náisiúnta uile.***

Leasú 37
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) I gcás ina gcuirfidh an táirgeoir feithiclí ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit, i gcás nach an táirgeoir bunaithe ann, ba cheart don táirgeoir ionadaí	(36) I gcás ina gcuirfidh an táirgeoir feithiclí ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit, i gcás nach an táirgeoir bunaithe ann, ba cheart don táirgeoir ionadaí

ceaptha a ainmniú le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora.

údaraithe a ainmniú le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora.

Leasú 38
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Ba cheart táirgeoirí a bheith in ann a roghnú cé acu a fheidhmeoidh siad a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, trí bhíthin eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a ghlacfadh an fhreagracht thar a gceann. Ba cheart d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí a sholáthraíonn táirgeoirí dóibh a áirithiú. Chun a áirithiú go gcuirfear leasanna na n-oibreoirí eacnamaíocha uile san áireamh i gceart agus a sheachaint nach gcuirfear oibreoirí bainistithe dramhaíola faoi mhíbhuntáiste sna cinntí a dhéanfar i scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, ba cheart ionadaíocht chothrom idir táirgeoirí agus oibreoirí bainistithe dramhaíola a áirithiú i gcomhlachtaí rialachais na n-eagraíochtaí sin.	(37) Ba cheart táirgeoirí a bheith in ann a roghnú cé acu a fheidhmeoidh siad a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, trí bhíthin eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a ghlacfadh an fhreagracht thar a gceann. Ba cheart d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí a sholáthraíonn táirgeoirí dóibh a áirithiú. Chun a áirithiú go gcuirfear leasanna na n-oibreoirí eacnamaíocha uile san áireamh i gceart agus a sheachaint nach gcuirfear oibreoirí bainistithe dramhaíola faoi mhíbhuntáiste sna cinntí a dhéanfar i scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, ba cheart ionadaíocht chothrom idir táirgeoirí agus oibreoirí bainistithe dramhaíola a áirithiú i gcomhlachtaí rialachais na n-eagraíochtaí sin. ***Go háirithe, ba cheart oibreoirí bainistithe dramhaíola a roghnú trí nós imeachta neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar chritéir dhámhachtana thrédhearcacha.***

Leasú 39
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Ba cheart ranníocaíochtaí airgeadais na dtáirgeoirí costais na bhfeachtas oideachasúil a chumhdach freisin arb é is aidhm dóibh bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a mhéadú, an córas fógartha a bhunú chun deimhnithe scriosta a eisiúint agus a aistriú agus sonraí a bhailiú agus a thuairisciú do na húdaráis inniúla. ***Tá na gníomhaíochtaí sin uile fíor-riachtanach chun bainistiú ceart feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú, go háirithe chun na feithiclí a bhfuil táirgeoirí freagrach astu i gcomhréir leis an Rialachán seo a rianú.***	(39) Ba cheart a chumhdach le ranníocaíochtaí airgeadais na dtáirgeoirí, ***i measc nithe eile,*** costais na bhfeachtas oideachais arb é is aidhm dóibh ***an pobal a chur ar an eolas agus*** bailiú feithiclí a bhfuil a ré caite ***nó bailiú*** agus tuairisciú sonraí chuig na húdaráis inniúla a mhéadú.

Leasú 40
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Toisc gur minic a thagann feithiclí chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát difriúil seachas sa Bhallstát inar cláraíodh den chéad uair iad, is gá rialacha a thabhairt isteach maidir leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora trasteorann. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha sin go gcumhdaítear i gceart le freagracht an táirgeora na costais bhailiúcháin agus chóireála arna dtabhú ag na hoibreoirí bainistithe dramhaíola sa Bhallstát ina dtagann an fheithicil chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite. Chuige sin, ba cheart	(42) Toisc gur minic a thagann feithiclí chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát difriúil seachas sa Bhallstát inar cláraíodh den chéad uair iad, is gá rialacha a thabhairt isteach maidir leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora trasteorann. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha sin go gcumhdaítear i gceart le freagracht an táirgeora na costais bhailiúcháin agus chóireála a thabhaíonn na hoibreoirí bainistithe dramhaíola sa Bhallstát ina dtagann an fheithicil chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite, ach lena n-áiritheofar an

don táirgeoir ionadaí a cheapadh le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora i ngach Ballstát agus sásraí a bhunú le haghaidh comhar trasteorann le hoibreoirí bainistithe dramhaíola ábhartha. Ach an sásra sin a thabhairt isteach, rannchuidítear le cothroime iomaíochta a chruthú idir na saoráidí cóireála údaraithe ar fud an Aontais agus éascaítear le cineálacha cur chuige a fhorbairt atá i bhfeidhm ar fud an Aontais i gcás na freagrachta táirgeora aonaraí.

tráth céanna nach n-íocfaidh an táirgeoir an táille faoi dhó. Chuige sin, ba cheart don táirgeoir ionadaí a cheapadh le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora i ngach Ballstát agus sásraí a bhunú le haghaidh comhar trasteorann agus aistriú costas le hoibreoirí bainistithe dramhaíola ábhartha. Ach an sásra sin a thabhairt isteach, rannchuidítear le cothroime iomaíochta a chruthú idir na saoráidí cóireála údaraithe ar fud an Aontais agus éascaítear le cineálacha cur chuige a fhorbairt atá i bhfeidhm ar fud an Aontais i gcás na freagrachta táirgeora aonaraí.

Leasú 41
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Rud atá ina phríomh-réamhriachtanas maidir le cóireáil stuama na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite go mbaileofar na feithiclí uile a bhfuil a ré caite. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí áirithe a fhorchur leis an Rialachán seo atá nasctha leis an mbailiú agus a bheidh ar na táirgeoirí go príomha agus ar na Ballstáit go tánaisteach. Ba cheart do tháirgeoirí na córais bhailiúcháin a bhunú nó páirt a ghlacadh ina mbunú, agus ba cheart do na Ballstáit na bearta uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh na córais i bhfeidhm agus go gcumasaíonn na córais sin cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Leis na córais bhailiúcháin, ba	(44) Rud atá ina phríomh-réamhriachtanas maidir le cóireáil stuama na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite go mbaileofar na feithiclí uile a bhfuil a ré caite. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí áirithe a fhorchur leis an Rialachán seo atá nasctha leis an mbailiú agus a bheidh ar na táirgeoirí go príomha agus ar na Ballstáit go tánaisteach. Ba cheart do tháirgeoirí ***a áirithiú go mbaileofar gach feithicil a bhfuil a ré caite a chuir siad ar fáil ar an margadh i gcríoch Ballstáit. Chuige sin, ba cheart do tháirgeoirí nó d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí*** na córais bhailiúcháin a bhunú nó páirt a ghlacadh ina mbunú, ***lena n-áirítear pointí***

cheart é a chur ar a gcumas d’úinéirí feithiclí agus sealbhóirí feithiclí eile an fheithicil a sheachadadh ar shaoráid údaraithe gan iarrachtaí ná costais gan ghá. Is éard a chiallaíonn sé sin sa chleachtas gur cheart críoch iomlán gach Ballstáit a chumhdach go hiomchuí leis na córais sin. Leis na córais sin, ba cheart gur féidir gach branda feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú mar aon le dramhpháirteanna a eascraíonn as deisiú feithiclí.

bailithe agus ba cheart do na Ballstáit na bearta uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh na córais i bhfeidhm agus go gcumasaíonn na córais sin cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Leis na córais bhailiúcháin, ba cheart é a chur ar a gcumas d’úinéirí feithiclí agus sealbhóirí feithiclí eile an fheithicil a sheachadadh ar shaoráid údaraithe gan iarrachtaí ná costais gan ghá. Is éard a chiallaíonn sé sin sa chleachtas gur cheart críoch iomlán gach Ballstáit a chumhdach go hiomchuí leis na córais sin ***agus a áirithiú go mbeidh saoráidí cóireála agus pointí bailithe údaraithe ar fáil go leormhaith.*** Leis na córais sin, ba cheart gur féidir gach branda feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú mar aon le dramhpháirteanna a eascraíonn as deisiú feithiclí.

Leasú 42
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Chun na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a bhailiú go héifeachtach, is gá an pobal a chur ar an eolas faoi na córais bailiúcháin a bheith ann. Ba cheart úinéirí feithiclí a bheith ar an eolas gur féidir leo feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh i bprionsabal, in éineacht leis an gceallra feithicle leictrí nó dá uireasa, chuig pointe bailiúcháin nó chuig saoráid chóireála saor in aisce. Leis an bhfeachtas oideachasúil ó na táirgeoirí nó ó	(46) Chun na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a bhailiú go héifeachtach, is gá an pobal a chur ar an eolas faoi na córais bailiúcháin a bheith ann. Ba cheart úinéirí feithiclí a bheith ar an eolas gur féidir leo feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh i bprionsabal, in éineacht leis an gceallra feithicle leictrí nó dá uireasa, chuig pointe bailiúcháin nó chuig saoráid chóireála saor in aisce. ***I gcás ceallra feithicle leictrí atá in easnamh, ba***

na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, ba cheart na hiarmhairtí don chomhshaol agus do shláinte an duine a bhaineann le feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú agus a chóireáil go mícheart a chur i láthair freisin.

cheart go bhfanfadh seachadadh na feithicle a bhfuil a ré caite saor in aisce i gcás ina soláthraíonn an t-úinéir deiridh doiciméadacht a chruthaíonn gur láimhsigh oibreoir gairmiúil an cheallra i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542. Leis an bhfeachtas oideachasúil ó na táirgeoirí nó ó na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, ba cheart na hiarmhairtí don chomhshaol agus do shláinte an duine a bhaineann le feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú agus a chóireáil go mícheart a chur i láthair freisin.

Leasú 43
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Ba cheart don tsaoráid chóireála údaraithe deimhniú scriosta a eisiúint chun é a dhoiciméadú gur cóireáladh feithicil a bhfuil a ré caite. Is gá sin chun maoirseacht cheart ar bhainistiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú. Na híoscheanglais maidir leis an deimhniú sin, leagtar síos iad faoi láthair i gCinneadh 2002/151/CE[57] ón gCoimisiún agus ba cheart ábhar an Chinnidh sin a áireamh sa Rialachán seo, in éineacht leis na hoiriúnuithe is gá. Ba cheart an deimhniú sin a eisiúint i bhformáid leictreonach agus a sholáthar d'úinéir deireanach feithicle a bhfuil a ré caite, agus ba cheart do na saoráidí cóireála údaraithe agus don úinéir deireanach é a tharchur chuig	(47) Ba cheart don tsaoráid chóireála údaraithe ***a bheith freagrach as*** deimhniú scriosta a eisiúint chun é a dhoiciméadú gur cóireáladh feithicil a bhfuil a ré caite. Is gá sin chun maoirseacht cheart ar bhainistiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú. Na híoscheanglais maidir leis an deimhniú sin, leagtar síos iad faoi láthair i gCinneadh 2002/151/CE[57] ón gCoimisiún agus ba cheart ábhar an Chinnidh sin a áireamh sa Rialachán seo, in éineacht leis na hoiriúnuithe is gá. Ba cheart an deimhniú sin a eisiúint i bhformáid leictreonach agus a sholáthar d'úinéir deireanach feithicle a bhfuil a ré caite, agus ba cheart do na saoráidí cóireála údaraithe agus don úinéir deireanach é a tharchur chuig

údaráis ábhartha an Bhallstáit ansin, toisc gur féidir clárúchán feithicle a chealú ach an deimhniú a chur i láthair. Leis an gcóras fógartha leictreonach, ba cheart go mbeifí in ann an doiciméid lena ndeimhnítear bailiú na feithicle a bhfuil a ré caite agus an deimhniú scriosta a tharchur.

_____

57 Cinneadh 2002/151/CE ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2002 maidir le híoscheanglais chun an deimhniú scriosta arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Threoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (IO L 50, 21.2.2002, lch. 94).

Leasú 44
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) D'ainneoin oibleagáid i dTreoir 2000/53/CE chun na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a aistriú lena gcóireáil chuig saoráid chóireála údaraithe, tá sciar an-mhór feithiclí ann nach eol cá bhfuil siad, agus a d'fhéadfadh a bheith cóireáilte nó onnmhairithe go neamhdhleathach mar fheithiclí a bhfuil a ré caite, nó nach bhfuil a stádas tuairiscithe i gceart d'údaráis chlárúcháin na mBallstát. Tagraítear do na feithiclí sin mar 'feithiclí ar iarraidh'. Ba cheart do na Ballstáit a gcomhar a láidriú chun an líon feithiclí ar iarraidh a laghdú. Ach deimhnithe scriosta a eisítear i mBallstát eile a aithint agus oibleagáid chun údaráis na mBallstát a chur ar an eolas, faoin	(48) D'ainneoin oibleagáid i dTreoir 2000/53/CE chun na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a aistriú lena gcóireáil chuig saoráid chóireála údaraithe, tá sciar an-mhór feithiclí ann nach eol cá bhfuil siad, agus a d'fhéadfadh a bheith cóireáilte nó onnmhairithe go neamhdhleathach mar fheithiclí a bhfuil a ré caite, nó nach bhfuil a stádas tuairiscithe i gceart d'údaráis chlárúcháin na mBallstát. Tagraítear do na feithiclí sin mar 'feithiclí ar iarraidh'. Ba cheart do na ***Ballstáit bearta náisiúnta agus a gcomhar a neartú freisin*** chun an líon feithiclí ar iarraidh a laghdú. Ach deimhnithe scriosta a eisítear i mBallstát eile a aithint agus oibleagáid chun údaráis na

áit a bhfuil an fheithicil cláraithe, go bhfuil deimhniú scriosta eisithe, ba cheart a bheith in ann an áit a bhfuil feithiclí a bhfuil a ré caite a rianú níos fearr.

mBallstát a chur ar an eolas, faoin áit a bhfuil an fheithicil cláraithe, go bhfuil deimhniú scriosta eisithe, ba cheart a bheith in ann an áit a bhfuil feithiclí a bhfuil a ré caite a rianú níos fearr.

Leasú 45
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(49a)Chun feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise, saincheist na bhfeithiclí atá ar iarraidh a chomhrac, agus freagrachtaí úinéirí feithiclí a shoiléiriú, tá sé fíor-riachtanach córais díchláraithe feithiclí a neartú. Áiritheofar leis sin go bhfanfaidh feithiclí inrianaithe agus go mbeidh a stádas infhíoraithe go dtí go n-eiseofar deimhniú scriosta nó go n-onnmhaireofar an fheithicil. Chun na críche sin, na Ballstáit a cheadaíonn díchlárú sealadach feithiclí, ba cheart dóibh uastréimhse an díchláraithe sin a leagan amach agus a áirithiú nach ndeonófar aon athnuachan ar dhíchlárú sealadach ach ar feadh tréimhse shainithe theoranta agus i gcás inar féidir a fhionnadh gurb ann fós don fheithicil dhíchláraithe, agus sa chás sin amháin. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le híoscheanglais chomhchuibhithe maidir le díchlárú feithiclí ar fud an Aontais chun cuntasacht

feithiclí a neartú agus chun a gcóireáil neamhdhleathach a chosc.

Leasú 46
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) I bhfianaise an phríomhróil atá ag saoráidí cóireála údaraithe maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite a bhainistiú ar bhealach nach ndéanann dochar don chomhshaol ná do shláinte an duine agus a rannchuidíonn chun cuspóirí geilleagair chiorclaigh an Aontais a bhaint amach, is gá oibleagáidí a leagan síos a mbeidh feidhm acu maidir leis na saoráidí sin agus lena gcumhdófar a gcuid gníomhaíochtaí uile, ó ghlacadh agus stóráil feithicle a bhfuil a ré caite go dtí an chóireáil deiridh a ndéantar uirthi.	(51) I bhfianaise an phríomhróil atá ag saoráidí cóireála údaraithe maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite a bhainistiú ar bhealach nach ndéanann dochar don chomhshaol ná do shláinte an duine agus a rannchuidíonn chun cuspóirí geilleagair chiorclaigh an Aontais a bhaint amach, agus atá inchosanta ar bhonn eacnamaíoch, is gá oibleagáidí a leagan síos a mbeidh feidhm acu maidir leis na saoráidí sin agus lena gcumhdófar a gcuid gníomhaíochtaí uile, ó ghlacadh agus stóráil feithicle a bhfuil a ré caite go dtí an chóireáil deiridh a ndéantar uirthi.

Leasú 47
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(52) Chun inrianaitheacht a áirithiú maidir lena gcuid gníomhaíochtaí, ba cheart do na saoráidí cóireála údaraithe na hoibríochtaí cóireála a dhéanann siad a dhoiciméadú agus an taifead a stóráil go leictreonach ar feadh 3 bliana ar a laghad, agus ba cheart dóibh a bheith in ann an taifead sin a chur faoi	(52) Chun inrianaitheacht a áirithiú maidir lena gcuid gníomhaíochtaí***, lena n-áirítear cáilíocht an fhuílll nó ábhar ionchuir ábhartha eile,*** ba cheart do na saoráidí cóireála údaraithe na hoibríochtaí cóireála a dhéanann siad a dhoiciméadú agus an taifead a stóráil go leictreonach ar feadh 3 bliana ar

bhráid na n-údarás náisiúnta ábhartha, arna iarraidh sin dóibh.

a laghad, agus ba cheart dóibh a bheith in ann an taifead sin a chur faoi bhráid na n-údarás náisiúnta ábhartha, arna iarraidh sin dóibh.

Leasú 48
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 53

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(53) Is é díthruailliú feithicle a bhfuil a ré caite an chéad chéim i dtreo cosc a chur ar dhamáiste don chomhshaol, ar shláinte an duine agus ar rioscaí don tsábháilteacht ceirde. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaí na hoibríochtaí díthruaillithe is gá ar fheithicil a bhfuil a ré caite a luaithe is féidir tar éis í a sheachadadh ar an tsaoráid chóireála údaraithe, sula ndéantar aon chóireáil bhreise ar an bhfeithicil a bhfuil a ré caite sin. Le linn na céime sin, ba cheart dramh-olaí a bhailiú agus a stóráil ar leithligh ó na sreabháin agus na leachtanna eile, agus ba cheart iad a chóireáil a thuilleadh i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE. Ina theannta sin, ba cheart na páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair ina bhfuil luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsach a bhaint ón bhfeithicil a bhfuil a ré caite, chun éifeachtaí díobhálacha ar an duine nó ar an gcomhshaol a sheachaint.	(53) Is é díthruailliú feithicle a bhfuil a ré caite an chéad chéim i dtreo cosc a chur ar dhamáiste don chomhshaol, ar shláinte an duine agus ar rioscaí don tsábháilteacht ceirde. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaí na hoibríochtaí díthruaillithe is gá ar fheithicil a bhfuil a ré caite a luaithe is féidir tar éis í a sheachadadh ar an tsaoráid chóireála údaraithe, sula ndéantar aon chóireáil bhreise ar an bhfeithicil a bhfuil a ré caite sin. Le linn na céime sin, ba cheart dramh-olaí a bhailiú agus a stóráil ar leithligh ó na sreabháin agus na leachtanna eile, agus ba cheart iad a chóireáil a thuilleadh i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE. ***Ba cheart sreabháin córais aerchóiriúcháin a úsáidtear i gcórais bainistithe theirmigh a bhailiú agus a stóráil ar leithligh ó shreabháin eile agus, i gcás inarb indéanta, iad a athchúrsáil, a athshlánú agus a athúsáid.*** Ina theannta sin, ba cheart na páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair ina bhfuil luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsach a bhaint ón bhfeithicil a bhfuil a ré caite, chun éifeachtaí díobhálacha ar an duine nó ar an gcomhshaol a

sheachaint.

Leasú 49
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 54

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(54) Chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) ***2023/ [Oifig na bhFoilseachán: an Rialachán maidir le Ceallraí]*** chun feidhme i gceart, ní mór gach ceallra a ionchorpraítear i bhfeithiclí a bhaint ar leithligh ó fheithicil a bhfuil a ré caite agus a stóráil i limistéar ainmnithe le haghaidh tuilleadh cóireála.	(54) Chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) 2023/1542 chun feidhme i gceart, tá gach ceallra a ionchorpraítear i bhfeithiclí le baint ar leithligh ó fheithicil a bhfuil a ré caite agus le stóráil i limistéar ainmnithe le haghaidh tuilleadh cóireála.

Leasú 50
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 55

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(55) Chun an acmhainneacht a bhaineann le hathúsáid, athmhonarú agus athriochtú páirteanna agus comhpháirteanna a uasmhéadú, agus chun ardluach ar na hábhair thánaisteacha a dhíorthaítear ó fheithiclí a bhfuil a ré caite chaomhnú, ba cheart páirteanna agus comhpháirteanna áirithe a bhaint ó fheithiclí a bhfuil a ré caite go sainordaitheach roimh an mionghearradh. Ba cheart na páirteanna agus na comhpháirteanna lena mbaineann a bhaint i bpróiseas díchóimeála láimhe nó i bpróiseas díchóimeála leath-uathoibrithe. Chun dul chun cinn a spreagadh i dteicneolaíochtaí a bhaineann le	(55) Chun an acmhainneacht a bhaineann le hathúsáid, athmhonarú agus athriochtú páirteanna agus comhpháirteanna a uasmhéadú, agus chun ardluach ar na hábhair thánaisteacha a dhíorthaítear ó fheithiclí a bhfuil a ré caite chaomhnú, ba cheart páirteanna agus comhpháirteanna áirithe a bhaint ó fheithiclí a bhfuil a ré caite go sainordaitheach roimh an mionghearradh. Ba cheart na páirteanna agus na comhpháirteanna lena mbaineann a bhaint i bpróiseas díchóimeála láimhe nó i bpróiseas díchóimeála leath-uathoibrithe. Ba cheart é a bheith indéanta imeacht ón gceanglas maidir le baint

díchóimeáil, sórtáil, mionghearradh agus iar-mhionghearradh, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann imeacht ón gceanglas maidir le baint shainordaitheach páirteanna agus comhpháirteanna i gcásanna eisceachtúla áirithe. Ba cheart a léiriú gur féidir na páirteanna agus na comhpháirteanna lena mbaineann a bhaint ar bhealach chomh héifeachtach céanna leis na teicneolaíochtaí sin agus a dhéantar le próisis láimhe nó leath-uathoibrithe agus gan cáilíocht na gcodán cóireála a bhíonn ann dá bharr a ísliú. Chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hIarscríbhinn VII a leasú.

shainordaitheach páirteanna agus comhpháirteanna i gcásanna eisceachtúla áirithe, ***inter alia, mura bhfuil aon fhéidearthacht mhargaidh ar athúsáid, athmhonarú nó athriochtú nó más féidir leis an tsaoráid chóireála údaraithe a léiriú*** gur féidir na páirteanna agus na comhpháirteanna lena mbaineann a bhaint ar bhealach chomh héifeachtach céanna leis na teicneolaíochtaí sin agus a dhéantar le próisis láimhe nó leath-uathoibrithe agus gan cáilíocht na gcodán cóireála a bhíonn ann dá bharr a ísliú. ***Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún critéir a shainiú maidir le mionghearradh le dramhaíl eile agus teorainnluachanna chun cáilíocht na gcodán aschuir a fheabhsú.*** Chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hIarscríbhinn VII a leasú ***agus an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais cháilíochta a bhunú le haghaidh na gcodán aschuir mionghearrtha.***

Leasú 51
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 57

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(57) Le Rialachán (AE) 2023/[Ceallraí], leagtar amach rialacha maidir le	(57) Le Rialachán (AE) 2023/1542, leagtar amach rialacha maidir le

hinbhuanaitheacht, feidhmíocht, sábháilteacht, bailiú, athchúrsáil agus dara húsáid ceallraí, chomh maith le rialacha maidir le faisnéis i dtaobh ceallraí a bhaint le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha. Ba cheart an acmhainneacht a bhaineann le dara húsáid ceallraí a chur san áireamh sa Rialachán seo trí cheallraí feithiclí leictreacha a eisiamh ó na páirteanna nó na comhpháirteanna fíor-riachtanacha chun go bhféadfar an fheithicil a thabhairt ar láimh lena cóireáil, saor in aisce, gan ceallra na feithicle leictrí.

hinbhuanaitheacht, feidhmíocht, sábháilteacht, bailiú, athchúrsáil agus dara húsáid ceallraí, chomh maith le rialacha maidir le faisnéis i dtaobh ceallraí a bhaint le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha. Ba cheart an acmhainneacht a bhaineann le dara húsáid ceallraí a chur san áireamh sa Rialachán seo trí cheallraí feithiclí leictreacha a eisiamh ó na páirteanna nó na comhpháirteanna fíor-riachtanacha chun go bhféadfar an fheithicil a thabhairt ar láimh lena cóireáil, saor in aisce, gan ceallra na feithicle leictrí más rud é go sholáthraíonn ***an t-úinéir deiridh doiciméadacht a chruthaíonn gur láimhsigh oibreoir gairmiúil an cheallra i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542.***

Leasú 52
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 58

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(58) Agus aitheantas á thabhairt don acmhainneacht a bhaineann le hathmhonarú agus athriochtú san earnáil mótarfheithiclí agus don mhéid a rannchuidíonn siad leis an ngeilleagar ciorclach, is gá soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu leis an earnáil sin. Dá bhrí sin, maidir le páirteanna agus comhpháirteanna a bhaintear ó fheithicil a bhfuil a ré caite, atá oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú nó lena n-athriochtú, ba cheart a shoiléiriú nár cheart a mheas gur dramhaíl iad. Tá gá leis sin chun	(58) Agus aitheantas á thabhairt don acmhainneacht a bhaineann le hathmhonarú agus athriochtú san earnáil mótarfheithiclí agus don mhéid a rannchuidíonn siad leis an ngeilleagar ciorclach, is gá soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu leis an earnáil sin. Dá bhrí sin, maidir le páirteanna agus comhpháirteanna a bhaintear as feithicil a bhfuil a ré caite ***nó le linn céim úsáide feithicle, lena n-áirítear na páirteanna agus na comhpháirteanna sin a bhaintear le linn oibríocht***

loingsiú, iompar nó aon aistriú eile de na páirteanna agus na comhpháirteanna sin a éascú. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta ábhartha a bheith in ann doiciméadacht a iarraidh, ón tsaoráid chóireála údaraithe a bhain an pháirt nó an chomhpháirt lena mbaineann, lena ndeimhnítear, trí mheasúnú tiomnaithe, oiriúnacht theicniúil na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna ábhartha lena n-athmhonarú, lena n-athriochtú nó lena n-athúsáid.

deisithe agus chothabhála, atá oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú***,*** nó lena n-athchóiriú, ba cheart a shoiléiriú nár cheart iad a mheas mar dhramhaíl. Tá gá leis sin chun loingsiú, iompar nó aon aistriú eile de na páirteanna agus na comhpháirteanna sin a éascú. ***Ar an taobh eile, ba cheart páirteanna agus comhpháirteanna nach bhfuil oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú nó lena n-athchóiriú a mheas mar dhramhaíl agus ba cheart a n-onnmhairiú a bheith faoi réir Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].*** Ba cheart do na húdaráis náisiúnta ábhartha a bheith in ann doiciméadacht a iarraidh, ón tsaoráid chóireála údaraithe a bhain an pháirt nó an chomhpháirt lena mbaineann, lena ndeimhnítear, trí mheasúnú tiomnaithe, oiriúnacht theicniúil na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna ábhartha lena n-athmhonarú, lena n-athriochtú***,*** nó lena n-athúsáid.

[1a] Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L, 2024/1157, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1157/oj).

Leasú 53
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 61

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(61) Chun forbairt agus feidhmiú cuí an mhargaidh le haghaidh páirteanna agus comhpháirteanna in-athúsáidte, athriochtaithe agus athmhonaraithe a spreagadh san Aontas, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun na dreasachtaí is gá a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta chun athúsáid, athriochtú agus athmhonarú páirteanna agus comhpháirteanna a chur chun cinn, cibé acu a bhaintear le linn na céime úsáide nó deireadh ré na feithicle iad. Ba cheart don Choimisiún an malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú trína gcuid dea-chleachtas a roinnt maidir leis na dreasachtaí a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar a n-éifeachtacht.	(61) Chun forbairt agus feidhmiú cuí an mhargaidh le haghaidh páirteanna agus comhpháirteanna in-athúsáidte, athriochtaithe, ***iarfheistithe*** agus athmhonaraithe a spreagadh san Aontas, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun na dreasachtaí is gá a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta chun athúsáid, athriochtú***, iarfheistiú*** agus athmhonarú páirteanna agus comhpháirteanna a chur chun cinn, cibé acu a bhaintear le linn na céime úsáide nó deireadh ré na feithicle iad. Ba cheart don Choimisiún an malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú trína gcuid dea-chleachtas a roinnt maidir leis na dreasachtaí a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar a n-éifeachtacht. ***Ba cheart sonraí a mhalartú gan moill mhíchuí.***

Leasú 54
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 63

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(63) Ba cheart feabhas leanúnach a chur ar athchúrsáil na bplaisteach uile ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, agus tá sé tábhachtach soláthar leordhóthanach ábhar athchúrsáilte a áirithiú chun freastal ar an éileamh atá ann ar phlaistigh athchúrsáilte i	(63) Ba cheart feabhas leanúnach a chur ar athchúrsáil na bplaisteach uile ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, agus tá sé tábhachtach soláthar leordhóthanach ábhar athchúrsáilte a áirithiú chun freastal ar an éileamh atá ann ar phlaistigh athchúrsáilte i

bhfeithiclí. Dá bhrí sin, is gá sprioc shonrach athchúrsála mar atá 30 **%** de phlaistigh ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a leagan amach. Bheadh an sprioc sin comhlántach leis na spriocanna le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite (85 ***%)*** chomh maith le hathúsáid agus aisghabháil feithiclí a bhfuil a ré caite (95 ***%)*** de réir meánmheáchan in aghaidh na feithicle agus in aghaidh na bliana. Chun cur chun feidhme na gceanglas sin ag oibreoirí bainistithe dramhaíola a éascú, tá gá le hidirthréimhse 3 bliana. Idir an dá linn, na spriocanna atá ann faoi láthair maidir le hathúsáid agus athchúrsáil (85 **%**) chomh maith le hathúsáid agus aisghabháil feithiclí a bhfuil a ré caite (95 **%**), a leagtar síos le Treoir 2000/53/CE, agus atá bunaithe ar an sainmhíniú ar athchúrsáil sa Treoir sin, ba cheart go leanfadh siad d'fheidhm a bheith acu.

bhfeithiclí. Dá bhrí sin, is gá sprioc shonrach athchúrsála mar atá 30 ***faoin gcéad*** de phlaistigh ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a leagan amach. Bheadh an sprioc sin comhlántach leis na spriocanna le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite (85 ***faoin gcéad)*** chomh maith le hathúsáid agus aisghabháil feithiclí a bhfuil a ré caite (95 ***faoin gcéad)*** de réir meánmheáchan in aghaidh na feithicle agus in aghaidh na bliana. Chun cur chun feidhme na gceanglas sin ag oibreoirí bainistithe dramhaíola a éascú, tá gá le hidirthréimhse 3 bliana. Idir an dá linn, na spriocanna atá ann faoi láthair maidir le hathúsáid agus athchúrsáil (85 ***faoin gcéad***) chomh maith le hathúsáid agus aisghabháil feithiclí a bhfuil a ré caite (95 ***faoin gcéad***), a leagtar síos le Treoir 2000/53/CE, agus atá bunaithe ar an sainmhíniú ar athchúrsáil sa Treoir sin, ba cheart go leanfadh siad d'fheidhm a bheith acu. ***Ba cheart leaistiméirí a eisiamh ó mheáchan an phlaistigh a athchúrsáiltear agus ó mheáchan iomlán na bplaisteach chomh maith le teirmithéachtaí seachas cúir pholúireatáin.***

Leasú 55
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 64

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(64) Tá sé tábhachtach aisghabháil ábhar tánaisteach ardcháilíochta a mhéadú trí fheabhas a chur ar phróisis mhionghearrtha feithiclí a bhfuil a	(64) Tá sé tábhachtach aisghabháil ábhar tánaisteach ardcháilíochta a mhéadú trí fheabhas a chur ar phróisis mhionghearrtha feithiclí a bhfuil a

ré caite. Dá bhrí sin, níor cheart feithiclí a bhfuil a ré caite, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair a phróiseáil i mionghearrthóir in éineacht le dramhaíl ó phacáistíocht agus le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, go háirithe chun feabhas a chur ar scagadh an chopair ó chodáin chruach.

ré caite. Dá bhrí sin, ***níor cheart*** a cheadú feithiclí a bhfuil a ré caite, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair a phróiseáil i mionghearrthóir in éineacht le dramhaíl ó phacáistíocht agus le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, ***ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe maidir le cáilíocht ábhair aschuir***.

Leasú 56
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 66

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(66) Déantar feithiclí a bhfuil a ré caite a aicmiú mar dhramhaíl ghuaiseach agus ní féidir iad a onnmhairiú chuig tíortha nach tíortha de chuid ECFE iad. Féadfar feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil lasmuigh den Aontas i gcónaí, ar choinníoll go ndéantar na feithiclí díthruaillithe sin a bhfuil a ré caite a sheoladh i gcomhréir le Rialachán (AE) 1013/2006.	(66) Déantar feithiclí a bhfuil a ré caite a aicmiú mar dhramhaíl ghuaiseach agus ní féidir iad a onnmhairiú chuig tíortha nach tíortha de chuid ECFE iad. Féadfar feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil lasmuigh den Aontas i gcónaí, ar choinníoll go ndéantar na feithiclí díthruaillithe sin a bhfuil a ré caite a sheoladh i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2024/1157***.

Leasú 57
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 67

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(67) I gcás ina seoltar feithicil a bhfuil a ré caite ón Aontas chuig tríú tír, ba cheart don onnmhaireoir fianaise dhoiciméadach arna formheas ag an údarás inniúil sa tír cinn scríbe a sholáthar, lena ndeimhnítear go	(67) I gcás ina seoltar feithicil a bhfuil a ré caite ón Aontas chuig tríú tír, ba cheart don onnmhaireoir fianaise dhoiciméadach arna formheas ag an údarás inniúil sa tír cinn scríbe a sholáthar, lena ndeimhnítear ***go***

bhfuil na coinníollacha cóireála coibhéiseach den chuid is mó le ceanglais an Rialacháin seo agus leis na ceanglais maidir le sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil a leagtar síos i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán nua maidir le Loingsithe Dramhaíola].

measta*r** go bhfuil na coinníollacha cóireála coibhéiseach den chuid is mó le ceanglais an Rialacháin seo agus leis na ceanglais maidir le sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil a leagtar síos i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2024/1157. ***Chun idirdhealú a dhéanamh idir loingsithe feithiclí caite agus feithiclí a bhfuil a ré caite, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a bheith in ann cigireachtaí a dhéanamh nuair a bhíonn amhras orthu gur feithiclí a bhfuil a ré caite iad feithiclí a dhearbhaítear a bheith úsáidte. I gcás ina ndeimhnítear leis na cigireachtaí sin go gcáilíonn na feithiclí atá i gceist mar fheithiclí a bhfuil a ré caite, féadfar costais na cigireachta agus aon stóráil ghaolmhar a ghearradh ar an oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an loingsiú.***

Leasú 58
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 68

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(68) Chun a áirithiú go gcaitear le feithiclí a bhfuil a ré caite ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, tá sé tábhachtach soiléireacht a sholáthar maidir le stádas feithicle ar feadh a ré ina hiomláine, go háirithe i gcásanna inar gá feithiclí athláimhe a idirdhealú ó fheithiclí a bhfuil a ré caite. Úinéir feithicle a	(68) Chun a áirithiú go gcaitear le feithiclí a bhfuil a ré caite ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, tá sé tábhachtach soiléireacht a sholáthar maidir le stádas feithicle ar feadh a ré ina hiomláine, go háirithe i gcásanna inar gá feithiclí athláimhe a idirdhealú ó fheithiclí a bhfuil a ré caite. ***Nuair a aistríonn***

bheartaíonn úinéireacht feithicle athláimhe a aistriú, ba cheart a cheangal air go háirithe a léiriú nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil. Chun measúnú a dhéanamh ar stádas feithicle athláimhe, ba cheart d'úinéir na feithicle, d'oibreoirí eacnamaíocha eile agus d'údaráis inniúla a fhíorú an gcomhlíontar critéir áirithe lena gcinntear cé acu atá nó nach bhfuil an fheithicil lena mbaineann ina feithicil a bhfuil a ré caite. Chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith Iarscríbhinn I a leasú lena gcinntear na critéir maidir le cathain is feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil.

oibreoir eacnamaíoch laistigh den Aontas úinéireacht feithicle caite***, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch*** a chur in iúl ***don duine is faighteoir*** nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil ***trí dheimhniú ródacmhainneachta a sholáthar nó trína chur in iúl go gcomhlíonann an fheithicil na critéir indeisitheachta bhunaithe. Maidir le húinéir feithicle a bhfuil sé beartaithe aige feithicil chaite a onnmhairiú lasmuigh den Aontas, ba cheart a cheangal air doiciméadacht a sholáthar nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil. Is éard ba cheart a bheith sa doiciméadacht sin deimhniú bailí ródacmhainneachta nó, i gcás nach bhfuil an deimhniú sin ar fáil, measúnú arna dhéanamh ag na húdaráis inniúla atá freagrach as na deimhnithe ródacmhainneachta.*** Chun measúnú a dhéanamh ar stádas feithicle caite, ba cheart d'úinéir na feithicle, d'oibreoirí eacnamaíocha eile agus d'údaráis inniúla a fhíorú an bhfuil critéir áirithe lena gcinntear cé acu atá nó nach bhfuil an fheithicil lena mbaineann ina feithicil a bhfuil a ré caite á gcomhlíonadh.

Leasú 59
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 68 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(68a)Tá sé tábhachtach freisin an ceart atá ag gach úinéir cinneadh a dhéanamh go saor

faoina maoin a chaomhnú. Ba cheart an tsaoirse a bheith ag úinéir feithicle caite cinneadh a dhéanamh tar éis measúnú a dhéanamh ar na critéir tháscacha le haghaidh feithiclí cé acu is gá nó nach gá deireadh ré na feithicle a dhearbhú agus í a sheachadadh chuig pointe bailiúcháin nó chuig saoráid chóireála údaraithe nó cé acu is fiú nó nach fiú an fheithicil a dheisiú.

Leasú 60
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 69

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(69) Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh: Cuireadh i dtábhacht in 'I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'[59], gur gá don Choimisiún bearta nua a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar lorg comhshaoil seachtrach an Aontais atá nasctha le honnmhairiú feithiclí a bhfuil a ré caite agus feithiclí athláimhe. Agus é á chur san áireamh go n-eascraíonn dúshláin thábhachtacha a bhaineann leis an gcomhshaol agus an tsláinte phoiblí as onnmhairiú feithiclí caite, rud a dhoiciméadaítear i gClár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe[60], agus gurb é an tAontas an t-onnmhaireoir feithiclí caite is mó ar fud an domhain, is gá ceanglais shonracha a leagan amach ar leibhéal an Aontais lena rialófar onnmhairiú feithiclí caite [ón Aontas]. Ba cheart na ceanglais a bheith bunaithe ar chritéir	(69) Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh: Cuireadh i dtábhacht in 'I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'[59], gur gá don Choimisiún bearta nua a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar lorg comhshaoil seachtrach an Aontais atá nasctha le honnmhairiú feithiclí a bhfuil a ré caite agus feithiclí athláimhe. Agus é á chur san áireamh go n-eascraíonn dúshláin thábhachtacha a bhaineann leis an gcomhshaol agus an tsláinte phoiblí as onnmhairiú feithiclí caite, rud a dhoiciméadaítear i gClár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe[60], agus gurb é an tAontas an t-onnmhaireoir feithiclí caite is mó ar fud an domhain, is gá ceanglais shonracha a leagan amach ar leibhéal an Aontais lena rialófar onnmhairiú feithiclí caite [ón Aontas]. Ba cheart na ceanglais a bheith bunaithe ar chritéir

oibiachtúla ar dá réir ní feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil chaite ***agus*** ní mór í a bheith ródacmhainneach de bhun Threoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61]. Ba cheart a áirithiú leis sin nach bhféadfar ach feithiclí caite atá oiriúnach lena dtiomáint ar bhóithre an Aontais a onnmhairiú chuig tríú tír, rud a laghdódh na rioscaí go rannchuideodh onnmhairiú feithiclí caite ón Aontas le truailliú aeir nó le tionóiscí bóthair i dtríú tíortha. Chun go bhféadfaidh údaráis chustaim a fhíorú go mbeidh na ceanglais sin á gcomhlíonadh tráth an onnmhairiúcháin, ba cheart a cheangal ar aon duine a onnmhaireoidh feithicil chaite uimhir aitheantais na feithicle a sholáthar do na húdaráis sin mar aon le ráiteas lena ndeimhnítear nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil chaite agus go meastar í a bheith ródacmhainneach.

---

[59] COM(2021)0400.

[60] https://www.unep.org/resources/report/global-trade-used-vehicles-report

[61] Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51).

oibiachtúla ar dá réir ní feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil chaite ***nó*** ní mór í a bheith ródacmhainneach de bhun Threoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61] ***agus go bhfuil sí le háireamh i gclárlann náisiúnta***. Ba cheart a áirithiú leis sin nach bhféadfar ach feithiclí caite atá oiriúnach lena dtiomáint ar bhóithre an Aontais a onnmhairiú chuig tríú tír, rud a laghdódh na rioscaí go rannchuideodh onnmhairiú feithiclí caite ón Aontas le truailliú aeir nó le tionóiscí bóthair i dtríú tíortha. Chun go bhféadfaidh údaráis chustaim a fhíorú go mbeidh na ceanglais sin á gcomhlíonadh tráth an onnmhairiúcháin, ba cheart a cheangal ar aon duine a onnmhaireoidh feithicil chaite uimhir aitheantais na feithicle a sholáthar do na húdaráis sin mar aon le ráiteas lena ndeimhnítear nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil chaite ***nó*** go meastar í a bheith ródacmhainneach.

---

[59] COM(2021)0400.

[60] https://www.unep.org/resources/report/global-trade-used-vehicles-report

[61] Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51).

Leasú 61
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 70

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(70) Tá sé tábhachtach sásra a bhunú lena bhféadfar fíorú éifeachtach a dhéanamh go gcomhlíonann feithiclí caite na ceanglais onnmhairiúcháin gan bac a chur ar an trádáil idir an tAontas agus tríú tíortha. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún córas leictreonach a bhunú a chuirfeadh é ar a gcumas do na húdaráis sna Ballstáit faisnéis a mhalartú i bhfíor-am faoi uimhir aitheantais feithicle agus stádas ródacmhainneachta na bhfeithiclí caite atá le honnmhairiú. I bhfianaise na ngnéithe agus na bhfeidhmiúlachtaí atá aige cheana féin atá nasctha le faisnéis a bhaineann le feithiclí atá cláraithe san Aontas a chomhroinnt idir údaráis chlárúcháin feithiclí, d'fhorbair an Coimisiún MOVE-HUB, ar ardán malartaithe teachtaireachtaí é, chun teachtaireachtaí a mhalartú chun cláir leictreonacha náisiúnta na mBallstát a idirnascadh. I láthair na huaire, óstálann an t-ardán idirnasc na gclár Eorpach de ghnóthais iompair de bhóthar (ERRU), na cláir um cheadúnais tiomána (RESPER), idirnasc na gclár um oiliúint ghairmiúil do thiománaithe (ProDriveNet), an fógra maidir le teipeanna iniúchta cois bóthair ar fheithiclí (RSI) agus idirnasc na gclár um chártaí tacagraif tiománaithe (TACHOnet). Dá bhrí sin, ba cheart feidhmiúlachtaí MOVE-HUB a leathnú a thuilleadh chun go bhféadfar faisnéis a mhalartú maidir le huimhir aitheantais	(70) Tá sé tábhachtach sásra a bhunú lena bhféadfar fíorú éifeachtach a dhéanamh go gcomhlíonann feithiclí caite na ceanglais onnmhairiúcháin gan bac a chur ar an trádáil idir an tAontas agus tríú tíortha. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún córas leictreonach a bhunú a chuirfeadh é ar a gcumas do na húdaráis sna Ballstáit faisnéis a mhalartú ***agus a fhíorú*** i bhfíor-am faoi uimhir aitheantais feithicle agus stádas ródacmhainneachta na bhfeithiclí caite atá le honnmhairiú. I bhfianaise na ngnéithe agus na bhfeidhmiúlachtaí atá aige cheana féin atá nasctha le faisnéis a bhaineann le feithiclí atá cláraithe san Aontas a chomhroinnt idir údaráis chlárúcháin feithiclí, d'fhorbair an Coimisiún MOVE-HUB, ar ardán malartaithe teachtaireachtaí é, chun teachtaireachtaí a mhalartú chun cláir leictreonacha náisiúnta na mBallstát a idirnascadh. ***Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Gluaisteáin agus Ceadúnais Tiomána (EUCARIS) a úsáid chun nascadh le córas leictreonach MOVE-HUB.*** I láthair na huaire, óstálann an t-ardán idirnasc na gclár Eorpach de ghnóthais iompair de bhóthar (ERRU), na cláir um cheadúnais tiomána (RESPER), idirnasc na gclár um oiliúint ghairmiúil do thiománaithe (ProDriveNet), an fógra maidir le teipeanna iniúchta

feithicle agus stádas ródacmhainneachta na bhfeithiclí caite atá le honnmhairiú. Chun go bhféadfaidh údaráis chustaim fíorú leictreonach agus uathoibríoch a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann feithicil chaite atá le honnmhairiú na ceanglais onnmhairiúcháin, ba cheart an córas leictreonach arna oibriú ag MOVE-HUB a idirnascadh le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]. Déantar foráil sa Rialachán sin maidir le creat cuimsitheach de rialuithe uathoibrithe, a bhfuil feidhm acu maidir le foirmiúlacht neamhchustaim shonrach de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart na príomheilimintí atá le rialú a leagan amach sa Rialachán seo, agus is faoi Rialachán (AE) 2022/2399 a leagfaí síos na gnéithe teicniúla de chur chun feidhme an rialaithe sin.

cois bóthair ar fheithiclí (RSI) agus idirnasc na gclár um chártaí tacagraif tiománaithe (TACHOnet). Dá bhrí sin, ba cheart feidhmiúlachtaí MOVE-HUB a leathnú tuilleadh chun go bhféadfar faisnéis a mhalartú ***agus a fhíorú*** maidir le huimhir aitheantais feithicle agus stádas ródacmhainneachta na bhfeithiclí caite atá le honnmhairiú. Chun go bhféadfaidh údaráis chustaim fíorú leictreonach agus uathoibríoch a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann feithicil chaite atá le honnmhairiú na ceanglais onnmhairiúcháin, ba cheart an córas leictreonach arna oibriú ag MOVE-HUB a idirnascadh le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]. Déantar foráil sa Rialachán sin maidir le creat cuimsitheach de rialuithe uathoibrithe, a bhfuil feidhm acu maidir le foirmiúlacht neamhchustaim shonrach de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart na príomheilimintí atá le rialú a leagan amach sa Rialachán seo, agus is faoi Rialachán (AE) 2022/2399 a leagfaí síos na gnéithe teicniúla de chur chun feidhme an rialaithe sin.

---

[62] Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).

---

[62] Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).

Leasú 62
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 73

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(73) Tá sé tábhachtach go bhféadfaidh údaráis chustaim rialuithe a dhéanamh ar fheithiclí caite atá le honnmhairiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[63]. Tá sciar nach beag d'fheithiclí caite a fhágann an tAontas ag déanamh ar thíortha ina bhfuil ceanglais maidir le allmhairiú bunaithe nó ina bhféadfaí iad a bhunú, amhail ceanglais i ndáil le haois na feithicle nó lena hastaíochtaí. Tá sé tábhachtach go bhféadfaidh na húdaráis chustaim fíorú leictreonach agus uathoibríoch a dhéanamh, trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann feithicil chaite atá le honnmhairiú na ceanglais sin, i gcás ina gcuirfidh na tríú tíortha lena mbaineann an fhaisnéis faoi na ceanglais sin in iúl don Choimisiún go hoifigiúil. Chun an comhshaol agus an tsábháilteacht ar bhóithre i dtríú tíortha a chosaint, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na ceanglais sin a leagan amach.	(73) Tá sé tábhachtach go bhféadfaidh údaráis chustaim rialuithe a dhéanamh ar fheithiclí caite atá le honnmhairiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[63]. Tá sciar nach beag d'fheithiclí caite a fhágann an tAontas ag déanamh ar thíortha ina bhfuil ceanglais maidir le allmhairiú bunaithe nó ina bhféadfaí iad a bhunú, amhail ceanglais i ndáil le haois na feithicle nó lena hastaíochtaí. Tá sé tábhachtach go bhféadfaidh na húdaráis chustaim fíorú leictreonach agus uathoibríoch a dhéanamh, trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann feithicil chaite atá le honnmhairiú na ceanglais sin, i gcás ina gcuirfidh na tríú tíortha lena mbaineann an fhaisnéis faoi na ceanglais sin in iúl don Choimisiún go hoifigiúil. ***Chun comhlíonadh a éascú, ba cheart don Choimisiún na coinníollacha sonracha ar tugadh fógra ina leith agus a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó na sábháilteachta ar bhóithre arna bhforchur ag tríú tíortha a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar thairseach thiomnaithe ar líne.*** Chun an comhshaol agus an tsábháilteacht ar bhóithre i dtríú tíortha a chosaint, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a

ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na ceanglais sin a leagan amach.

---

[63] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

[63] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

Leasú 63
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 76

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(76) Ba cheart comhlíonadh na bhforálacha maidir le honnmhairiú feithiclí athláimhe agus cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite a chumhdach leis na hiniúchtaí. Gach bliain, ba cheart 10 **%** ar a laghad de na saoráidí cóireála údaraithe agus de na hoibreoirí a chumhdach leis na hiniúchtaí. Ba cheart suíomhanna deisiúcháin agus oibreoirí cothabhála a chur faoi réir iniúchta freisin. Ní mór a chur i dtábhacht gur cheart na hiniúchtaí a dhéantar faoin Rialachán seo a bheith comhlántach le hiniúchtaí ar loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite, a rialaítear go cuimsitheach i Rialachán ***[Oifig na bhFoilseachán: an Rialachán nua maidir le Loingsithe Dramhaíola].***	(76) ***Ba cheart do na Ballstáit pleananna cigireachta a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar chóireáil neamhdhleathach feithiclí.*** Ba cheart comhlíonadh na bhforálacha maidir le honnmhairiú feithiclí athláimhe agus cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite a chumhdach leis na hiniúchtaí. Gach bliain, ba cheart 10 ***faoin gcéad*** ar a laghad de na saoráidí cóireála údaraithe agus de na hoibreoirí a chumhdach leis na hiniúchtaí. Láithreáin oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála***, pointí bailithe, agus saoráidí agus oibreoirí eacnamaíocha eile a d'fhéadfadh feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil nó feithiclí caite nó a bpáirteanna spártha agus a gcomhpháirteanna a dhíol,*** ba cheart cigireacht a dhéanamh orthu freisin. Ní mór a chur i

dtábhacht gur cheart na hiniúchtaí a dhéantar faoin Rialachán seo a bheith comhlántach le hiniúchtaí ar loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite, a rialaítear go cuimsitheach i Rialachán (AE) 2024/1157.

Leasú 64
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 77

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(77) Ba cheart do na Ballstáit sásraí comhair a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas gur féidir iniúchtaí a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil. Ba cheart malartú sonraí maidir le clárúchán feithiclí a chumasú leis na sásraí sin, rud a bhfuil gá leis chun na feithiclí a rianú agus chun a sheiceáil an gcuirtear cóireáil chuí orthu nuair a bhaineann siad deireadh a ré amach.	(77) Ba cheart do na Ballstáit sásraí comhair a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas gur féidir cigireachtaí a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil ***agus é mar chuspóir acu cosc agus brath cóireála neamhdhleathaí agus onnmhairiú feithiclí a bhfuil a ré caite a éascú, agus aghaidh a thabhairt go buan ar shaincheist na bhfeithiclí atá ar iarraidh***. Ba cheart malartú sonraí maidir le clárúchán feithiclí a chumasú leis na sásraí sin, rud a bhfuil gá leis chun na feithiclí a rianú agus chun a sheiceáil an gcuirtear cóireáil chuí orthu nuair a bhaineann siad deireadh a ré amach. ***Chun an comhar idir na Ballstáit a éascú, ba cheart don Choimisiún líonra tiomnaithe a bhunú chun comhordú éifeachtach na mbeartas náisiúnta forfheidhmiúcháin a áirithiú.***

Leasú 65
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 86

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(86) Aithníodh go bhfuil feithiclí ar iarraidh ar cheann de na dúshláin is mó a bhaineann le cur chun feidhme Threoir 2000/53/CE. In éagmais córas éifeachtúil lenar féidir faisnéis a mhalartú i bhfíor-am idir na Ballstáit maidir le stádas clárúcháin feithiclí, is amhlaidh a chuirtear bac ar inrianaitheacht agus sainaithníodh é sin mar chúis leis an líon ard 'feithiclí ar iarraidh' san Aontas. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ***ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a mholadh*** ar Threoir 1999/37/CE ón gComhairle maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí[67]. Leis an athbhreithniú sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit sonraí a thaifeadadh go leictreonach, i gcás feithiclí atá cláraithe ar a gcríoch, lenar féidir na cúiseanna le clárú feithicle a chealú a dhoiciméadú i gceart, go háirithe i gcás inar caitheadh le feithicil mar fheithicil a bhfuil a ré caite i saoráid chóireála údaraithe, inar athchláraíodh i mBallstát eile í, inar onnmhairíodh go tríú tír lasmuigh den Aontas í, nó inar goideadh í. Thairis sin, chun cosc a chur ar dhíchóimeáil nó onnmhairiú neamhdhleathach feithiclí a díchláraíodh go sealadach, ba cheart é a chur d'oibleagáid ar úinéirí feithiclí aon athrú ar a n-úinéireacht a thuairisciú go pras don údarás náisiúnta clárúcháin feithiclí. Leis na leasuithe sin, comhlánaítear na ceanglais atá ar na Ballstáit cheana sonraí a thaifeadadh go leictreonach maidir le gach

Leasú

(86) Aithníodh go bhfuil feithiclí ar iarraidh ar cheann de na dúshláin is mó a bhaineann le cur chun feidhme Threoir 2000/53/CE. In éagmais córas éifeachtúil lenar féidir faisnéis a mhalartú i bhfíor-am idir na Ballstáit maidir le stádas clárúcháin feithiclí, is amhlaidh a chuirtear bac ar inrianaitheacht agus sainaithníodh é sin mar chúis leis an líon ard 'feithiclí ar iarraidh' san Aontas. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ***mhol*** an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 1999/37/CE ón gComhairle maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí[67]. Leis an athbhreithniú sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit sonraí a thaifeadadh go leictreonach, i gcás feithiclí atá cláraithe ar a gcríoch, lenar féidir na cúiseanna le clárú feithicle a chealú a dhoiciméadú i gceart, go háirithe i gcás inar caitheadh le feithicil mar fheithicil a bhfuil a ré caite i saoráid chóireála údaraithe, inar athchláraíodh i mBallstát eile í, inar onnmhairíodh go tríú tír lasmuigh den Aontas í, nó inar goideadh í. Thairis sin, chun cosc a chur ar dhíchóimeáil nó onnmhairiú neamhdhleathach feithiclí a díchláraíodh go sealadach, ba cheart é a chur d'oibleagáid ar úinéirí feithiclí aon athrú ar a n-úinéireacht a thuairisciú go pras don údarás náisiúnta clárúcháin feithiclí. Leis na leasuithe sin, comhlánaítear na ceanglais atá ar na Ballstáit cheana sonraí a thaifeadadh go leictreonach maidir le gach feithicil atá cláraithe ar a gcríoch

feithicil atá cláraithe ar a gcríoch agus cuirtear leis na ceanglais sin.

_____

67 Treoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir le doiciméid chlárúcháin mótarfheithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57).

agus cuirtear leis na ceanglais sin.

_____

67 Treoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir le doiciméid chlárúcháin mótarfheithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57).

Leasú 66
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 87

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(87) I bhfianaise an ghá atá ann ardleibhéal cosanta ar an gcomhshaol a áirithiú agus an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus an tionchar atá aige ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus ar an gcomhshaol. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a áireamh ina thuarascáil ar na forálacha maidir le feithiclí nua a dhearadh, lena n-áirítear na spriocanna i dtaca le hin-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht, bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena n-áirítear na spriocanna athchúrsála, agus pionóis chomh maith le measúnú ar an ngá atá le raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú a thuilleadh chun feithiclí áirithe chatagóir L, feithiclí tromshaothair agus a leantóirí a chumhdach, agus ar a indéanta a bheadh sé sin. Leis an measúnú sin, ba cheart díriú ní hamháin ar	(87) I bhfianaise an ghá atá ann ardleibhéal cosanta ar an gcomhshaol a áirithiú agus an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus an tionchar atá aige ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus ar an gcomhshaol. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a áireamh ina thuarascáil ar na forálacha maidir le feithiclí nua a dhearadh, lena n-áirítear na spriocanna i dtaca le hin-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht, bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena n-áirítear na spriocanna athchúrsála, agus pionóis chomh maith le measúnú ar an ngá atá le raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú a thuilleadh chun feithiclí áirithe ***amhail carbháin, feithiclí ilchéime nó feithiclí tromshaothair agus a leantóirí a chumhdach,*** agus ar a indéanta a bheadh sé sin. Ba

ghnéithe a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite, ach chomh maith leis sin ar an ábharthacht agus ar an mbreisluach a bhaineann le ceanglais maidir le dearadh a leagan síos.

cheart don mheasúnú sin díriú ní hamháin ar ghnéithe a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite, ach freisin ar an ábharthacht agus ar an mbreisluach a ***bhaineann le ceanglais dearaidh a leagan síos agus ar thionchar na mbeart a bhaineann le forálacha maidir le próisis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'athchúrsáil ardcháilíochta feithiclí ag deireadh a ré, bearta atá dírithe ar dhul i ngleic le saincheist na 'bhfeithiclí ar iarraidh' agus go háirithe cóireáil agus onnmhairiú neamhdhleathach feithiclí a bhfuil a ré caite chomh maith le tionchar na ndifríochtaí sna critéir náisiúnta ródacmhainneachta a chuirtear i bhfeidhm ar onnmhairiú feithiclí caite agus ar an margadh inmheánach***.

Leasú 67
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 88

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(88) Ba cheart a áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún freisin measúnú ar na bearta a bhaineann le faisnéis a sholáthar faoi shubstaintí i bhfeithiclí ar údar imní iad agus ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le feabhas a chur ar inrianaitheacht na substaintí sin. Ba cheart measúnú a dhéanamh inti freisin ar cé acu is gá nó nach gá bearta a thabhairt isteach lena dtabharfaí aghaidh ar na substaintí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do

(88) Ba cheart a áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún freisin measúnú ar na bearta a bhaineann le faisnéis a sholáthar faoi shubstaintí i bhfeithiclí ar údar imní iad agus ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le feabhas a chur ar inrianaitheacht na substaintí sin. Ba cheart measúnú a dhéanamh inti freisin ar cé acu is gá nó nach gá bearta a thabhairt isteach lena dtabharfaí aghaidh ar na substaintí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do

chóireáil feithiclí nuair a bhaineann siad an chéim deireadh ré amach, chun í a ailíniú ar bhonn níos dlúithe le Rialachán (AE) [Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe].	chóireáil feithiclí nuair a bhaineann siad an chéim deireadh ré amach, chun í a ailíniú ar bhonn níos dlúithe le Rialachán (AE) 2024/1781.
Leasú 68 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 88 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(88a)Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh freisin, bunaithe ar na dearbhuithe a dhéanann monaróirí, an bhfuil monaróirí ar an mbóthar ceart chun na spriocanna maidir le plaisteach athchúrsáilte a chomhlíonadh. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh sa mheasúnú go háirithe ar infhaighteacht teicneolaíochtaí oiriúnacha athchúrsála plaisteacha, ar infhaighteacht leordhóthanach plaistigh athchúrsáilte, ar leibhéal cáilíochta an phlaistigh athchúrsáilte i gcomparáid leis an leibhéal sábháilteachta is gá agus ar dheacrachtaí teicniúla agus eacnamaíocha chun an sprioc a bhaint amach. I gcás inarb iomchuí, ba cheart togra reachtach ón gCoimisiún chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a leasú a bheith ag gabháil leis an measúnú.
Leasú 69 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 95**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(95) Ba cheart cur i bhfeidhm na bhforálacha uile a bhaineann le feithiclí de chatagóirí L***3e-L7e***, M_2, M_3, N_2, N_3 agus O a chur siar chun am leordhóthanach a sholáthar d'oibreoirí chun na ceanglais nua a chomhlíonadh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin a mhéid a bhaineann le ceadanna le haghaidh saoráidí cóireála údaraithe atá in ann díthruailliú a dhéanamh mar aon le tuilleadh cóireála ar na feithiclí sin.	(95) Ba cheart cur i bhfeidhm na bhforálacha uile a bhaineann le feithiclí de chatagóirí L, M_2, M_3, N_2, N_3 agus O a chur siar chun am leordhóthanach a sholáthar d'oibreoirí chun na ceanglais nua a chomhlíonadh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin a mhéid a bhaineann le ceadanna le haghaidh saoráidí cóireála údaraithe atá in ann díthruailliú a dhéanamh mar aon le tuilleadh cóireála ar na feithiclí sin.

Leasú 70
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Ó [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite ***agus*** feithiclí i gcatagóirí ***L3e, L4e, L5e, L6e agus L7e*** mar a leagtar amach in Airteagal 4(2), ***pointí (c) go (g),*** de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.	(c) Ó [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóirí ***L*** mar a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.

Leasú 71
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) feithiclí sainchuspóireacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3,

pointe (31), de Rialachán (AE) 2018/858 arna dtáirgeadh an monaróir ísealtáirgeachta;

Leasú 72
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) feithiclí de chatagóirí L a tháirgtear i sraitheanna beaga dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;

Leasú 73
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cc) feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil nó arna n-oiriúnú lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha amháin, dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2018/858;

Leasú 74
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cd) feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha, ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun agus ag

	seirbhísí leighis éigeandála, dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;

Leasú 75
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ce) rothair atá deartha i gcomhair troitheála de chuid chatagóir feithicle L1e-B dá dtagraítear i Mír 1.1.2. d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 3/2014;

Leasú 76
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) feithiclí ar díol spéise staire iad, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (7), de Threoir 2014/45/AE.	(d) feithiclí ar díol spéise staire iad mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (7), de Threoir 2014/45/AE ***agus a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a bpáirteanna spártha uile is gá dá ngníomhaíochtaí cothabhála chun a stádas stairiúil a áirithiú;***

Leasú 77
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) feithiclí ar díol spéise iad ó thaobh an chultúir de, ar

	choinníoll go n-aithníonn údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad cláraithe iad go hoifigiúil mar fheithiclí den chineál sin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn Xa a ghabhann leis an Rialachán seo.

Leasú 78
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. D'ainneoin mhír 1, pointe (c), ní bheidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite de ***L_3e, L_4e, L_5e, L_6e and L_7e***:	4. D'ainneoin mhír 1, pointe (c), ní bheidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóirí ***L***:

Leasú 79
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Airteagail a liostaítear i mír 3;	***scriosta***

Leasú 80
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Airteagail a liostaítear i mír 3;	(a) ***Airteagal 4 maidir le hin-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht feithiclí;***

Leasú 81
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) Airteagal 5 maidir le ceanglais i dtaca le substaintí i bhfeithiclí;

Leasú 82
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ab) Airteagal 6 maidir le hábhar íosta athchúrsáilte i bhfeithiclí;

Leasú 83
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ac) Airteagal 9 maidir leis an straitéis chiorclaíochta;

Leasú 84
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ad) Airteagal 10 maidir le dearbhú i dtaca leis an ábhar athchúrsáilte atá i bhfeithiclí;

Leasú 85
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ae) Airteagal 13 maidir le pas ciorclaíochta feithicle;

Leasú 86
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(af) Airteagal 21 maidir le modhnú táillí;

Leasú 87
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ag) Airteagal 22 maidir leis an sásra um leithdháileadh costas le haghaidh feithiclí a thagann chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát eile;

Leasú 88
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ah) Airteagal 28 maidir le ceanglais ghinearálta i dtaca le mionghearradh;

Leasú 89
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ai) Airteagal 34 maidir le spriocanna athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála;

Leasú 90
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a j (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aj) Airteagal 35 maidir le cosc a chur ar dhramhaíl neamhthámh a chur i líonadh talún;

Leasú 91
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a k (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ak) Airteagal 36 maidir le loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite.

Leasú 92
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. D'ainneoin mhír 2, pointe (a), beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le feithiclí sainchuspóireacha:	5. D'ainneoin mhír 2, pointe (a), beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir ***le gach feithicil shainchuspóireach cé is moite de mhótarcharbháin***

	agus carbháin leantóra mar a shainmhínítear i bpointí 5.1 agus 5.6 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858:

Leasú 93
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 6 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. D'ainneoin mhír 1, pointí (b) agus (c), beidh feidhm ag Airteagail 16, 19, 20, 27 agus 46 go 49 maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite i gcatagóirí ***L_3, L_4, L_5, L_6 L_7, M_2, M_3, N_2, N_3 agus O*** ach na modhnuithe seo a leanas a bheith i gceist:	6. D'ainneoin mhír 1, pointí (b) agus (c), beidh feidhm ag Airteagail 16, 19, 20, 27 agus 46 go 49 maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóirí L, M_2, M_3, N_2, N_3 agus O leis na modhnuithe seo a leanas:

Leasú 94
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. D'ainneoin mhír 1, pointe (c), den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 7 agus 30 maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite i gcatagóirí L leis na modhnuithe seo a leanas;
	(a) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 7 maidir le feithiclí i gcatagóirí L ach amháin maidir le hiontrálacha 1, 3, 5, 8 agus 9 de Chuid C d'Iarscríbhinn VII;
	(b) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 30 maidir le feithiclí de chatagóirí L ach amháin

	maidir le hiontrálacha 1, 3, 5, 8 agus 9 de Chuid C d'Iarscríbhinn VII.

Leasú 95
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ciallaíonn 'feithicil' aon fheithicil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (15), de Rialachán (AE) 2018/858 nó a liostaítear in Airteagal 4(2), pointí (c) go (g), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;	(1) ciallaíonn 'feithicil' aon fheithicil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (15), de Rialachán (AE) 2018/858 nó a liostaítear in Airteagal 4(2), pointí (c) go (g), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;

Leasú 96
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn 'feithicil a bhfuil a ré caite' feithicil ar dramhaíl í mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Threoir 2008/98/CE, nó feithiclí atá do-dheisithe de réir na gcritéar i gCuid A, pointí 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I;	(2) ciallaíonn 'feithicil a bhfuil a ré caite' feithicil ar dramhaíl í mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Threoir 2008/98/CE, nó feithiclí atá do-dheisithe de réir na gcritéar i gCuid A, ***pointe 1*** d'Iarscríbhinn I ***a ghabhann leis an Rialachán seo;***;

Leasú 97
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) ciallaíonn 'athshlánú' athphróiseáil sreabháin córais aerchóiriúcháin aisghafa chun feidhmíocht atá coibhéiseach

	le feidhmíocht substainte íne, agus an úsáid atá beartaithe di á cur san áireamh, i saoráidí athshlánúcháin údaraithe a bhfuil an trealamh agus na nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm chun athshlánú na substaintí sin a chumasú agus leibhéal na cáilíochta riachtanaí a fhianú;

Leasú 98
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ciallaíonn ‘plaisteach’ polaiméir de réir bhrí Airteagal 3, ***pointe 5***, de Rialachán ***(CE) Uimh. 1907/2006***, a bhféadfadh breiseáin nó substaintí eile a bheith curtha léi;	(9) ciallaíonn ‘plaisteach’ polaiméir de réir bhrí Airteagal 3, ***pointí (2) agus (3),*** de Rialachán ***(AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún***, a bhféadfadh breiseáin nó substaintí eile a bheith curtha léi***, atá in ann feidhmiú mar phríomh-chomhpháirt struchtúrach d’ábhair agus d’earraí deiridh***;

_____

[1a] Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia (IO L 12, 15.1.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/10/oj).

Leasú 99
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) ciallaíonn 'plaisteach athchúrsáilte' plaisteach ar dhramhaíl é sula ndearnadh athchúrsáil air mar a shainmhínítear in Airteagal 3(17) de Threoir 2008/98/CE agus a táirgeadh trí athchúrsáil;

Leasú 100
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a)ciallaíonn 'dramhaíl réamhthomhaltais' ábhar a atreoraítear ón sruth dramhaíola le linn próiseas monaraíochta, cé is moite d'athúsáid ábhar amhail athoibriú, athghrádú nó fuíoll a ghintear i bpróiseas agus ar féidir é a athshlánú laistigh den phróiseas céanna a ghin é;

Leasú 101
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a)ciallaíonn 'sruth dramhaíola plaistí iarthomhaltais' sruth lena n-áirítear, i measc nithe eile, teirmeaplaisteach, teirmithéachtaí, agus dramhaíl leaistiméire, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 1, de Threoir

	2008/98/CE, a ghintear ó tháirgí ina bhfuil plaistigh tar éis iad a chur ar an margadh;

Leasú 102
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) ciallaíonn ‘ceallra feithicle leictrí’ ceallra feithicle leictrí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (14), de Rialachán (AE) 2023/ [Ceallraí agus ceallraí dramhaíola];	(14) ciallaíonn ‘ceallra feithicle leictrí’ ceallra feithicle leictrí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (14), de Rialachán (AE) 2023/***1542***;

Leasú 103
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a)ciallaíonn ‘ceallra modhanna éadroma iompair’ nó ‘ceallra LMT’ ceallra modhanna éadroma iompair mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe (11), de Rialachán (AE) 2023/1542;

Leasú 104
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) ciallaíonn ‘saoráid chóireála údaraithe’ aon bhunaíocht nó aon ghnóthas a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE agus leis an Rialachán seo chun bailiú agus cóireáil a dhéanamh	(15) ciallaíonn ‘saoráid chóireála údaraithe’ aon bhunaíocht nó aon ghnóthas a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE agus leis an Rialachán seo chun bailiú, ***stóráil*** agus cóireáil a

ar fheithiclí a bhfuil a ré caite;	dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil a ré caite ***nó a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna ina n-aonar nó i gcomhar le saoráidí cóireála eile;***

Leasú 105
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) ciallaíonn ‘oibreoir deisiúcháin agus cothabhála’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn, ar bhealach atá bainteach le trádáil, gnó, ceardaíocht nó gairm an duine sin, seirbhísí deisiúcháin nó cothabhála, bíodh sin neamhspleách ar mhonaróirí nó údaraithe acu;	(18) ciallaíonn ‘oibreoir deisiúcháin agus cothabhála’ duine nádúrtha nó dlítheanach, ***a bhfuil baint dhíreach nó indíreach i ndeisiú agus i gcothabháil feithiclí, agus áirítear leis deisitheoirí, monaróirí nó dáileoirí trealaimh deisiúcháin, uirlisí nó páirteanna spártha, mar aon le foilsitheoirí faisnéise teicniúla, clubanna gluaisteán, oibreoirí cabhrach ar thaobh an bhóthair, oibreoirí a thairgeann seirbhísí cigireachta agus tástála, oibreoirí a thairgeann oiliúint do shuiteálaithe, do mhonaróirí agus do dheisitheoirí trealaimh le haghaidh feithiclí breosla ailtéarnaigh; ina theannta sin, ciallaíonn sé deisitheoirí, déileálaithe agus dáileoirí údaraithe atá rannpháirteach i gcóras dáiliúcháin monaróra feithicle áirithe sa mhéid go bhfuil siad ag soláthar seirbhísí deisiúcháin*** agus cothabhála ***le haghaidh feithiclí nach bhfuil siad rannpháirteach i gcóras dáiliúcháin mhonaróir na feithicle ina dtaobh;***

Leasú 106
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) ciallaíonn 'oibreoir bainistithe dramhaíola' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéileálann ar bhonn gairmiúil le bailiú nó cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite;	(21) ciallaíonn 'oibreoir bainistithe dramhaíola' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéileálann ar bhonn gairmiúil le bailiú nó cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite nó ***a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna***;

Leasú 107
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) ciallaíonn 'táirgeoir' aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáideann sé, lena n-áirítear trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 7, de Threoir 2011/83/AE, a sholáthraíonn feithicil den chéad uair lena dáileadh nó lena húsáid, laistigh de chríoch Ballstáit ar bhonn gairmiúil;	(22) ciallaíonn 'táirgeoir' aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáideann sé, lena n-áirítear trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 7, de Threoir 2011/83/AE, a sholáthraíonn feithicil den chéad uair lena dáileadh nó lena húsáid, laistigh de chríoch Ballstáit ar bhonn gairmiúil; ***i gcás feithiclí ilchéimneacha, is é an táirgeoir monaróir na bonnfheithicle;***

Leasú 108
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) ciallaíonn 'eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí' eintiteas	(23) ciallaíonn 'eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí' eintiteas

dlítheanach a eagraíonn comhlíonadh oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora, ó thaobh airgeadais de nó ó thaobh airgeadais agus oibríochta de, thar ceann roinnt táirgeoirí;	dlítheanach ***neamhbhrabúis*** a eagraíonn comhlíonadh oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora, ó thaobh airgeadais de nó ó thaobh airgeadais agus oibríochta de, thar ceann roinnt táirgeoirí;

Leasú 109
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) ciallaíonn 'ionadaí ceaptha don fhreagracht leathnaithe táirgeora' duine nádúrtha dlítheanach atá bunaithe i mBallstát ina gcuireann an táirgeoir feithiclí ar fáil ar an margadh den chéad uair, atá éagsúil leis an mBallstát ina bhfuil an táirgeoir bunaithe, agus a gceapann an táirgeoir é i gcomhréir le hAirteagal 8a(5), an tríú fomhír, de Threoir 2008/98/CE chun na oibleagáidí ar an táirgeoir sin faoi Chaibidil IV den Rialachán seo a chomhlíonadh;	(24) ciallaíonn 'ionadaí ***údaraithe*** don fhreagracht leathnaithe táirgeora' duine nádúrtha dlítheanach atá bunaithe i mBallstát ina gcuireann an táirgeoir feithiclí ar fáil ar an margadh den chéad uair, atá éagsúil leis an mBallstát ina bhfuil an táirgeoir bunaithe, agus a gceapann an táirgeoir é i gcomhréir le hAirteagal 8a(5), an tríú fomhír, de Threoir 2008/98/CE chun na oibleagáidí ar an táirgeoir sin faoi Chaibidil IV den Rialachán seo a chomhlíonadh;

Leasú 110
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) ciallaíonn 'teicneolaíocht iar-mhionghearrthóra' na teicnící agus na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun ábhair a phróiseáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, i ndiaidh mionghearradh a dhéanamh orthu, lena n-aisghabháil a thuilleadh;	(27) ciallaíonn 'teicneolaíocht iar-mhionghearrthóra' na teicnící agus na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun ábhair a phróiseáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, i ndiaidh mionghearradh a dhéanamh orthu, lena n-aisghabháil agus ***lena n-***

athchúrsáil tuilleadh;

Leasú 111
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) ciallaíonn ‘athmhonarú’ oibríocht ina monaraítear páirt nó comhpháirt nua as páirteanna agus comhpháirteanna a bhaintear ó fheithiclí nó ó fheithiclí a bhfuil a ré caite agus ina ndéantar athrú amháin ar a laghad ar an bpáirt nó ar an gcomhpháirt a dhéanann difear dá sábháilteacht, feidhmíocht, cuspóir nó cineál;	(28) ciallaíonn ‘athmhonarú’ ***oibríocht thionsclaíoch chaighdeánaithe dhoiciméadaithe*** ina monaraítear páirt nó comhpháirt nua ***chun filleadh ar an mbail chéanna mar atá nua, nó ar bhail níos fearr***, ó pháirteanna agus ó chomhpháirteanna a bhaintear d’fheithiclí nó d’fheithiclí a bhfuil a ré caite agus ina ndéantar athrú amháin ar a laghad ar an bpáirt nó ar an gcomhpháirt a dhéanann difear dá sábháilteacht, dá feidhmíocht, dá cuspóir nó dá cineál; ***go bhfuil an próiseas i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla sonracha, lena n-áirítear caighdeáin innealtóireachta, cháilíochta agus tástála, agus go dtáirgeann sé táirgí a bhfuil baránta iomlán acu;***

Leasú 112
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) ciallaíonn ‘athriochtú’ gníomhaíochtaí a dhéantar chun páirt nó comhpháirt a bhaintear ó fheithiclí nó ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a ullmhú, a ghlanadh, a thástáil agus, i gcás inar gá, a dheisiú, chun feidhmíocht nó	(29) ciallaíonn ‘athriochtú’ gníomhaíochtaí a dhéantar chun páirt nó comhpháirt a bhaintear as feithiclí a ullmhú, a ghlanadh, a thástáil agus, i gcás inar gá, a dheisiú chun ***a*** feidhmíocht nó ***a*** feidhmiúlacht a athbhunú;

feidhmiúlacht na páirte nó na comhpháirte sin a athchóiriú laistigh den úsáid bheartaithe agus den raon feidhmíochta a ceapadh ar dtús ag céim an deartha ab infheidhme tráth a cur ar an margadh;

Leasú 113
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) ciallaíonn ‘oibreoirí eacnamaíocha’ táirgeoirí, bailitheoirí, cuideachtaí árachais feithiclí, soláthróirí, oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála, oibreoirí bainistithe dramhaíola agus aon oibreoir eile a bhfuil baint aige i ndearadh feithiclí, i dtrádáil feithiclí athláimhe, nó i mbainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite.	(35) ciallaíonn ‘oibreoirí eacnamaíocha’ táirgeoirí, bailitheoirí, ***díchóimeálaithe, athchúrsálaithe***, cuideachtaí árachais feithiclí, soláthróirí, oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála, ***athmhonaróirí,*** oibreoirí bainistithe dramhaíola agus aon oibreoir eile a bhfuil baint aige i ndearadh feithiclí, i dtrádáil feithiclí athláimhe, nó i mbainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, ***agus a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna, a gcroítháirge nó a gcroípháirt agus a n-ábhair;***

Leasú 114
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35a)ciallaíonn ‘athmhonaróir’ duine nádúrtha nó dlítheanach nó eintiteas dlítheanach a thugann faoin bpróiseas athmhonaraíochta;

Leasú 115
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35b) ciallaíonn 'oibreoirí iarfheistithe' aon duine dlítheanach atá údaraithe chun fearas leictreach tiontaithe a mhonarú nó chun feithiclí innill dócháin inmheánaigh a thiontú go feithiclí ceallra-leictreacha nó breosla-chille;

Leasú 116
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35c)ciallaíonn 'pointe bailiúcháin' oibreoir eacnamaíoch seachas saoráid chóireála údaraithe, a stórálann feithiclí a bhfuil a ré caite go sealadach agus a ullmhaíonn d'aistriú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite chuig saoráidí cóireála údaraithe;

Leasú 117
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35d) ciallaíonn 'clárú' clárú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (b), de Threoir 1999/37/CE; i gcás feithiclí a thagann faoi

	chatagóirí L1 agus L2, i gcás nach bhfuil siad faoi réir clárú riaracháin faoi Threoir 1999/37/CE i mBallstát ar leith, ciallaíonn 'clárú' feithiclí a thaifeadadh i gcóras lena gcumasaítear iad a shainaithint, lena n-áirítear ag an bpointe a chuirtear ar an margadh iad, le linn a n-úsáide nó ag deireadh a ré, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo;

Leasú 118
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35e)ciallaíonn 'indeisitheacht' an fhéidearthacht páirteanna nó comhpháirteanna a atreoraíodh ó fheithicil a dheisiú.

Leasú 119
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) 'substaint ar údar imní é' agus 'iompróir sonraí' a leagtar síos in Airteagal 2, pointí (***28***) agus (***30***) de Rialachán [***Éicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe***].	(e) 'substaint ar údar imní é' agus 'iompróir sonraí' a leagtar síos in Airteagal 2, pointí (***27***) agus (***29***) de Rialachán ***(AE) 2024/1781***;

Leasú 120
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) 'monaróir ísealtáirgeachta' mar a leagtar síos in Airteagal 3, pointe (48), de Rialachán (AE) 2024/1257.

Leasú 121
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Gach feithicil a bhaineann le cineál feithicle ar a ndéantar cineálcheadú ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], faoi Rialachán (AE) 2018/858, tógfar í ar bhealach go mbeidh sí:	1. Gach feithicil a bhaineann le cineál feithicle nua ar a ndéantar cineálcheadú ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], faoi Rialachán (AE) 2018/858, tógfar í ar bhealach go mbeidh sí:

Leasú 122
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cruinneas agus iomláine na faisnéise a fhaightear ó sholáthróirí a fhíorú;	(c) ***iomláine na*** faisnéise a fhaightear ó sholáthróirí a sheiceáil;

Leasú 123
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Tá an oibleagáid a

	leagtar síos faoi mhír 2, pointí (a) agus (c), faoi réir infhaighteacht faisnéise agus sonraí feadh an tslabhra soláthair, agus méid agus saintréithe eagraíochtúla sonracha FBManna á gcur i gcuntas.

Leasú 124
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh an Coimisiún, faoin [OF: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear modheolaíocht ***nua*** maidir le rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta feithicle a ríomh agus a fhíorú, agus na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn II á gcur i gcuntas.	Glacfaidh an Coimisiún, faoin [OF: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear modheolaíocht nua maidir le rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta feithicle a ríomh agus a fhíorú, agus na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn II ***agus i gcaighdeán ISO 22628:2002*** á gcur i gcuntas.

Leasú 125
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfar láithreacht substaintí ar údar imní iad i bhfeithiclí agus ina bpáirteanna agus ina gcomhpháirteanna a íoslaghdú a mhéid is féidir.	1. Déanfar láithreacht substaintí ar údar imní iad i bhfeithiclí agus ina bpáirteanna agus ina gcomhpháirteanna a íoslaghdú ***a mhéid is gá chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a chosc, ar feadh a saolré.***

Déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, faoin... [OF: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí tar éis 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] tuarascáil a ullmhú maidir le substaintí ar údar imní iad, is é sin substaintí a bhfuil éifeacht dhíobhálach acu ar an tsláinte nó ar an gcomhshaol nó a chuireann bac ar athchúrsáil le haghaidh amhábhair thánaisteacha shábháilte ardcháilíochta, atá i bhfeithiclí. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina leagfar amach a thorthaí agus breithneoidh sé gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar liosta substaintí ar údar imní iad, a bheidh infheidhme go sonrach maidir le feithiclí, agus bearta leantacha iomchuí.

Ní chumhdófar leis an tuarascáil dá dtagraítear sa dara mír páirteanna agus comhpháirteanna feithicle a gceanglaítear sainaithint nó measúnú ina leith cheana féin le reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

Leasú 126
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***A mhéid is infheidhme, breithneofar na srianta a***	2. Aon chineál feithicle ***nua*** atá cineálcheadaithe ón [Oifig na

leagtar amach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, de bhreis ar na srianta a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 agus i Rialachán (AE) 2023/[Oifig na bhFoilseachán: Ceallraí], aon chineál feithicle atá cineálcheadaithe ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], faoi Rialachán (AE) 2018/858, ní bheidh luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach ann.

bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], faoi Rialachán (AE) 2018/858***, nó aon pháirteanna nó comhpháirteanna nua a chuirtear ar an margadh le haghaidh na feithicle sin,*** ní bheidh luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach ann.

Leasú 127
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Arna iarraidh sin don Choimisiún, agus laistigh de 12 mhí ón iarraidh a fháil, ullmhóidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (‘an Ghníomhaireacht’) tuarascáil ar indéantacht theicniúil agus eacnamaíoch na roghanna malartacha a bhaineann le díolúintí atá ann cheana a liostaítear in Iarscríbhinn III agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, ullmhóidh sí togra spreagtha maidir leis an leasú sonrach ar an díolúine sin.	5. Arna iarraidh sin don Choimisiún, agus laistigh de 12 mhí ón iarraidh a fháil, ullmhóidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (‘an Ghníomhaireacht’) tuarascáil , bunaithe ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus saineolaithe tionscail, ar indéantacht theicniúil agus eacnamaíoch na roghanna malartacha a bhaineann le díolúintí atá ann cheana a liostaítear in Iarscríbhinn III agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, ullmhóidh sí togra spreagtha maidir leis an leasú sonrach ar an díolúine sin.

Leasú 128
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. A luaithe a gheobhaidh an Ghníomhaireacht an iarraidh ón gCoimisiún, foilseoidh sí fógra ar a suíomh gréasáin go n-ullmhófar tuarascáil ar leasú féideartha ar dhíolúine in Iarscríbhinn III agus iarrfaidh sí ar na páirtithe leasmhara uile barúlacha a chur isteach laistigh de 8 seachtaine ón dáta a fhoilsítear an fógra. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na barúlacha uile a gheobhaidh sí ó na páirtithe leasmhara ar a suíomh gréasáin.	6. A luaithe a gheobhaidh an Ghníomhaireacht an iarraidh ón gCoimisiún, foilseoidh sí fógra ar a suíomh gréasáin go n-ullmhófar tuarascáil ar leasú féideartha ar dhíolúine in Iarscríbhinn III agus iarrfaidh sí ar na páirtithe leasmhara uile barúlacha a chur isteach laistigh de ***12 sheachtain*** ón dáta a fhoilsítear an fógra. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na barúlacha uile a gheobhaidh sí ó na páirtithe leasmhara ar a suíomh gréasáin.

Leasú 129
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. 9 mí ar a dhéanaí i ndiaidh an tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin, an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch na Gníomhaireachta, a bunaíodh de bhun Airteagal 76(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, glacfaidh sé tuairim maidir leis an tuarascáil agus maidir leis na leasuithe sonracha atá beartaithe. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuairim sin faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill.	7. ***12 mhí*** ar a dhéanaí i ndiaidh an tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin, an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch na Gníomhaireachta, a bunaíodh de bhun Airteagal 76(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, glacfaidh sé tuairim maidir leis an tuarascáil agus maidir leis na leasuithe sonracha atá beartaithe. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuairim sin faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill.

Leasú 130
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An plaisteach atá i ngach cineál feithicle atá cineálcheadaithe ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin] faoi Rialachán (AE) 2018/858, beidh íosmhéid 25 % de phlaisteach arna athchúrsáil de réir meáchain ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais ann.	An plaisteach atá i ngach cineál feithicle ***nua*** atá cineálcheadaithe ón [OF: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin] faoi Rialachán (AE) 2018/858, beidh íosmhéid ***20 faoin gcéad*** de chion plaisteach athchúrsáilte arna aisghabháil, lena n-áirítear plaisteach bithbhunaithe, ó dhramhaíl plaisteach iarthomhaltais agus ***ó shruthanna dramhaíola plaistí iarthomhaltais arna sannadh trí líne chúraim de réir chaighdeán ISO 22095:2020***.

Leasú 131
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áirítear ar shruth dramhaíola plaistí iarthomhaltais mar bhunábhar do phlaistigh athchúrsáilte na páirteanna agus na comhpháirteanna uile feithicle atá ag deireadh a ré a bhaintear lena n-athsholáthar le linn na céime úsáide feithicle.

Leasú 132
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní áireofar leaistiméirí agus teirmithéachtaí seachas cúir pholúireatáin maidir le meáchan an phlaistigh athchúrsáilte agus meáchan iomlán na bplaisteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Leasú 133
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Gach cineál feithicle nua atá cineálcheadaithe ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 120 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin], comhlíonfaidh siad sprioc de 5 phointe céatadáin ar a laghad os cionn na sprice a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1, ach amháin má fhágann easpa infhaighteachta nó praghsanna iomarcacha plaisteach athchúrsáilte sonrach go bhfuil sé ródheacair an sprioc sin a chomhlíonadh.

Leasú 134
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Féadfaidh monaróirí suas

	le 50 faoin gcéad ar a mhéad de na spriocanna a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 agus i mír 1a a bhaint amach trí dhramhaíl réamhthomhaltais a úsáid.
Leasú 135 **Togra le haghaidh rialacháin** **Airteagal 6 – mír 1 c (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1c) Bainfear amach 15 faoin gcéad ar a laghad de na spriocanna a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 agus de mhír 1 agus i mír 1a trí phlaistigh arna n-athchúrsáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite sa chineál feithicle lena mbaineann a áireamh.
Leasú 136 **Togra le haghaidh rialacháin** **Airteagal 6 – mír 2**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 23 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh ***cur chun feidhme*** i gcomhréir le hAirteagal ***51(2)*** chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, tríd an modheolaíocht a leagan síos maidir le ríomh agus fíorú a dhéanamh, chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, ar sciar na bplaisteach arna n-aisghabháil ó	2. Faoin ***....*** [OF: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh ***15*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh ***tarmligthe*** i gcomhréir le hAirteagal ***50*** chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, tríd an modheolaíocht a leagan síos maidir le ríomh agus fíorú a dhéanamh, chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, ar úsáid na bplaisteach arna n-aisghabháil ó dhramhaíl ***réamhthomhaltais agus*** iarthomhaltais, agus ó fheithiclí a bhfuil a ré caite faoi

dhramhaíl iarthomhaltais, agus ó fheithiclí a bhfuil a ré caite faoi seach, ***atá i láthair agus a ionchorpraítear sa*** chineál feithicle.

seach, an cineál feithicle ***a mhonarú lena gcuirtear i gcuntas an teicneolaíocht athchúrsála is fearr atá ar fáil.***

Leasú 137
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí sciar íosta de chruach arna hathchúrsáil ó dhramhaíl chruach iarthomhaltais a leagan síos, ar sciar é atá le bheith i láthair agus le hionchorprú i gcineálacha feithicle ar a ndéanfar cineálcheadú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2018/858.	***Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomh*** tarmligthe***,*** i gcomhréir le hAirteagal 50, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí íoschion cruach arna hathchúrsáil ó ***fhuíoll feiriúil agus íoschion alúmanaim athchúrsáilte agus a chóimhiotail*** a bheidh i láthair agus a ionchorprófar i gcineálacha feithiclí atá le cineálcheadú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2018/858 a bhunú. ***Socrófar leis an ngníomh tarmligthe sin freisin dáta chur i bhfeidhm na hoibleagáide sciar íosta d'ábhar athchúrsáilte a bheith ann. Ní mheasfar go dtagann cruach a úsáidtear mar ábhair threisithe i mbonn faoi raon feidhme an ghnímh tharmligthe sin.***

Leasú 138
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunófar an sciar íosta de chruach athchúrsáilte dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar staidéar indéantachta a dhéanfaidh an Coimisiún. Tabharfar an staidéar i gcrích faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh ***23*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus féachfar ann ar na gnéithe seo a leanas go háirithe:	Bunófar an sciar íosta de chruach athchúrsáilte agus ***d'alúmanam athchúrsáilte agus dá chóimhiotail*** dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar staidéar indéantachta a dhéanfaidh an Coimisiún. Tabharfar an staidéar i gcrích faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh ***12*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus féachfar ann ar na gnéithe seo a leanas go háirithe:

Leasú 139
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta na cruach arna hathchúrsáil ó fhoinsí iarthomhaltais dramhaíola cruach;	(a) infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta fuíll*** fheiriúil, lena n-áirítear cruach carbóin cothrom agus fada agus aicmithe um tháirgí cruach dosmálta;

Leasú 140
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an sciar reatha de dhramhaíl iarthomhaltais i leath-tháirgí agus táirgí idirmheánacha cruach éagsúla a úsáidtear i bhfeithiclí;	(b) an sciar reatha de ***dhramh feiriúil*** i leath-tháirgí agus táirgí idirmheánacha cruach éagsúla ***a bhaineann le haicmithe cruach a úsáidtear i bhfeithiclí agus athruithe a bhfuiltear ag súil leo a bhaineann le haistriú an tionscail ghluaisteán;***

Leasú 141
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) glacadh féideartha na cruach athchúrsáilte iarthomhaltais ag monaróirí i bhfeithiclí atá le cineálcheadú amach anseo;	(c) glacadh féideartha ***fuíll fheiriúil*** ag monaróirí i bhfeithiclí a bheidh le cineálcheadú amach anseo i ***bhfianaise na srianta éagsúla comhdhéanaimh is infheidhme maidir le gach fine táirgí cruach;***

Leasú 142
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) éileamh coibhneasta na hearnála mótarfheithiclí i gcomparáid leis an éileamh ar dhramhaíl chruach iarthomhaltais ó earnálacha eile;	(d) éileamh coibhneasta na hearnála mótarfheithiclí i gcomparáid leis an éileamh ar ***fhuíolldramhaíl fheiriúil ó earnálacha eile i bhfianaise an chumais cion copair a fhulaingt, agus cuimsiú dramh-mhiotail neamhbheartaithe eile.***

Leasú 143
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) inmharthanacht eacnamaíoch, dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear athruithe ar infhaighteacht teicneolaíochtaí	(e) inmharthanacht eacnamaíoch, dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear athruithe ar infhaighteacht teicneolaíochtaí

athchúrsála a bhaineann le rátaí athchúrsála cruach;	athchúrsála a bhaineann le rátaí athchúrsála cruach chomh maith leis an rannchuidiú reatha ó dhramh-athchúrsáil réamhthomhaltais;

Leasú 144
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) an rannchuidiú ó sciar íosta de chion athchúrsáilte cruach i bhfeithiclí le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus lena chuspóirí aeráide agus comhshaoil;	(f) an rannchuidiú ó sciar íosta de chion athchúrsáilte cruach***, cruach CO_2 íseal agus alúmanaim agus a chóimhiotail*** i bhfeithiclí le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus lena chuspóirí aeráide, comhshaoil ***agus tionsclaíocha, go háirithe maidir le margaí luaidhe a chruthú;***

Leasú 145
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) an gá atá le tionchair dhiúltacha dhíréireacha ar inacmhainneacht feithiclí a chosc; ***agus***	(g) an gá atá le tionchair dhiúltacha dhíréireacha ar inacmhainneacht feithiclí a chosc;

Leasú 146
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) an tionchar ar chostais agus iomaíochas foriomlán na hearnála	(h) an tionchar ar chostais agus iomaíochas foriomlán na hearnála

mótarfheithiclí.	mótarfheithiclí ***agus an slabhra luacha ar fad***;

Leasú 147
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ha) infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta alúmanaim agus a chóimhiotail arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl réamhthomhaltais agus iarthomhaltais;

Leasú 148
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe h b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(hb) na sciartha reatha d'ábhar athchúrsáilte ó dhramhaíl iarthomhaltais in alúmanam agus a chóimhiotail i bhfeithiclí a chuirtear ar an margadh; agus

Leasú 149
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 2 – pointe h c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(hc) tionchair fhéideartha ar fheidhmiú feithiclí ó chion athchúrsáilte an alúmanaim agus a chóimhiotail a ionchorprú i bpáirteanna agus i gcomhpháirteanna feithicle;

Leasú 150
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an mhodheolaíocht maidir le ríomh agus fíorú a dhéanamh ar an sciar cruach arna hathchúrsáil ó dhramhaíl chruach iarthomhaltais atá i láthair agus a ionchorpraítear i gcineálacha feithicle.	***Faoin …. Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh*** an Coimisiún gníomh ***tarmligthe*** lena mbunófar an mhodheolaíocht chun ***cion athchúrsáilte alúmanaim agus a chóimhiotail agus cruach ó fhuíoll feiriúil a ríomh agus a fhíorú, agus, i gcás inarb ábhartha, an sciar de chruach íseal CO_2*** atá i gcineálacha feithiclí agus atá ionchorpraithe iontu.

Leasú 151
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 51(2).	Déanfar na gníomhartha ***tarmligthe*** sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***50***.

Leasú 152
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin [Oifig na bhFoilseachán:	Faoin [Oifig na bhFoilseachán:

Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh ***35*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún ***measúnú ar a indéanta a bheadh sé ceanglas a leagan síos maidir le*** sciar íosta de na nithe seo a leanas:	Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh ***36*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ***glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal 50, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí sciar íosta díobh seo*** a leanas a bhunú:

Leasú 153
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) alúmanam agus na cóimhiotail dá chuid, maignéisiam agus na cóimhiotail dá chuid, arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais agus arna n-ionchorprú i gcineálacha feithicle; agus	(a) maignéisiam agus a chóimhiotail, arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl ***réamhthomhaltais agus*** iarthomhaltais agus arna n-ionchorprú i gcineálacha feithicle; agus

Leasú 154
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam nó bórón arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais agus arna n-ionchorprú i mbuanmhaighnéid i mótair ríomhthiomána.	(b) neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam nó bórón arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl réamhthomhaltais agus iarthomhaltais agus arna n-ionchorprú i mbuanmhaighnéid i mótair ríomhthiomána.

Leasú 155
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tar éis an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír a thabhairt i gcrích, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe ***a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 50, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí*** sciar íosta ***a leagan síos maidir le halúmanam agus na cóimhiotail dá chuid, maignéisiam agus na cóimhiotail dá chuid, neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam nó bórón*** arna n-athchúrsáil ***ó dhramhaíl réamhthomhaltais agus iarthomhaltais a bheidh i láthair agus a ionchorprófar sna cineálacha feithiclí atá le cineálcheadú faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (AE) 2018/858.***	***Leis an ngníomh*** tarmligthe ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír, socrófar freisin dáta chur i bhfeidhm na hoibleagáide*** sciar íosta d'***ábhar*** athchúrsáilte a bheith ann.

Leasú 156
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunófar an sciar íosta de chion athchúrsáilte na n-ábhar dá dtagraítear sa dara fomhír ar an staidéar indéantachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus na nithe seo a leanas uile á gcur san áireamh:	Beidh an sciar íosta d'ábhar athchúrsáilte na n-ábhar dá dtagraítear sa ***chéad*** fhomhír bunaithe ar an staidéar féidearthachta***, arna dhéanamh ag an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún bailchríoch ar an staidéar faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an***

	Rialacháin seo], agus an méid uile seo a leanas á chur i gcuntas:

Leasú 157
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta na n-ábhar a liostaítear sa dara fomhír arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais;	(a) infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta na n-ábhar a liostaítear sa dara fomhír arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl ***réamhthomhaltais agus*** iarthomhaltais;

Leasú 158
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an mhodheolaíocht maidir le ríomh agus fíorú a dhéanamh ar sciar na n-ábhar arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais i gcineálacha feithicle.	***Faoin .... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh*** an Coimisiún gníomh ***tarmligthe*** lena mbunófar an mhodheolaíocht chun sciar na n-ábhar ***dá dtagraítear sa mhír seo*** arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl ***réamhthomhaltais agus*** iarthomhaltais i gcineálacha feithiclí a ríomh agus a fhíorú.

Leasú 159
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 51(2).	Déanfar an gníomh ***tarmligthe*** sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***50***.

Leasú 160
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Gach feithicil a bhaineann le cineál feithicle ar a ndéantar cineálcheadú ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar aghaidh, dearfar é ar bhealach nach gcuirfidh bac ar shaoráidí cóireála údaraithe na páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VII a bhaint ón bhfeithicil lena mbaineann le linn chéim dhramhaíola na feithicle.	1. Gach feithicil a bhaineann le cineál feithicle nua ar a ndéantar cineálcheadú ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], dearfar iad ar bhealach ***lenar féidir le*** saoráidí cóireála údaraithe na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VII ***a bhaint go héasca*** den fheithicil lena mbaineann le linn chéim dhramhaíola na feithicle ***d'fhonn iad a athsholáthar, a athúsáid, a athchúrsáil, a athmhonarú nó a athfheistiú i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil.***

Leasú 161
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gach feithicil a bhaineann le cineál feithicle ar a ndéantar cineálcheadú ón [Oifig na	2. Gach feithicil a bhaineann le cineál feithicle nua ar a ndéantar cineálcheadú ón [Oifig

bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] faoi Rialachán (AE) 2018/858, dearfar í, a mhéid a bhaineann le heilimintí ceangail agus séalúcháin, ionas gur féidir le saoráidí cóireála údaraithe nó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála, ar bhealach éasca agus neamhscriosach, na ceallraí feithicle leictrí agus na mótair ríomhthiomána a bhaint agus a athsholáthar ón bhfeithicil le linn chéim úsáide agus chéim dhramhaíola na feithicle.	na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] faoi Rialachán (AE) 2018/858, dearfar í, ***lena n-áirítear*** a mhéid a bhaineann le heilimintí ceangail agus séalúcháin, ionas gur féidir le saoráidí cóireála údaraithe nó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála, ar bhealach éasca agus neamhscriosach, ceallraí feithiclí leictreacha ***agus a bpacaí ceallraí*** agus a mótair ríomhthiomána a bhaint agus a athsholáthar ón bhfeithicil le linn chéim úsáide agus chéim dhramhaíola na feithicle.

Leasú 162
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Ní chuirfidh monaróirí bac ar pháirteanna agus comhpháirteanna feithicle a bhaint agus a athsholáthar trí úsáid a bhaint as nuashonruithe bogearraí. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh rochtain ar an doiciméadacht bogearraí agus ar na huirlisí diagnóiseacha is gá.

Leasú 163
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Léireoidh monaróirí go	1. Léireoidh monaróirí go

ndéantar cineálcheadú ar na feithiclí nua a mhonaraíonn siad agus a chuirtear ar an margadh, i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2018/858 agus ceanglais an Rialacháin seo.	ndéantar ***cineálcheadú*** ar na feithiclí nua a mhonaraíonn siad agus a chuirtear ar an margadh, i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2018/858, ***Rialachán (AE) Uimh. 168/2013*** agus ceanglais an Rialacháin seo.

Leasú 164
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun cineálcheadú a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil feidhm ag na ceanglais in Airteagail 4, 5, 6 nó 7 maidir leo, soláthróidh an monaróir an doiciméadacht lena léireofar comhlíonadh na gceanglas sin agus déanfaidh sé:	2. Chun cineálcheadú a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil ***feidhm*** ag na ceanglais in Airteagail 4, 5 ***(1), (2)***, 6 nó 7 ***maidir leo***, soláthróidh an monaróir an doiciméadacht lena léireofar comhlíonadh na gceanglas sin agus déanfaidh sé:

Leasú 165
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) í a áireamh san fhillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/858; agus	(a) í a áireamh san fhillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/858 nó in Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, de réir mar is infheidhme; agus

Leasú 166
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) í a chur faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/858.	(b) í a chur faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/858 ***nó in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, de réir mar is infheidhme***.

Leasú 167
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Chun cineálcheadú a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil feidhm ag an gceanglas in Airteagal 9 maidir leo, cuirfidh an monaróir an straitéis chiorclaíochta faoi bhráid an údaráis chineálcheadaithe in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/858.	***scriosta***

Leasú 168
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun cineálcheadú a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10 maidir leo, déanfaidh an monaróir an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10(1) a tharraingt suas agus í a chur faoi bhráid an	4. Chun críocha cineálcheadú feithiclí a bhfuil feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10 maidir leo, tarraingeoidh an monaróir suas an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus cuirfidh sé faoi bhráid ***an údaráis***

údaráis cineálcheadaithe, i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/858, in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán sin.

cineálcheadaithe í, i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/858, in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán sin nó i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, chuig an údarás cineálcheadaithe in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.

Leasú 169
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Chun cineálcheadú a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 maidir leo, cuirfidh an monaróir an dearbhú lena ndeimhnítear comhlíonadh an cheanglais a leagtar amach in Airteagal 11(1) faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe, i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/858, in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán sin.	5. Chun críocha cineálcheadú feithiclí a bhfuil feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 maidir leo, cuirfidh an monaróir an dearbhú lena ndeimhnítear comhlíonadh an cheanglais a leagtar amach in Airteagal 11(1), i gcomhréir le 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/858, faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán sin ***nó i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.***

Leasú 170
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás gach cineáil feithicle ar a ndéantar cineálcheadú faoi Rialachán (AE) 2018/858 ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an monaróir straitéis chiorclaíochta a tharraingt suas.	1. Déanfaidh ***monaróirí feithiclí*** an méid seo a leanas ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ***straitéis chiorclaíochta a tharraingt suas ar leibhéal an mhonaróra agus cóip a sholáthar don Choimisiún.*** ***D'ainneoin fhomhír 1, féadfaidh monaróirí straitéis chiorclaíochta a tharraingt suas freisin ar leibhéal na catagóire feithicle***.

Leasú 171
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tabharfar tuairisc sa straitéis chiorclaíochta ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na monaróirí chun bearta leantacha a dhéanamh ar a n-oibleagáidí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais chiorclaíochta i gCaibidil II, ar ceanglais iad a fhíoraítear sna nósanna imeachta um chineálcheadú agus is infheidhme maidir leis an gcineál feithicle lena mbaineann.	2. Tabharfar tuairisc sa straitéis chiorclaíochta ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na monaróirí chun obair leantach a dhéanamh ar a n-oibleagáidí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais chiorclaíochta i gCaibidil II. ***Cuirfear i gcuntas sa straitéis chiorclaíochta na hacmhainneachtaí agus an fhaisnéis atá ar fáil go hiarbhír ó sholáthróirí, go háirithe FBManna.***

Leasú 172
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Soláthróidh an monaróir cóip den straitéis chiorclaíochta don Choimisiún laistigh de 30 lá tar éis dheonú an chineálcheadaithe le haghaidh an chineáil feithicle lena mbaineann.	***scriosta***

Leasú 173
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfaidh an monaróir faireachán agus bearta leantacha ar na gníomhaíochtaí atá sa straitéis chiorclaíochta agus tabharfaidh sé an straitéis cothrom le dáta gach 5 bliana i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn IV. ***Soláthrófar an straitéis chiorclaíochta cothrom le dáta don údarás cineálcheadaithe a d'eisigh an cineálcheadú le haghaidh an chineáil feithicle agus don Choimisiún.***	5. Déanfaidh an monaróir faireachán agus obair leantach ar na gníomhaíochtaí atá sa straitéis chiorclaíochta agus tabharfaidh sé an straitéis cothrom le dáta, ***ina léireofar na hathruithe nua ábhartha ar an straitéis chiorclaíochta,*** gach 5 bliana i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn IV

Leasú 174
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun Cuid B d'Iarscríbhinn IV a leasú trí na ceanglais maidir	***scriosta***

le hábhar na straitéise ciorclaíochta agus na nuashonruithe ar an straitéis sin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch sa mhonarú feithiclí agus sa bhainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, d'fhorbairtí margaidh san earnáil mótarfheithiclí agus d'athruithe rialála.

Leasú 175
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 83 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach ***6*** bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chiorclaíocht na hearnála mótarfheithiclí a tharraingt suas agus a fhoilsiú. Beidh an tuarascáil bunaithe go háirithe ar straitéisí ciorclaíochta agus nuashonruithe ar na straitéisí sin.	8. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 83 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach ***5*** bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chiorclaíocht na hearnála mótarfheithiclí a tharraingt suas agus a fhoilsiú. Beidh an tuarascáil bunaithe go háirithe ar straitéisí ciorclaíochta agus nuashonruithe ar na straitéisí sin.

Leasú 176
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Dearbhóidh monaróirí, i gcás gach cineáil feithicle a bheidh cineálcheadaithe amhail ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin]	Dearbhóidh monaróirí, i gcás gach cineáil feithicle ***nua*** a bheidh cineálcheadaithe amhail ón ***…*** [OF: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 12 mhí tar éis ***ghlacadh*** na ***ngníomhartha tarmligthe lena***

ar aghaidh, faoi Rialachán (AE) 2018/858, an sciar den ábhar athchúrsáilte seo a leanas faoi seach:	***mbunaítear na modheolaíochtaí chun ábhar athchúrsáilte atá i bhfeithiclí a ríomh agus a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 6]*** faoi Rialachán (AE) 2018/858, an sciar faoi seach den chion athchúrsáilte díobh seo a leanas:

Leasú 177
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cruach.	(d) cruach agus a chóimhiotail;

Leasú 178
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) plaistigh.

Leasú 179
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bainfidh an dearbhú le cion athchúrsáilte na n-ábhar sin atá i láthair sa chineál feithicle agus léireofar leis, de réir sciar na n-ábhar, cibé acu a dhéantar an t-ábhar a athchúrsáil ó dhramhaíl réamhthomhaltais nó ó dhramhaíl iarthomhaltais.	Bainfidh an dearbhú le hábhar athchúrsáilte na n-ábhar sin atá sa chineál feithicle agus léireofar ann, in aghaidh an sciar ábhair, ***agus i gcás comhpháirteanna plaisteacha atá níos troime ná 100 g***, cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an t-ábhar a athchúrsáil ó dhramhaíl réamhthomhaltais nó ó dhramhaíl iarthomhaltais.

Leasú 180
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir leis an sciar den chion athchúrsáilte in ábhar áirithe a dhearbhú i gcás ina mbeidh sprioc leagtha síos le haghaidh an ábhair sin faoi Airteagal 6(3) nó (4).	3. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir leis an sciar den chion athchúrsáilte in ábhar áirithe a dhearbhú i gcás ina mbeidh sprioc leagtha síos le haghaidh an ábhair sin faoi Airteagal 6(1), (3) nó (4).

Leasú 181
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar aghaidh, soláthróidh monaróirí rochtain neamhshrianta, chaighdeánaithe agus neamh-idirdhealaitheach ar an bhfaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn V d'oibreoirí bainistithe dramhaíola agus d'oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála, rud a chumasóidh rochtain ar na nithe seo a leanas agus a chumasóidh a mbaint shábháilte agus a n-athsholáthar sábháilte:	1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], soláthróidh monaróirí, ***i gcás cineálacha nua feithiclí a cineálcheadaíodh,*** rochtain neamhshrianta, chaighdeánaithe agus neamh-idirdhealaitheach d'oibreoirí bainistithe dramhaíola, d'oibreoirí deisiúcháin, d'oibreoirí cothabhála ***agus do sheirbhísí éigeandála, lena n-áirítear trí uirlisí atá in úsáid cheana ag tionscal na ngluaisteán,*** ar an bhfaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn V, lena gcumasófar rochtain ar an méid seo a leanas agus baint agus athsholáthar sábháilte an mhéid seo a leanas:

Leasú 182
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ceallraí feithicle leictrí atá ionchorpraithe san fheithicil;	(a) ceallraí feithiclí leictreacha ***agus a bpacáí ceallraí*** atá ionchorpraithe san fheithicil;

Leasú 183
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) páirteanna agus comhpháirteanna, ina bhfuil na hamhábhair chriticiúla dá dtagraítear in Airteagal 27(1), pointe (b), de Rialachán (AE) [Gníomh CRM] tráth an chineálcheadaithe ar an bhfeithicil;	(e) páirteanna agus comhpháirteanna, ina bhfuil na hamhábhair chriticiúla dá dtagraítear in Airteagal ***28(1),*** pointe (b), de Rialachán (AE) ***2024/1252*** tráth an chineálcheadaithe ar an bhfeithicil;

Leasú 184
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Soláthróidh monaróirí faisnéis treorach maidir le tarrtháil agus práinnfhreagairt.

Leasú 185
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh monaróirí go mbeidh comhar ann leis na hoibreoirí cóireála údaraithe agus na hoibreoirí deisiúcháin agus cothabhála ach na hardáin chumarsáide is gá a bhunú chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn V a sholáthar agus a choimeád cothrom le dáta.	Áiritheoidh monaróirí comhar leis na hoibreoirí údaraithe cóireála, leis na ***hoibreoirí iarfheistithe,*** agus leis na hoibreoirí deisiúcháin agus cothabhála trí na hardáin chumarsáide is gá a bhunú chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn V a sholáthar agus a choimeád cothrom le dáta.

Leasú 186
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Soláthróidh na monaróirí an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír saor in aisce. Féadfaidh na monaróirí muirir a bhailiú ó oibreoirí bainistithe dramhaíola agus ó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála suas leis an méid is gá chun na costais riaracháin a eascraíonn as an bhfaisnéis is gá a dhéanamh inrochtana trí ardáin chumarsáide a chumhdach.	Soláthróidh na monaróirí an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír saor in aisce. Féadfaidh na monaróirí muirir ***réasúnta agus chomhréireacha*** a bhailiú ó oibreoirí bainistithe dramhaíola agus ó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála ***a mhéid is*** gá chun na costais riaracháin ***iarbhír arna dtabhú*** chun an fhaisnéis is gá a dhéanamh inrochtana trí ardáin chumarsáide a chumhdach.

Leasú 187
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50	***scriosta***

chun Iarscríbhinn V a leasú trí athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar i bhfeithiclí agus ar raon feidhme na faisnéise atá le soláthar ag na monaróirí.

Leasú 188
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh lipéad feiceálach doscriosta inléite go soiléir ar mhótair ríomhthiomána ina bhfuil buanmhaighnéid, ar a léireofar an fhaisnéis a liostaítear i bpointe 4 d'Iarscríbhinn VI.	2. ***Ó [OF: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** áiritheoidh monaróirí go mbeidh lipéad feiceálach, inléite go soiléir agus doscriosta ar ***pháirteanna agus comhpháirteanna feithiclí*** ina bhfuil buanmhaighnéid lena léirítear an fhaisnéis ***i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1252.***

Leasú 189
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Pas Ciorclaíochta Feithicle	Pas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle

Leasú 190
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh ***84*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin] ar aghaidh, beidh pas ciorclaíochta feithicle ag gach feithicil a chuirfear ar an margadh, a bheidh ailínithe le pasanna comhshaoil eile a bhaineann le feithiclí arna mbunú faoi dhlí an Aontais agus, i gcás inar féidir, a bheidh comhtháthaithe sna pasanna sin freisin.	1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh ***72*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin] beidh pas ***digiteach*** ciorclaíochta feithicle ag gach feithicil a chuirfear ar an margadh, a bheidh ailínithe ***agus idir-inoibritheach*** le pasanna comhshaoil eile a bhaineann le feithiclí arna mbunú faoi dhlí an Aontais agus, i gcás inar féidir, a bheidh comhtháite iontu.

Leasú 191
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán seo sa phas ciorclaíochta feithicle i bhformáid dhigiteach agus beidh rochtain saor in aisce air.	2. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear ***in Airteagal 5(2) agus (3), agus in Airteagail 10 agus*** 11 den Rialachán seo i bhformáid dhigiteach sa phas ciorclaíochta feithicle agus beidh sé inrochtana saor in aisce.

Leasú 192
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh an monaróir a chuirfidh an fheithicil ar an margadh go mbeidh an fhaisnéis sa phas ciorclaíochta feithicle cruinn, iomlán agus cothrom le dáta.	3. ***Áiritheoidh*** an monaróir, ***tráth a*** chuirfear an fheithicil ar an margadh, go mbeidh an fhaisnéis sa phas feithicle ciorclaí cruinn, iomlán agus cothrom le dáta.

Leasú 193
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Tiocfaidh deireadh le pas ciorclaíochta feithicle de chuid feithicle atá tagtha chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite 6 mhí ar a luaithe tar éis an deimhniú scriosta le haghaidh na feithicle sin a bhfuil deireadh a ré caite a bheith eisithe.	5. Scoirfidh pas ciorclaíochta feithicle atá tagtha chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite de bheith ann ***6*** mhí ar a luaithe tar éis eisiúint an deimhnithe ***onnmhairiúcháin*** nó scriosta le haghaidh na feithicle sin a bhfuil a ré caite.

Leasú 194
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:	***Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin ar a dhéanaí]*** glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

Leasú 195
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) bealach agus sonraíocht theicniúil an réitigh a atá le húsáid chun rochtain a fháil ar an bpas ciorclaíochta feithicle;	(a) modh agus ***buncheanglais an*** réitigh theicniúil atá le húsáid chun rochtain a fháil ar an bpas ciorclaíochta feithicle ***ar bhealach nach gcuireann bac***

ar aon réiteach teicneolaíoch;

Leasú 196
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6 – fomhír 1 – pointe b – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) idir-inoibritheacht an phas ciorclaíochta feithicle le pasanna eile a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais;	(i) idir-inoibritheacht ***agus ailíniú*** an phas ciorclaíochta feithicle le pasanna eile a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais;

Leasú 197
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6 – fomhír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) na coinníollacha maidir le rochtain ar an bpas ciorclaíochta feithicle, lena n-áirítear an ceart rochtana agus na rialacha ábhartha maidir le sonraí a chosaint agus cearta maoine intleachtúla a chosaint;

Leasú 198
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a cheangal ar tháirgeoirí nó, i gcás ina gceaptar iad i gcomhréir le hAirteagal 18, ar eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, conarthaí a thabhairt i gcrích le saoráidí

	cóireála údaraithe chun a n-oibleagáidí um fhreagracht táirgeoirí a chur chun feidhme.

Leasú 199
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Glacfaidh an Coimisiún, faoin ... [OF: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos ceanglais mhionsonraithe is infheidhme maidir leis na conarthaí dá dtagraítear i mír 3a, d'fhonn téarmaí agus coinníollacha cothroma, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 51(2).

Leasú 200
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ón [Oifig na bhFoilseachán: Ón [Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm] ar aghaidh, beidh an fhreagracht leathnaithe táirgeora ar tháirgeoirí as feithiclí a chuirfidh siad ar fáil ar an	Ón [Oifig na bhFoilseachán: Ón [Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm] ar aghaidh, beidh an fhreagracht leathnaithe táirgeora ar tháirgeoirí as feithiclí a chuirfidh siad ar fáil ar an

margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit. An scéim arna bunú ag táirgeoirí chun an fhreagracht sin a fheidhmiú, beidh sí i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 8a de Threoir 2008/98/CE agus comhlíonfaidh sí ceanglais na Caibidle seo.	margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit. An scéim arna bunú ag táirgeoirí chun an fhreagracht sin a fheidhmiú, ***comhlíonfaidh*** sí Airteagail 8 agus 8a de Threoir 2008/98/CE agus comhlíonfaidh sí ceanglais na Caibidle seo.

Leasú 201
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm], bunóidh na Ballstáit clár de tháirgeoirí a mbeidh sé de chuspóir aige faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais na Caibidle seo ag táirgeoirí.	Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] bunóidh na Ballstáit clár táirgeoirí, ***nó úsáidfidh siad clár táirgeoirí atá ann cheana,*** a fhónfaidh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais na Caibidle seo ag táirgeoirí.

Leasú 202
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Soláthrófar leis an gclár naisc chuig suíomhanna gréasáin de chláir náisiúnta táirgeoirí eile chun clárú na dtáirgeoirí nó clárú na n-ionadaithe ceaptha le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora a éascú.	Soláthrófar leis an gclár naisc chuig suíomhanna gréasáin de chláir náisiúnta táirgeoirí eile chun gur fusa táirgeoirí nó ionadaithe ***údaraithe*** maidir le freagracht leathnaithe táirgeoirí a chlárú.

Leasú 203
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh an Coimisiún tairseach aonair ina mbeidh na naisc chuig na cláir náisiúnta uile chun clárú táirgeoirí sna Ballstáit uile a éascú.

Leasú 204
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní chuirfidh táirgeoirí feithiclí ar fáil ar mhargadh Ballstáit, ach amháin má bhíonn siad cláraithe sa Bhallstát sin, nó, i gcás údaraithe, má bhíonn a n-ionadaithe ceaptha le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora cláraithe sa Bhallstát sin.	Ní chuirfidh táirgeoirí feithiclí ar fáil ar mhargadh Ballstáit, ach amháin má bhíonn siad cláraithe sa Bhallstát sin, nó, i gcás údaraithe, má bhíonn a n-ionadaithe ***údaraithe*** le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora cláraithe sa Bhallstát sin.

Leasú 205
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Féadfaidh ionadaí ceaptha le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora na hoibleagáidí faoin Airteagal seo a	6. Féadfaidh ionadaí údaraithe le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora na hoibleagáidí faoin Airteagal seo a

chomhlíonadh thar ceann táirgeora.

chomhlíonadh thar ceann táirgeora. ***Má dhéanann ionadaí údaraithe amháin ionadaíocht ar níos mó ná táirgeoir amháin sa tír, soláthróidh an t-ionadaí údaraithe sin ainm agus sonraí teagmhála gach ceann de na táirgeoirí a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu ar leithligh.***

Leasú 206
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
11. An táirgeoir, nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí ceaptha an táirgeora le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí arna ceapadh thar ceann na dtáirgeoirí dá ndéanann sí ionadaíocht, tabharfaidh sé nó sí fógra don údarás inniúil gan moill mhíchuí faoi aon athrú ar an bhfaisnéis sa chlárúchán agus faoi aon scor buan a mhéid a bhaineann leis na feithiclí dá dtagraítear sa chlárúchán a chur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit.	11. An táirgeoir, nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí ***údaraithe*** an táirgeora le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí arna ceapadh thar ceann na dtáirgeoirí dá ndéanann sí ionadaíocht, tabharfaidh sé nó sí fógra don údarás inniúil gan moill mhíchuí faoi aon athrú ar an bhfaisnéis sa chlárúchán agus faoi aon scor buan a mhéid a bhaineann leis na feithiclí dá dtagraítear sa chlárúchán a chur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit.

Leasú 207
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
12. An táirgeoir nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí ceaptha an táirgeora le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora nó an eagraíocht um fhreagracht	12. An táirgeoir nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí ***údaraithe*** an táirgeora le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora nó an eagraíocht um fhreagracht

táirgeoirí, tuairisceoidh sé nó sí don údarás inniúil atá freagrach as an gclár maidir le feidhmíocht na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí.	táirgeoirí, tuairisceoidh sé nó sí don údarás inniúil atá freagrach as an gclár maidir le feidhmíocht na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí. ***I gcás nach bhfuil an fhaisnéis atá i gclár na dtáirgeoirí inrochtana don phobal, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain saor in aisce ag na soláthraithe ar ardáin ar líne, lena bhféadfaidh tomhaltóirí cianchonarthaí a chur i gcrích le táirgeoirí, ar an bhfaisnéis sin.***

Leasú 208
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí ina seilbh a mhéid a bhaineann le faisnéis dílseánaigh nó faisnéis is inchurtha go díreach i leith táirgeoirí aonair nó a n-ionadaithe údaraithe le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora.	2. Áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí ina seilbh a mhéid a bhaineann le faisnéis dílseánaigh nó faisnéis is inchurtha go díreach i leith táirgeoirí aonair nó a n-ionadaithe ***údaraithe*** le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora.

Leasú 209
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Anuas ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8a(3), pointe (e), de Threoir 2008/98/CE, foilseoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ar a suíomhanna gréasáin gach bliain ar a laghad, faoi réir rúndacht	3. Sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8a(3), pointe (e), de Threoir 2008/98/CE, foilseoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ***nó táirgeoirí aonair*** ar a suíomhanna gréasáin gach bliain

tráchtála agus thionsclaíoch, faisnéis faoi bhailiú feithiclí a bhfuil a ré caite agus baint amach na spriocanna maidir le hathúsáid agus athchúrsáil, athúsáid agus aisghabháil agus athchúrsáil plaisteach ag na táirgeoirí a chuir an eagraíochta um fhreagracht táirgeoirí ar iontaoibh.

ar a laghad, faoi réir rúndacht tráchtála agus thionsclaíoch, an fhaisnéis maidir le bailiú feithiclí a bhfuil a ré caite agus baint amach spriocanna maidir le hathúsáid agus athchúrsáil, athúsáid agus aisghabháil agus athchúrsáil phlaisteach ag na táirgeoirí a chuir de chúram ar an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí ***nó ag an táirgeoir a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh ina n-aonar.***

Leasú 210
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3, cuirfidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí faisnéis maidir leis an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh oibreoirí bainistithe dramhaíola arna roghnú i gcomhréir le mír 4a ar fáil go poiblí.

Leasú 211
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí go ndéanfar ionadaíocht chóir ar tháirgeoirí agus ar oibreoirí bainistithe dramhaíola ina gcomhlachtaí rialaithe.	4. Áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ionadaíocht ***chomhréireach*** ar tháirgeoirí agus ar oibreoirí bainistithe dramhaíola ***atá gníomhach i mbailiú agus i gcóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite ina gcomhlachtaí rialaithe, lena n-***

	áirítear ar na boird feidhmiúcháin agus chomhairleacha.

Leasú 212
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Beidh na hoibreoirí bainistithe dramhaíola faoi réir nós imeachta roghnúcháin neamh-idirdhealaitheach, bunaithe ar chritéir thrédhearcacha dhámhachtana, arna dhéanamh ag táirgeoirí nó ag eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí agus nach gcuireann ualach díréireach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Leasú 213
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na costais a bhaineann le bailiú feithiclí a bhfuil a ré caite is gá chun na ceanglais in Airteagail 23 go 26 a chomhlíonadh agus na costais a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite is gá chun na ceanglais in Airteagail 27 go 30, 34 agus 35 a chomhlíonadh, ar choinníoll nach gcumhdófar iad le hioncaim na n-oibreoirí bainistithe dramhaíola nasctha le díolacháin na bpáirteanna spártha athláimhe agus na gcomhpháirteanna spártha athláimhe, na bhfeithiclí a bhfuil a	(a) na costais a bhaineann le bailiú feithiclí a bhfuil a ré caite is gá chun na ceanglais in Airteagail 23 go 26 a chomhlíonadh agus na costais a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite is gá chun na ceanglais in Airteagail 27 go 30, 34 agus 35 a chomhlíonadh, ag cur san áireamh aon ioncam ó oibreoirí bainistithe dramhaíola a fuarthas ó dhíolacháin na bpáirteanna spártha athláimhe agus na gcomhpháirteanna spártha athláimhe, na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite arna

ré caite arna ndíthruailliú, ná na n-amhábhar tánaisteach arna n-athchúrsáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite;

ndíthruailliú, ná na n-amhábhar tánaisteach arna n-athchúrsáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite;

Leasú 214
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) na costais a bhaineann le feachtais múscailte feasachta a reáchtáil arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar bhailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite;	(b) na costais a bhaineann le feachtais ardaithe feasachta a reáchtáil arb é is aidhm dóibh ***an pobal a chur ar an eolas*** agus feabhas a chur ar bhailiú feithiclí a bhfuil a ré caite;

Leasú 215
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) na costais a bhaineann leis an gcóras fógartha dá dtagraítear in Airteagal 25 a bhunú;	***scriosta***

Leasú 216
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) na costais a bhaineann le bailiú sonraí agus tuairisciú do na húdaráis inniúla.	(d) na costais ***riaracháin*** a bhaineann le ***sonraí a chur ar fáil***, a bhailiú agus a thuairisciú do na húdaráis inniúla;

Leasú 217
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) meánchostais chun na feithiclí a bhfuil a ré caite a iompar chuig na pointí bailithe nó chuig an tsaoráid chóireála údaraithe is gaire.

Leasú 218
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás chomhlíonadh aonair na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, soláthróidh na táirgeoirí ráthaíocht le haghaidh feithiclí a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair i gcríoch Ballstáit. Leis an ráthaíocht sin, áiritheofar go maoineofar na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann leis na feithiclí sin.	I gcás chomhlíonadh aonair na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, soláthróidh na táirgeoirí ráthaíocht le haghaidh feithiclí a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair i gcríoch Ballstáit. Áiritheofar leis an ráthaíocht sin go maoineofar na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann leis na feithiclí sin,***lena n-áirítear i gcás ina scoirtear go buan dá n-oibríochtaí nó i gcás dócmhainneachta.***

Leasú 219
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás chomhlíonadh comhchoiteann na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, áiritheoidh	1. I gcás chomhlíonadh comhchoiteann na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, áiritheoidh

eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí go ndéanfar na ranníocaíochtaí airgeadais arna n-íoc ag táirgeoirí leo a mhodhnú ach na nithe seo a leanas a chur san áireamh:	eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí go ndéanfar na ranníocaíochtaí airgeadais arna n-íoc ag táirgeoirí leo a mhodhnú ***ar a laghad*** ach na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 220
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) meáchan na feithicle;	(a) meáchan na feithicle***, gan ceallraí feithiclí leictreacha a áireamh***;

Leasú 221
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an cineál gléasra cumhachta;	***scriosta***

Leasú 222
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) sciar na n-ábhar agus na substaintí a chuireann cosc ar phróiseas athchúrsála ardcháilíochta, amhail greamacháin, plaistigh ilchodacha nó ábhair charbón-treisithe;	(e) sciar na n-ábhar agus na substaintí a chuireann cosc ar phróiseas athchúrsála ardcháilíochta;

Leasú 223
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ionadaí ceaptha a ainmniú trí shainordú i scríbhinn le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora i ngach Ballstát;	(a) ionadaí ***údaraithe*** a ainmniú trí shainordú i scríbhinn ***chun gníomhú thar a cheann i ndáil le cúraimí sonraithe maidir le hoibleagáidí an táirgeora*** i leith na freagrachta leathnaithe táirgeora i ngach Ballstát;

Leasú 224
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Táirgeoir a dhíolann feithiclí le húsáideoirí deiridh trí chianchonarthaí agus atá bunaithe i dtríú tír, ceapfaidh sé ionadaí údaraithe le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeora i ngach Ballstát ina gcuireann sé feithiclí ar an margadh. Déanfar an ceapachán sin trí bhíthin sainordú i scríbhinn.

Leasú 225
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – fomhír -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheoidh táirgeoirí go mbaileofar gach feithicil a bhfuil a ré caite a chuir siad ar an margadh ar chríoch Ballstáit nuair a thiocfaidh na feithiclí sin chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite.

Leasú 226
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal 18, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, córais bhailiúcháin, lena n-áirítear pointí bailiúcháin, a bhunú, nó beidh siad rannpháirteach ina mbunú, le haghaidh na bhfeithiclí uile a bhfuil a ré caite a bhaineann le catagóirí feithiclí a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair i gcríoch Ballstáit.	***Chuige sin,*** déanfaidh na táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal 18, na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, córais bhailiúcháin, lena n-áirítear pointí bailithe, a chur ar bun, nó beidh siad rannpháirteach i gcur ar bun na gcóras sin.

Leasú 227
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) áiritheofar infhaighteacht leordhóthanach na saoráidí cóireála údaraithe, agus méid agus dlús an daonra mar aon leis an líon feithiclí a bhfuil a ré caite a bhfuil coinne leis á gcur san áireamh, gan bheith teoranta do limistéir mar is brabúsaí an bailiú agus an bhainistíocht ina dhiaidh sin;	(b) áiritheofar infhaighteacht leormhaith na saoráidí cóireála údaraithe agus na bpointí bailiúcháin, agus méid agus dlús an daonra mar aon leis an líon feithiclí a bhfuil a ré caite a bhfuil coinne leis á gcur san áireamh, gan bheith teoranta do limistéir mar is brabúsaí an bailiú agus an bhainistíocht ina dhiaidh sin;

Leasú 228
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) áiritheofar go mbaileofar dramhpháirteanna a	***scriosta***

eascraíonn as deisiúcháin ar fheithiclí;

Leasú 229
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cumasófar bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite de gach branda, gan beann ar a dtionscnamh;	(d) cumasófar bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite ***agus a chuir siad ar fáil ar an margadh,*** gan beann ar a dtionscnamh;

Leasú 230
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) cumasófar seachadadh saor in aisce na bhfeithiclí uile a bhfuil a ré caite ar shaoráidí cóireála údaraithe mar a fhoráiltear in Airteagal 24(2).	(e) seachadadh na bhfeithiclí uile a bhfuil a ré caite saor in aisce chuig saoráidí cóireála údaraithe nó ***pointí bailithe údaraithe*** a chumasú, mar a fhoráiltear in Airteagal 24(2).

Leasú 231
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal 18, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, feachtais oideachasúla lena gcuirfear an córas bailiúcháin le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite chun cinn agus lena dtabharfar eolas maidir leis na hiarmhairtí ar an	3. Déanfaidh táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal 18, eagraíochtaí um fhreagracht ***táirgeoirí liosta na bpointí bailithe agus na saoráidí cóireála údaraithe a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta ar a suíomhanna gréasáin agus***

gcomhshaol a bhaineann le bailiú agus láimhseáil mhíchuí feithiclí a bhfuil a ré caite.	déanfaidh siad feachtais oideachais lena gcuirtear chun cinn an córas bailithe le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite agus lena dtugtar eolas faoi na hiarmhairtí comhshaoil a bhaineann le bailiú agus láimhseáil mhíchuí feithiclí a bhfuil a ré caite.

Leasú 232
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí bainistithe dramhaíola nach saoráidí cóireála údaraithe iad a údarú chun pointí bailiúcháin a bunú le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite.	***Féadfaidh pointí bailithe seachas saoráidí cóireála údaraithe feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú.***

Leasú 233
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cead a bheith acu i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir 2008/98/CE;

Leasú 234
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2 – pointe b b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(bb) na feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailítear a aistriú chuig saoráidí cóireála údaraithe;

Leasú 235
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) dearbhóidh sé go n-aistreofar na feithiclí uile a bhfuil a ré caite arna mbailiú chuig saoráid chóireála údaraithe laistigh de bhliain amháin ó fháil na feithicle a bhfuil a ré caite; agus	(c) a ráthú go n-aistreofar gach feithicil a bhfuil a ré caite a bhailítear chuig saoráid chóireála údaraithe laistigh de ***6 mhí*** ón bhfeithicil a bhfuil a ré caite a fháil; agus

Leasú 236
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Na hoibreoirí bainistithe dramhaíola, lena n-áirítear saoráidí cóireála údaraithe, eiseoidh siad doiciméad i bhformáid leictreonach chuig úinéir na feithicle lena ndeimhneofar go bhfuarthas feithicil a bhfuil a ré caite, agus soláthróidh siad d'údaráis ábhartha an Bhallstáit é trí nós imeachta um fhógra leictreonach arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 25(2), lena n-áirítear do na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Airteagal 14.	5. ***Na pointí bailiúcháin nó na*** hoibreoirí bainistithe dramhaíola, lena n-áirítear saoráidí cóireála údaraithe, eiseoidh siad doiciméad i bhformáid leictreonach chuig úinéir na feithicle lena ndeimhneofar go bhfuarthas feithicil a bhfuil a ré caite, agus soláthróidh siad d'údaráis ábhartha an Bhallstáit é trí nós imeachta um fhógra leictreonach arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 25(2), lena n-áirítear do na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Airteagal 14.

Leasú 237
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh lena gceanglaítear go bhfuil na pointí bailithe ag comhoibriú leis na táirgeoirí nó, i gcás ina gceaptar iad i gcomhréir le hAirteagal 18(1), leis na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí.

Leasú 238
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh úinéir deiridh feithicle in ann feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh ar shaoráid chóireála údaraithe saor in aisce mura rud é go mbeidh aon cheann de pháirteanna nó comhpháirteanna fíor-riachtanacha na feithicle in easnamh san fheithicil a bhfuil a ré caite, seachas ceallra na feithicle leictrí, nó mura rud é go mbeidh dramhaíl inti a cuireadh leis an bhfeithicil a bhfuil a ré caite.	2. Beidh úinéir deiridh feithicle in ann feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh ar shaoráid chóireála údaraithe ***nó pointe bailiúcháin*** saor in aisce mura rud é go mbeidh aon cheann de pháirteanna nó comhpháirteanna fíor-riachtanacha na feithicle in easnamh san fheithicil a bhfuil a ré caite, seachas an ceallra feithicle leictrí, nó mura rud é go mbeidh dramhaíl inti a cuireadh leis an bhfeithicil a bhfuil a ré caite.

Leasú 239
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. I gcás ina mbeidh ceallra na feithicle leictrí ar iarraidh ó fheithicil a bhfuil a ré caite,

	beidh seachadadh na feithicle a bhfuil a ré caite fós saor in aisce má sholáthraíonn úinéir deiridh na feithicle doiciméadacht lena gcruthaítear gur láimhseáil oibreoir gairmiúil an ceallra feithicle leictrí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542.

Leasú 240
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Na Ballstáit a dhéanann foráil maidir leis an bhféidearthacht feithiclí a dhíchlárú go sealadach ina reachtaíocht náisiúnta, déanfaidh siad an méid seo a leanas:
	(a) tréimhse uasta a leagan amach ar féidir díchlárú den sórt sin a dheonú ina leith, ach nach faide ná ceithre bliana;
	(b) a áirithiú nach ndeonófar athnuachaintí ar dhíchlárú sealadach ach amháin ar feadh tréimhse shainithe theoranta agus i gcás inar féidir a fhionnadh go bhfuil an fheithicil dhíchláraithe fós ann agus sa chás sin amháin.

Leasú 241
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an fheithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh ar shaoráid	(a) an fheithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh ar shaoráid

chóireála údaraithe nó, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 23(4), ar phointe bailiúcháin, gan moill mhíchuí tar éis faisnéis a fháil go gcomhlíonann an fheithicil aon cheann de na critéir maidir le neamh-indeisitheacht a leagtar síos i gCuid A, pointí 1 agus 2, d'Iarscríbhinn I;	chóireála údaraithe nó, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 23(4), ar phointe bailiúcháin, gan moill mhíchuí tar éis faisnéis a fháil go gcomhlíonann an fheithicil aon cheann de na critéir maidir le neamh-indeisitheacht a leagtar síos i gCuid A, pointe 1, d'Iarscríbhinn I;

Leasú 242
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) deimhniú scriosta a chur faoi bhráid an údaráis clárúcháin ábhartha.	(b) deimhniú scriosta a thíolacadh don údarás clárúcháin ábhartha***, ach amháin i gcásanna ina bhfuil nós imeachta ar líne ann lena gceadaítear díchlárú na feithicle a bhfuil a ré caite a chur in iúl nó a phróiseáil ó na saoráidí cóireála údaraithe***.

Leasú 243
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina n-aistreoidh oibreoir eacnamaíoch úinéireacht feithicle caite, cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch in iúl don duine is faighteoir nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil i gcomhréir le cuid A d'Iarscríbhinn I nó soláthróidh sé deimhniú ródacmhainneachta.

Leasú 244
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás feithiclí a bhfuil a ré caite, áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch nach n-aistreofar na feithiclí sin ach chuig saoráid chóireála údaraithe.

Leasú 245
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh saoráidí cóireála údaraithe go gcomhlíonfaidh an chóireáil uile a dhéantar ar fheithiclí a bhfuil a ré caite Airteagail 28, 29, 30, 31, 34 agus 35 agus Iarscríbhinn VII den Rialachán seo ar a laghad, agus go gcuirfear na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm maidir léi mar a shainmhínítear in Airteagal 3(10) de Threoir 2010/75/AE.	2. Áiritheoidh saoráidí cóireála údaraithe go gcomhlíonfaidh an chóireáil uile a dhéantar ar fheithiclí a bhfuil a ré caite Airteagail 28, 29, 30, 31, ***32, 34, 35*** agus 36 agus Iarscríbhinn VII den Rialachán seo ar a laghad, agus go gcuirfear na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm maidir léi mar a shainmhínítear in Airteagal 3(10) de Threoir 2010/75/AE.

Leasú 246
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VII a bhaint ón bhfeithicil a bhfuil a ré caite, roimh an mionghearradh nó dlúthú trí bhíthin díchóimeáil láimhe nó díchóimeáil	(c) na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VII a bhaint den fheithicil a bhfuil a ré caite, roimh an mionghearradh nó an balcadh trí bhíthin díchóimeáil láimhe nó díchóimeáil

uathoibrithe nó leath-uathoibrithe ar bhealach neamhscriosach i gcás comhpháirteanna ag a bhfuil acmhainneacht athúsáide, athmhonaraithe nó athriochtaithe;	uathoibrithe (leath) ar bhealach neamhscriosach le haghaidh comhpháirteanna a bhfuil acmhainneacht athúsáide, athmhonaraithe nó athchóirithe acu ***i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31, agus acmhainneacht mhargaidh athúsáide, athmhonaraithe nó athchóirithe na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna sin agus an gá atá le hardcháilíocht na fuíll á gcur san áireamh;***

Leasú 247
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) cóireáil a dhéanamh ar na feithiclí uile a bhfuil a ré caite agus a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus leis na ceanglais ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE, agus le hAirteagail 32, 34, 35 agus 36 den Rialachán seo.	(d) cóireáil a dhéanamh ar na feithiclí uile a bhfuil a ré caite agus a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola agus leis na ceanglais ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE***;***

Leasú 248
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) gach feithicil a bhfuil a ré caite a sheoladh tar éis a díthruaillithe agus páirteanna a bhaint chuig saoráid ina ndéantar a mionghearradh;

Leasú 249
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 1 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) an fheithicil a bhfuil a ré caite a chóireáil laistigh de 6 mhí ón dáta seachadta.

Leasú 250
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun Iarscríbhinn VII a leasú trí na híoscheanglais chóireála le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.	4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun Iarscríbhinn VII a leasú trí na híoscheanglais chóireála le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ***i dteicneolaíochtaí cóireála, lena n-áirítear:***
	(a) trí na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VII a chur isteach, a scriosadh nó a athbhreithniú;
	(b) trí na ceanglais a liostaítear i gCuid G d'Iarscríbhinn VII a leasú nó a fhorlíonadh.

Leasú 251
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Spreagfaidh na Ballstáit na saoráidí cóireála údaraithe chun córais bainistithe comhshaoil deimhnithe a thabhairt isteach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.	5. Spreagfaidh na Ballstáit saoráidí cóireála údaraithe chun córais bainistíochta comhshaoil dheimhnithe a thabhairt isteach ***agus chun iniúchtaí a dhéanamh*** i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

Leasú 252
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar aghaidh, iarrfaidh saoráidí cóireála údaraithe agus oibreoirí bainistithe dramhaíola eile go mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis na feithiclí a bhfuil a ré caite a sheachadtar orthu lena mionghearradh:	1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] iarrfaidh saoráidí cóireála údaraithe agus oibreoirí bainistithe dramhaíola eile go ndéanfar feithiclí a bhfuil a ré caite a sheachadtar chucu lena mionghearradh a ***dhíthruailliú i gcomhréir le hAirteagal 29 agus a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna a bhaintear i gcomhréir le hAirteagal 30 agus go mbeidh*** an méid seo a leanas ag gabháil leo:

Leasú 253
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Oibreoirí bainistithe dramhaíola a dhéanfaidh feithiclí a bhfuil a ré caite a mhionghearradh, ní mheascfaidh	3. Beidh saoráidí cóireála údaraithe agus oibreoirí bainistithe dramhaíola a dhéanann mionghearradh ar

siad feithiclí a bhfuil a ré caite, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair le dramhaíl ó phacáistíocht agus le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach.	fheithiclí ***a bhfuil a ré caite in ann feithiclí a bhfuil a*** ré caite, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair a mheascadh le dramhaíl ó phacáistíocht agus le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach***, ar choinníoll go gcomhlíontar critéir agus teorainnluachanna chuid G d'Iarscríbhinn VII agus go n-áirithítear inrianaitheacht a bhaineann le tuairisciú, nach n-íslíonn an próiseas mionghearrtha cáilíocht na sruthanna dramhaíola i gcomparáid le cóireáil ar leithligh agus go gcomhlíonann an t-aschur ardchaighdeáin cháilíochta***.
Leasú 254 **Togra le haghaidh rialacháin** **Airteagal 28 – mír 3 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Áiritheoidh oibreoirí bainistithe dramhaíola, agus mionghearradh á dhéanamh acu, go gcomhlíonfaidh aschur cruach, alúmanaim agus copair caighdeáin ardcháilíochta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 3b (nua).
Leasú 255 **Togra le haghaidh rialacháin** **Airteagal 28 – mír 3 b (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3b. Glacfaidh an Coimisiún, faoin [OF: Cuir isteach an dáta

= an chéad lá den mhí i ndiaidh 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais cháilíochta a bhunú le haghaidh na gcodán aschuir mionghearrtha, lena n-áirítear:

(a) cion copair iomlán an phríomhchodáin cruach;

(b) codán na gcóimhiotal teilgthe alúmanaim agus codán na gcóimhiotal saoirsithe;

(c) na próisis deighilte is gá agus codán iarmhair na bpróiseas sin.

Leasú 256
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. A luaithe is féidir tar éis feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh don tsaoráid chóireála údaraithe, déanfaidh an tsaoráid sin na feithiclí sin a dhíthruailliú sula ndéanfar tuilleadh cóireála orthu, i gcomhréir leis na híoscheanglais a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn VII.	1. ***Laistigh de 30 lá*** tar éis feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh chuig an tsaoráid cóireála údaraithe, déanfaidh an tsaoráid sin na feithiclí sin a dhíthruailliú sula ndéanfar tuilleadh cóireála orthu, i gcomhréir leis na híoscheanglais a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn VII.

Leasú 257
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar na sreabháin agus na leachtanna a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn VII a bhailiú agus a stóráil ar leithligh, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn VII. Déanfar dramh-olaí a bhailiú agus a stóráil ar leithligh ó na sreabháin agus na leachtanna eile agus déanfar cóireáil orthu i gcomhréir le hAirteagal 21 de Threoir 2008/98/CE.	2. Déanfar na sreabháin agus na leachtanna a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn VII a bhailiú agus a stóráil ar leithligh, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn VII. Déanfar dramh-olaí a bhailiú agus a stóráil ar leithligh ó na sreabháin agus na leachtanna eile agus déanfar cóireáil orthu i gcomhréir le hAirteagal 21 de Threoir 2008/98/CE. ***Déanfar sreabháin córais aerchóiriúcháin a úsáidtear i gcórais bainistithe theirmigh a bhailiú agus a stóráil ar leithligh ó na sreabháin eile agus déanfar iad a aisghabháil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, déanfar iad a athchúrsáil nó a athshlánú agus a athúsáid.***
	_____
	[1a] Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 (IO L, 2024/573, 20.02.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj).

Leasú 258
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Baint shainordaitheach páirteanna agus comhpháirteanna lena n-athúsáid agus lena n-athchúrsáil roimh an mionghearradh	Baint shainordaitheach páirteanna agus comhpháirteanna lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú, lena ndeisiú, agus lena n-athchúrsáil roimh an mionghearradh

Leasú 259
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], áiritheoidh saoráidí cóireála údaraithe go mbaintear na páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VII ó fheithicil a bhfuil a ré caite roimh an mionghearradh, tar éis thabhairt i gcrích na n-oibríochtaí díthruaillithe dá dtagraítear in Airteagal 29.	1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] áiritheoidh saoráidí cóireála údaraithe go mbainfear na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VII d'fheithicil a bhfuil a ré caite roimh an mionghearradh. ***Chun a acmhainneacht mhargaidh maidir le hathúsáid, athmhonarú agus deisiú a fhíorú, déanfar measúnú ar na páirteanna sin i gcomhréir le hAirteagal 31 sula ndéanfar iad a dhíchóimeáil. Déanfar an measúnú sin*** tar éis na hoibríochtaí díthruaillithe dá dtagraítear in Airteagal 29 a bheith curtha i gcrích.

Leasú 260
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Áiritheoidh saoráidí cóireála údaraithe go seolfar na páirteanna agus na comhpháirteanna a bhaintear i gcomhréir le mír 1 nach bhfuil acmhainneacht mhargaidh acu maidir le hathúsáid, athmhonarú agus deisiú lena n-athchúrsáil de réir na gceanglas cóireála a shonraítear i gCuid F d'Iarscríbhinn VII.

Leasú 261
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní bheidh feidhm ag mír 1 má léiríonn saoráid chóireála údaraithe go ndeighleann teicneolaíochtaí iar-mhionghearrthóra ábhair ó pháirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C, iontrálacha 13 go 19, d'Iarscríbhinn VII, ar bhealach chomh héifeachtúil céanna le próisis díchóimeála de láimh nó próisis díchóimeála leath-uathoibrithe.	***I gcás nach bhfuil acmhainneacht mhargaidh ag páirteanna agus comhpháirteanna lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú agus lena ndeisiú, ní bheidh sé éigeantach iad a bhaint roimh an mionghearradh*** má léiríonn saoráid chóireála údaraithe go scarann teicneolaíochtaí iar-mhionghearrthóra ábhair ó pháirteanna agus ó chomhpháirteanna a liostaítear i gCuid C, iontrálacha ***6,*** 13 go 19, d'Iarscríbhinn VII, chomh héifeachtúil ***agus go seachadann siad ábhar athchúrsáilte coibhéiseach*** mar phróisis díchóimeála de láimh nó mar phróisis díchóimeála leath-uathoibrithe.

Leasú 262
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críocha na chéad fhomhíre, soláthróidh an tsaoráid chóireála údaraithe an fhaisnéis a liostaítear i gCuid G d'Iarscríbhinn VII.	Chun críocha na chéad fhomhíre, ***comhlíonfaidh an tsaoráid chóireála údaraithe aschur mionghearrtha ardcháilíochta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 28(4) agus*** soláthróidh sí an fhaisnéis a liostaítear i gCuid G d'Iarscríbhinn VII.

Leasú 263
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Páirteanna agus comhpháirteanna a bhaintear le linn oibríocht deisiúcháin agus cothabhála, cé is moite de pháirteanna agus de chomhpháirteanna a liostaítear i gCuid E d'Iarscríbhinn VII, ní mheasfar gur dramhaíl iad agus déanfar measúnú orthu má tá siad oiriúnach chun críoch athúsáide, athmhonaraithe nó athchóirithe.

Leasú 264
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ón [Oifig na bhFoilseachán: Ón	Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir

[Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh ***aon duine a thrádálann*** páirteanna agus comhpháirteanna spártha úsáidte, athmhonaraithe nó athriochtaithe, an méid seo a leanas ***ag an díolphointe***:

[Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh aon ***oibreoir eacnamaíoch a dhíolann*** páirteanna agus comhpháirteanna spártha úsáidte, athmhonaraithe nó athriochtaithe, an méid seo a leanas:

Leasú 265
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cruthúnas a thabhairt gur ó oibreoir eacnamaíoch údaraithe a fuarthas na páirteanna agus na comhpháirteanna.

Leasú 266
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh feidhm ag na ceanglais sin ar oibreoirí eacnamaíocha gan beann ar an teicníc trádála a úsáidtear, lena n-áirítear díolacháin ar líne.

Leasú 267
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den	Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den

mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh na Ballstáit na dreasachtaí is gá a ghlacadh chun athúsáid, athmhonarú agus athriochtú páirteanna agus comhpháirteanna a chur chun cinn, cé acu ar baineadh iad le linn chéim úsáide nó deireadh ré feithicle.	mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh na Ballstáit na dreasachtaí is gá a ghlacadh chun athúsáid, athmhonarú***, athriochtú, iarfheistiú agus athfheistiú*** páirteanna agus comhpháirteanna a chur chun cinn, cé acu ar baineadh iad le linn chéim úsáide nó deireadh ré feithicle.

Leasú 268
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) úsáid dreasachtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear ráta laghdaithe cháin bhreisluacha a bhunú le haghaidh páirteanna agus comhpháirteanna spártha úsáidte, athmhonaraithe nó athriochtaithe.	(b) úsáid dreasachtaí eacnamaíocha ***atá ceaptha chun luach saothair a thabhairt do mhonaróirí a sháraíonn na híoschaighdeáin, chun na páirteanna spártha agus na comhpháirteanna*** a úsáidtear, a athmhonaraítear nó a athfheistítear a spreagadh tuilleadh.

Leasú 269
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na dreasachtaí arna nglacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo gan moill mhíchuí.

Leasú 270
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], áiritheoidh na Ballstáit go mbaineann oibreoirí bainistithe dramhaíola na spriocanna seo a leanas amach:	1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ***glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí bainistithe dramhaíola na spriocanna seo a leanas***:

Leasú 271
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], áiritheoidh na Ballstáit go mbaineann oibreoirí bainistithe dramhaíola sprioc bhliantúil maidir le hathchúrsáil dramhaíola amach mar atá 30 **%** de mheáchan foriomlán na bplaisteach atá i bhfeithiclí ***arna seachadadh ar na hoibreoirí bainistíochta dramhaíola ar a laghad.***	2. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], áiritheoidh na Ballstáit go mbaineann oibreoirí bainistithe dramhaíola sprioc bhliantúil maidir le hathchúrsáil dramhaíola amach mar atá 30 ***faoin gcéad*** de mheáchan foriomlán na bplaisteach atá sna ***feithiclí a bhfuil a ré caite.***

Leasú 272
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Eisiafar ó mheáchan an phlaistigh athchúrsáilte agus ó mheáchan iomlán na

	bplaisteach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 leaistiméirí chomh maith le teirmithéachtanna seachas cúir pholúireatáin.

Leasú 273
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfar tabhairt faoi chóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh loingsiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite Rialachán (CE) Uimh. ***1013/2006.***	1. Féadfar tabhairt faoi chóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh loingsiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite Rialachán (AE) ***2024/1157.***

Leasú 274
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Maidir le loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite ón Aontas chuig tríú tír i gcomhréir le mír 1, ní chomhairfear iad i dtreo comhlíonadh oibleagáidí agus spriocanna a leagtar amach in Airteagal 34 ach amháin má sholáthraíonn onnmhaireoir na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite fianaise dhoiciméadach arna formheas ag an údarás inniúil cinn scríbe, lena ndeimhnítear go bhfuil na coinníollacha cóireála coibhéiseach ***den chuid is mó*** leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus leis na ceanglais maidir le sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil a leagtar síos i	2. Maidir le loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite ón Aontas chuig tríú tír i gcomhréir le mír 1, ní chomhairfear iad i dtreo comhlíonadh oibleagáidí agus spriocanna a leagtar amach in Airteagal 34 ach amháin má sholáthraíonn onnmhaireoir na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite fianaise dhoiciméadach arna formheas ag an údarás inniúil cinn scríbe, ***lena léirítear gur tharla an chóireáil i ndálaí a mheastar a bheith*** coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus le ceanglais maidir le sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil a leagtar síos i reachtaíocht eile de chuid

reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

an Aontais.

Leasú 275
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Chun idirdhealú a dhéanamh idir loingsithe feithiclí caite agus feithiclí a bhfuil a ré caite, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát cigireachtaí a dhéanamh agus a fhíorú an gcomhlíonann feithiclí caite a bhfuil amhras fúthu gur feithiclí a bhfuil a ré caite iad na híoscheanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I.
	I gcás ina ndeimhnítear le cigireachtaí go gcáilíonn na feithiclí atá i gceist mar fheithiclí a bhfuil a ré caite, féadfar costais na cigireachta agus aon stóráil ghaolmhar a ghearradh ar an oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an loingsiú.

Leasú 276
Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil V – Roinn 1 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ROINN 1	***scriosta***
Stádas na bhfeithiclí caite	

Leasú 277
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Idirdhealú idir feithiclí caite agus feithiclí a bhfuil a ré caite	Idirdhealú idir feithiclí caite agus feithiclí a bhfuil a ré caite ***chun críche onnmhairithe***

Leasú 278
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun úinéireacht feithicle athláimhe a aistriú, beidh úinéir na feithicle in ann a léiriú d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil spéis aige úinéireacht a fháil ar an bhfeithicil lena mbaineann nó do na húdaráis inniúla nach feithicil a bhfuil a ré caite atá san fheithicil. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar stádas feithicle athláimhe, fíoróidh úinéir na feithicle, oibreoirí eacnamaíocha eile agus údaráis inniúla má chomhlíontar na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn I chun a chinneadh cé acu an fheithicil a bhfuil a ré caite í nó nach ea.	Chun feithicil chaite a ***onnmhairiú,*** beidh úinéir na feithicle in ann ***doiciméadacht a sholáthar do na húdaráis chustaim agus*** d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil suim aige an fheithicil lena mbaineann a ***allmhairiú*** nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil. ***is éard a bheidh sa doiciméadacht sin deimhniú ródacmhainneachta bailí nó, i gcás nach mbeidh an deimhniú sin ar fáil, measúnú arna dhéanamh ag*** na húdaráis inniúla ***atá freagrach as na deimhnithe ródacmhainneachta bunaithe*** ar na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn ***I. I gcás amhrais go bhféadfadh feithicil chaite a bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar úinéir feithicle doiciméadacht bhreise a chur i láthair*** nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil lena mbaineann. ***Faoin ... [OF: cuir isteach dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], foilseoidh na Ballstáit liosta d'údarás inniúil amháin nó níos mó ar féidir leo an***

measúnú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh.

Leasú 279
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh ***36*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh feithiclí caite atá le honnmhairiú faoi réir na rialuithe agus na gceanglas a leagtar síos sa Roinn seo.	1. Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh ***24*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh feithiclí caite atá le honnmhairiú faoi réir na rialuithe agus na gceanglas a leagtar síos sa Roinn seo.

Leasú 280
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) murar feithiclí a bhfuil a ré caite iad ar bhonn na gcritéar a liostaítear in Iarscríbhinn I;	(a) feithiclí nach bhfuil a ré caite ***mar a chinntear in Airteagal 37;***

Leasú 281
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) má mheastar iad a bheith ródacmhainneach sa Bhallstát inar cláraíodh na feithiclí go deireanach, i gcomhréir le hAirteagal 5(1), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 8 de Threoir 2014/45/AE.	***scriosta***

Leasú 282
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 50 den Rialachán seo, chun na critéir a liostaítear in Iarscríbhinn I a leasú, lena gcinntear cé acu an fheithicil a bhfuil a ré caite atá i bhfeithicil athúsáide nó nach ea.	***scriosta***

Leasú 283
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Sula scaoilfear feithiclí caite lena n-onnmhairiú, fíoróidh custaim go leictreonach agus go huathoibríoch trí na córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 45, ar bhonn na hUimhreach Aitheantais Feithicle agus na faisnéise faoin mBallstát deiridh inar cláraíodh í, go meastar go bhfuil an fheithicil ródacmhainneach i gcomhréir le hAirteagal 38(3), pointe (b).	1. Sula scaoilfear feithiclí caite lena n-onnmhairiú, fíoróidh custaim go leictreonach agus go huathoibríoch trí na córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 45, ar bhonn na hUimhreach Aitheantais Feithicle agus na faisnéise faoin mBallstát deiridh inar cláraíodh í, go bhfuil an fheithicil ródacmhainneach ***nó nach feithicil a bhfuil a ré caite í*** i gcomhréir le hAirteagal ***37***.

Leasú 284
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás nach gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do na custaim don fhaisnéis sna cláir náisiúnta feithiclí agus sna córais leictreonacha náisiúnta maidir le ródacmhainneacht de bhun mhír 1, ní scaoilfidh údaráis chustaim an fheithicil sin lena honnmhairiú agus cuirfidh siad ***an t-oibreoir eacnamaíoch*** lena mbaineann ar an eolas faoi sin trí na córais sin.	2. I gcás nach gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis a thabhairt nó a chuirtear ar fáil do lucht custaim don fhaisnéis atá sna cláir náisiúnta feithiclí agus sna córais leictreonacha náisiúnta maidir le ródacmhainneacht de bhun mhír 1, ní scaoilfidh na húdaráis chustaim an fheithicil sin lena honnmhairiú agus cuirfidh siad an ***duine nádúrtha nó dlítheanach*** lena mbaineann ar an eolas faoi sin trína gcórais.

Leasú 285
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha comhlíontachta dá dtagraítear i mír 2 a leagan amach, lena n-áirítear coinníollacha sonracha a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairiú feithiclí athláimhe ag tríú tír an allmhairithe nasctha le cosaint an chomhshaoil agus sábháilteacht ar bhóithre, i gcás inar thug an tríú tír sin fógra faoi na coinníollacha sin don Choimisiún. Beidh na coinníollacha sin infhíoraithe in aghaidh na faisnéise atá ar fáil sna córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 45(1).	3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha comhlíontachta dá dtagraítear i mír 2 a leagan amach, ***ar na*** coinníollacha sonracha a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairiú feithiclí athláimhe ag tríú tír an allmhairithe nasctha le cosaint an chomhshaoil agus sábháilteacht ar bhóithre, i gcás inar thug an tríú tír sin fógra faoi na coinníollacha sin don Choimisiún. Beidh na coinníollacha sin infhíoraithe in aghaidh na faisnéise atá ar fáil sna córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 45(1).

Leasú 286
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Déanfaidh an Coimisiún na coinníollacha sonracha ar tugadh fógra ina leith a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó na sábháilteachta ar bhóithre arna bhforchur ag tríú tíortha i gcomhréir le mír 3 a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta ar thairseach thiomnaithe ar líne.

Leasú 287
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 41 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha le creidiúint nach gcomhlíonann feithicil athláimhe atá le honnmhairiú na ceanglais sa Roinn seo, cuirfidh na húdaráis custam ar fionraí scaoileadh na feithicle athláimhe sin lena honnmhairiú. Ina theannta sin, tabharfaidh siad fógra láithreach do na húdaráis inniúla faoin bhfionraí agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun a chinneadh cé acu an gcomhlíonann an fheithicil athláimhe ceanglais an Rialacháin seo nó nach gcomhlíonann agus an féidir í a scaoileadh lena honnmhairiú nó nach féidir.	1. I gcás ina mbeidh ***amhras ar na húdaráis chustaim*** nach bhféadfaidh feithicil chaite atá le honnmhairiú ceanglais na Roinne seo a chomhlíonadh, cuirfidh na húdaráis chustaim scaoileadh na feithicle chaite sin lena honnmhairiú ar fionraí ***láithreach go dtí go bhfaighidh siad an fhaisnéis uile is gá chun cinneadh críochnaitheach a dhéanamh.*** Ina theannta sin, tabharfaidh siad fógra láithreach do na húdaráis inniúla faoin bhfionraí agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun a chinneadh cé acu an gcomhlíonann an fheithicil athláimhe ceanglais an Rialacháin seo nó nach gcomhlíonann agus an féidir í a scaoileadh lena

honnmhairiú nó nach féidir.

Leasú 288
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 42 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tar éis gach scaoilte le honnmhairiú feithicle athláimhe, tabharfaidh údaráis custam fógra faoin scaoileadh le honnmhairiú sin d'údarás inniúil an Bhallstáit ina raibh an fheithicil i gceist cláraithe tráth an onnmhairithe.	3. Tar éis gach scaoilte le honnmhairiú feithicle athláimhe, tabharfaidh údaráis custam fógra faoin scaoileadh le honnmhairiú sin d'údarás inniúil an Bhallstáit ina raibh an fheithicil i gceist cláraithe tráth an onnmhairithe. ***Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit sin an fhaisnéis sin a thaifeadadh ina chlár náisiúnta feithiclí.***

Leasú 289
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Úsáidfear an córas leictreonach MOVE-HUB a d'fhorbair an Coimisiún chun Uimhir Aitheantais Feithicle agus faisnéis faoi chlárúchán agus stádas ródacmhainneachta na feithicle a mhalartú idir cláir náisiúnta feithiclí agus córais leictreonacha maidir le ródacmhainneacht na mBallstát, agus chun Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a idirnascadh, i gcás inar gá le haghaidh rialuithe agus ceanglas a leagtar síos sa Roinn seo.	1. Úsáidfear an córas leictreonach MOVE-HUB a d'fhorbair an Coimisiún chun Uimhir Aitheantais Feithicle agus faisnéis faoi chlárúchán agus stádas ródacmhainneachta na feithicle a mhalartú ***agus a fhíorú*** idir cláir náisiúnta feithiclí agus córais leictreonacha maidir le ródacmhainneacht na mBallstát, agus chun Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a idirnascadh, i gcás inar gá le haghaidh rialuithe agus ceanglas a leagtar síos sa Roinn seo.

Leasú 290
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Comhlíonfar an oibleagáid a leagtar síos i mír 1 má úsáideann na Ballstáit an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Gluaisteáin agus Ceadúnais Tiomána (EUCARIS) chun nascadh le córas leictreonach MOVE-HUB.

Leasú 291
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na socruithe is gá chun feidhmiúlachtaí MOVE-HUB dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme, lena n-áirítear na gnéithe teicniúla is gá chun córais leictreonacha náisiúnta MOVE-HUB, na coinníollacha nasctha le MOVE-HUB, na sonraí atá le tarchur ag na córais náisiúnta agus an fhormáid chun na sonraí sin a tharchur trí na córais náisiúnta idirnasctha.	Glacfaidh an Coimisiún, ***faoin … [OF: cuir isteach an dáta = an lá deireanach den mhí tar éis 18 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm],*** na gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na socruithe is gá chun feidhmiúlachtaí MOVE-HUB dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme, lena n-áirítear na gnéithe teicniúla is gá chun córais leictreonacha náisiúnta a idirnascadh le MOVE-HUB, na coinníollacha maidir le nascadh le MOVE-HUB, na sonraí atá le tarchur ag na córais náisiúnta agus an fhormáid chun na sonraí sin a tharchur trí na córais náisiúnta idirnasctha.

Leasú 292
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) pointí bailiúcháin;

Leasú 293
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) saoráidí agus oibreoirí eacnamaíocha eile, a d'fhéadfadh feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil.	(c) saoráidí agus oibreoirí eacnamaíocha eile, a fhéadfaidh feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil ***nó páirteanna spártha úsáidte agus comhpháirteanna a bhaintear as feithiclí a bhfuil a ré caite a dhíol.***

Leasú 294
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit iniúchtaí a bhaineann le honnmhairiú feithiclí caite chun comhlíonadh Airteagal 38 a fhíorú.	3. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit iniúchtaí ***rialta*** a bhaineann le honnmhairiú feithiclí caite chun comhlíonadh Airteagal 38 a fhíorú.

Leasú 295
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Forbróidh na Ballstáit plean cigireachta chun cóireáil

	neamhdhleathach feithiclí a bhfuil a ré caite a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh uirthi.

Leasú 296
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunóidh na Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis na húdaráis inniúla ábhartha uile atá bainteach le forfheidhmiú an Rialacháin seo, sásraí éifeachtacha chun na húdaráis sin a chumasú comhar agus comhordú a dhéanamh go hintíre maidir le forbairt agus cur chun feidhme na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chlárú, díchlárú, fionraí agus cealú cláraithe feithiclí chomh maith le cóireáil neamhdhleathach feithiclí a bhfuil a ré caite a chosc.	1. Bunóidh na Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis na húdaráis inniúla ábhartha uile a bhfuil baint acu le forfheidhmiú an Rialacháin seo, sásraí éifeachtacha chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis sin comhoibriú agus comhordú a dhéanamh ar bhonn intíre maidir le forbairt agus cur chun feidhme beartas agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chlárú feithiclí, díchlárú, fionraí agus cealú clárúcháin feithiclí, feithiclí ***atá ar iarraidh, deimhniú scriosta, onnmhairiú feithiclí caite chomh maith le cóireáil neamhdhleathach agus onnmhairiú feithiclí a bhfuil a ré caite*** a chosc.

Leasú 297
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile, ar bhonn déthaobhach agus iltaobhach, chun cosc agus brath cóireála neamhdhleathacha feithiclí a bhfuil a ré caite a éascú. Déanfaidh siad faisnéis	Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile, go déthaobhach agus go hiltaobhach, chun cosc agus brath cóireála neamhdhleathaí ***agus onnmhairiú feithiclí a bhfuil a ré caite a éascú agus chun***

ábhartha maidir le clárú, díchlárú agus fionraí agus cealú cláraithe feithiclí a mhalartú, tríd an gcóras leictreonach malartaithe dá dtagraítear in Airteagal 45. Ina theannta sin, déanfaidh siad faisnéis ábhartha a mhalartú maidir le saoráidí cóireála údaraithe agus oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála nach gceadaítear mar shaoráidí cóireála údaraithe, agus saoráidí eile agus oibreoirí eacnamaíocha, a d'fhéadfadh oibríochtaí a dhéanamh a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite. Roinnfidh siad taithí agus eolas maidir le bearta forfheidhmithe laistigh de struchtúir bhunaithe.

aghaidh a thabhairt ar shaincheist na bhfeithiclí atá ar iarraidh. Déanfaidh siad faisnéis ábhartha maidir le clárú, díchlárú agus fionraí agus cealú cláraithe feithiclí a mhalartú, tríd an gcóras leictreonach malartaithe dá dtagraítear in Airteagal 45. Ina theannta sin, déanfaidh siad faisnéis ábhartha a mhalartú maidir le saoráidí cóireála údaraithe agus oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála nach gceadaítear mar shaoráidí cóireála údaraithe, agus saoráidí eile agus oibreoirí eacnamaíocha, a d'fhéadfadh oibríochtaí a dhéanamh a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite. Roinnfidh siad taithí agus eolas maidir le bearta forfheidhmithe laistigh de struchtúir bhunaithe.

Leasú 298
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Chun críocha an Airteagail seo agus chun an comhar idir na Ballstáit a éascú, déanfaidh an Coimisiún Líonra Comhordúcháin a chur ar bun agus a mhaoirsiú chun comhordú éifeachtach na mbeartas náisiúnta forfheidhmithe a áirithiú. Beidh an Líonra Comhordúcháin comhdhéanta d'ionadaithe ó gach Ballstát agus ón gCoimisiún.

Leasú 299
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3b) Cuirfidh an Líonra Comhordaithe malartú dea-chleachtas chun cinn, éascóidh sé léirmhíniú agus forfheidhmiú aonfhoirmeach an Rialacháin seo, malartóidh sé faisnéis faoi na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, forbróidh sé nós imeachta leictreonach um malartú faisnéise agus tionscnóidh sé gníomhaíochtaí comhpháirteacha forfheidhmiúcháin.

Leasú 300
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) líon agus meáchan na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a allmhairíodh nó a seoladh le haghaidh cóireáil bhreise ó Bhallstát eile nó ó thríú tír;

Leasú 301
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(eb) líon na bhfeithiclí caite a scaoileadh lena n-onnmhairiú nó a allmhairíodh ó thríú tír;

Leasú 302
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 1 – fomhír 1 – pointe m a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ma) cainníochtaí na n-amhábhar criticiúil a baineadh agus a aisghabhadh ó fheithiclí a bhfuil a ré caite.

Leasú 303
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) dreasachtaí a tugadh isteach chun athúsáid, athmhonarú agus athriochtú na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 33;	(a) dreasachtaí a tugadh isteach chun athúsáid, athmhonarú agus athchóiriú páirteanna agus comhpháirteanna a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 33 agus a dtionchar;

Leasú 304
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na tuarascálacha a chuirfidh na Ballstáit faoina mbráid agus, más iomchuí, tarraingeoidh sé tuarascálacha suas ar an bhfaisnéis a fuarthas chun malartú faisnéise ar dhea-chleachtais a cuireadh i bhfeidhm sna Ballstáit a éascú.	Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na tuarascálacha arna dtíolacadh ag na Ballstáit agus, tarraingeoidh sé suas ***agus foilseoidh sé*** tuarascálacha ar an bhfaisnéis ***a fuarthas chun meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo sna Ballstáit agus*** chun malartú faisnéise a éascú maidir leis na dea-chleachtais a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit.

Leasú 305
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 5 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) an mhodheolaíocht chun méid agus meáchan na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar a bhaintear chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, pointí (g), (h) agus (i) a chinneadh;	(i) an mhodheolaíocht chun méid agus meáchan na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar a bhaintear chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, pointí (g), (h), ***(i) agus (ma) a chinneadh***;

Leasú 306
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an fhormáid le haghaidh an tuairiscithe don Choimisiún dá dtagraítear i mír 1, chomh maith leis an bhformáid le haghaidh na tuarascála seiceála cáilíochta.	(b) an fhormáid don tuairisciú chuig an gCoimisiún dá dtagraítear i míreanna 1, ***2 agus 3***, chomh maith leis an bhformáid don tuarascáil maidir le seiceáil cáilíochta.

Leasú 307
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 51(2).	Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh ***faoin ... [OF: Cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 51(2).

Leasú 308
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Soláthróidh táirgeoirí, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, oibreoirí bainistithe dramhaíola agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha eile sonraí cruinne agus iontaofa do na húdaráis inniúla lenar féidir leis na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Airteagal seo a chomhlíonadh.	6. ***Soláthróidh*** táirgeoirí, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, oibreoirí bainistithe dramhaíola agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha eile sonraí cruinne agus iontaofa do na húdaráis inniúla lenar féidir leis na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Airteagal seo a chomhlíonadh.

Leasú 309
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 5(4), 6(3), 6(4), 7(3), 9(7), 11(3), 12(3), 21(2), 22(4), 27(4), 38(7) agus 40(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 5(4)***, 6(2)***, 6(3), 6(4), 7(3), 9(7), 11(3), 12(3), 21(2), 22(4), 27(4), 38(7) agus 40(3) ***[liosta críochnaitheach le nuashonrú ar dheireadh na caibidlíochta]*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an

tréimhse.

fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Leasú 310
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(4), 6(3), 6(4), 7(3), 9(7), 11(3), 12(3), 21(2), 22(4), 27(4), 38(7) agus 40(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(4), ***6(2)***, 6(3), 6(4), 7(3), 9(7), 11(3), 12(3), 21(2), 22(4), 27(4), 38(7) agus 40(3) ***[liosta críochnaitheach le nuashonrú ar dheireadh na caibidlíochta]*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

Leasú 311
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 5(4), 6(3), 6(4), 7(3), 9(7), 11(3), 12(3), 21(2), 22(4), 27(4), 38(7) agus 40(3) i bhfeidhm ach amháin mura	6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 5(4), ***6(2),*** 6(3), 6(4), 7(3), 9(7), 11(3), 12(3), 21(2), 22(4), 27(4), 38(7) agus 40(3) ***[liosta críochnaitheach le***

mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

nuashonrú ar dheireadh na caibidlíochta] i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 312
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoin 31 Nollaig 203* [OF: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den bhliain i ndiaidh 95 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus tuarascáil a tharraingt suas ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a thionchar ar an gcomhshaol, ar shláinte an duine agus ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í.	1. Faoin 31 Nollaig 203* [OF: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den bhliain i ndiaidh 95 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus tuarascáil a tharraingt suas ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a thionchar ar an gcomhshaol, ar shláinte an duine agus ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í. ***I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a leasú ag gabháil leis an tuarascáil.***

Leasú 313
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an gá atá le raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú, go háirithe forálacha Chaibidlí II agus III, chomh maith le Caibidil IV Roinn II, chuig feithiclí de chatagóirí ***L_3e, L_4e, L_5e, L_6e agus L_7e*** mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2), ***pointí (c) go (g),*** de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 agus chuig feithiclí de chatagóirí M_2, M_3, N_2, N_3 agus O mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2018/858;	(a) an gá atá le raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú, go háirithe forálacha Chaibidlí II agus III, chomh maith le Caibidil IV Roinn II, chuig feithiclí de chatagóirí ***L1e, L2e, L3e, L4e, L5e, L6e*** agus ***L7e*** mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 agus chuig feithiclí de chatagóirí \ M_2, M_3, N_2, N_3 agus O mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2018/858;

Leasú 314
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) an gá atá le raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig feithiclí atá cineálcheadaithe i gcineálcheadú ilchéimneach agus chuig mótarcharbháin agus carbháin leantóra;

Leasú 315
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) tionchar na mbeart maidir le honnmhairiú feithiclí caite a leagtar síos i gCaibidil

V agus a mhéid a réitíodh saincheist na bhfeithiclí atá ar iarraidh, lena n-áirítear measatcháin ar líon na bhfeithiclí atá ar iarraidh;

Leasú 316
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 2 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(eb) na bearta a bhaineann le forálacha maidir le próisis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'athchúrsáil ardcháilíochta feithiclí ag deireadh a ré;

Leasú 317
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 2 – pointe e c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ec) tionchar na ndifríochtaí sna critéir náisiúnta ródacmhainneachta ar onnmhairí feithiclí caite agus ar an margadh inmheánach.

Leasú 318
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 55 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Faoin ... [60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú chun a mheas, bunaithe ar na dearbhuithe arna ndéanamh

	faoi Airteagal 10, an bhfuil monaróirí ar an mbóthar ceart chun na spriocanna maidir le plaisteach athchúrsáilte a leagtar síos in Airteagal 6(1) a chomhlíonadh. Measfar, go háirithe, an méid seo a leanas sa mheastóireacht:
	(a) infhaighteacht teicneolaíochtaí athchúrsála plaisteacha oiriúnacha;
	(b) infhaighteacht leordhóthanach plaisteach athchúrsáilte;
	(c) leibhéal cáilíochta an phlaisteach athchúrsáilte i gcomparáid leis an leibhéal sábháilteachta a theastaíonn agus;
	(d) deacrachtaí teicniúla agus eacnamaíocha chun an sprioc a bhaint amach.
	Ar bhonn an mheasúnaithe, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 6(1) a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal na gcéatadán íosta a leagtar amach ann.

Leasú 319
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tá feithicil do-dheisithe go teicniúil má chomhlíonann sí ceann amháin nó níos mó de na	1. Tá feithicil do-dheisithe ***nuair a*** chomhlíonann sí ceann amháin nó níos mó de na critéir

critéir seo a leanas:

seo a leanas:

Leasú 320
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) gearradh ina píosaí nó lomadh í;	(a) rinneadh í a ghearradh ina píosaí ***nó a dhíchóimeáil chun a páirteanna a athúsáid nó ní úsáidtear mar fheithicil í a thuilleadh;***

Leasú 321
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) táthaíodh suas í nó dúnadh le cúrinsliú í;	***scriosta***

Leasú 322
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) dódh go hiomlán í a mhéid a fhágann an urrann innill nó an urrann phaisinéirí scriosta;	(c) dódh é go dtí an pointe ina bhfuil urrann an innill nó urrann an phaisinéara scriosta ***go hiomlán***;

Leasú 323
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tumadh in uisce í go	(d) rinneadh é a thumadh in

leibhéal os cionn na deaise;	uisce go leibhéal os cionn na deaise;

Leasú 324
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ní féidir ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna seo a leanas den fheithicil a dheisiú nó a athsholáthar:	(e) ***ní féidir*** ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna seo a leanas den fheithicil***, ó thaobh na teicneolaíochta de,*** a dheisiú ***ná a*** athsholáthar:

Leasú 325
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) tá fabhtanna teicniúla ina comhpháirteanna struchtúrtha agus sábháilteachta nach féidir a aisiompú agus a fhágann nach féidir iad a athsholáthar, amhail aosú miotail, bristeacha iomadúla i bprímeálaigh, nó creimeadh bréifnithe iomarcach;	(f) tá fabhtanna teicniúla ag a chomhpháirteanna struchtúracha agus sábháilteachta atá do-aisiompaithe agus ***i gcás ina bhfuil an damáiste chomh fairsing sin nach bhfuil deisiú ná athsholáthar indéanta go teicniúil gan sláine struchtúrach mharthanach na feithicle ná sábháilteacht ar bhóithre a chur i mbaol.***

Leasú 326
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – cuid A – pointe 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) ba ghá an t-inneall, an giarbhosca, an sceall nó an chóimeáil fonnaidh a	***scriosta***

athsholáthar chun í a dheisiú, agus chaillfí aitheantas bunaidh na feithicle dá dheasca.

Leasú 327
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tá an fheithicil do-dheisithe go heacnamaíoch más lú a margadhluach ná costas na ndeisithe is gá chun í a chur ar ais i riocht teicniúil san Aontas ba leordhóthanach chun deimhniú ródacmhainneachta a fháil sa Bhallstát inar cláraíodh an fheithicil roimh an deisiú.	***scriosta***

Leasú 328
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid A – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfar feithicil a bhreithniú a bheith do-dheisithe go teicniúil i gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:	***scriosta***
(a) tumadh in uisce í go leibhéal faoi bhun na deaise, agus rinneadh damáiste don inneall nó don chóras leictreach;	
(b) níl a doirse ceangailte d;	
(c) tá a cuid breosla nó gala breosla á scaoileadh uaithi agus tá baol dóiteáin nó pléasctha ann dá dheasca;	

(d) tá gás sceite óna córas gáis leachtaigh agus tá baol dóiteáin nó pléasctha ann dá dheasca;

(e) scaoileadh a leachtanna oibriúcháin (breosla, leacht coscáin, leacht frithreo, aigéad ceallra, leacht fuartháin) agus tá an baol ann go dtruailleofar uisce dá dheasca; nó

(f) tá a coscáin agus a comhpháirteanna stiúrtha ró-chaite.

Má chomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha sin, déanfar measúnú teicniúil aonair chun a mheasúnú an mbeadh stádas teicniúil feithicle leordhóthanach chun deimhniú ródacmhainneachta a fháil sa Bhallstát inar cláraíodh an fheithicil roimh an deisiú.

Leasú 329
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfar na critéir seo a leanas a úsáid freisin mar údar breise leis an gcinneadh gur feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil athláimhe:	Féadfar na critéir seo a leanas a úsáid freisin ***le linn measúnú aonair*** mar údar breise chun a chinneadh an feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil chaite:

Leasú 330
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ní heol cé hé úinéir na	(b) ní féidir a shuíomh cé hé nó

feithicle;	hí an t-úinéir;

Leasú 331
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) an tástáil ródacmhainneachta theicniúil náisiúnta is gá a dhéanamh uirthi, ceanglaíodh í níos mó ná 2 bhliain ó shin agus ní dhearnadh í;	***scriosta***

Leasú 332
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ní thugtar cosaint leormhaith ar dhamáiste di le linn stórála, iompair, luchtú agus díluchtú; ***nó***	(d) ní thugtar cosaint leormhaith ar dhamáiste di le linn stórála, iompair, luchtú agus díluchtú;

Leasú 333
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tugadh ar láimh do phointe bailithe údaraithe nó do shaoráid cóireála dramhaíola údaraithe í lena cóireáil.	(e) tugadh ar láimh do phointe bailithe údaraithe nó do shaoráid cóireála dramhaíola údaraithe í lena cóireáil***;***

Leasú 334
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) tumadh in uisce í go leibhéal faoi bhun na deaise, agus rinneadh damáiste don inneall nó don chóras leictreach;

Leasú 335
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – mír 1 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(eb) tá a cuid breosla nó gala breosla á scaoileadh uaithi agus tá baol dóiteáin nó pléasctha ann dá dheasca; nó

Leasú 336
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – mír 1 – pointe e c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ec) tá gás sceite óna córas gáis leachtaigh agus tá baol dóiteáin nó pléasctha ann dá dheasca;

Leasú 337
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – Cuid B – mír 1 – pointe e d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ed) scaoileadh a leachtanna oibriúcháin (breosla, leacht coscáin, leacht frithreo, aigéad ceallra, leacht fuartháin) agus tá an baol ann go dtruailleofar

uisce dá dheasca.

Leasú 338
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A– pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tuairisc neamhtheicniúil ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun a áirithiú go leanfaidh na feithiclí ar den chineál feithicle iad de bheith ag comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagail 4 go 7 ar feadh a dtáirgthe.	1. Tuairisc neamhtheicniúil ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun a áirithiú go leanfaidh na feithiclí de bheith ag comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagail 4 go 7 ar feadh a dtáirgthe.

Leasú 339
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an fhaisnéis a fhaightear ó na soláthraithe a sheiceáil agus a fhíorú;	(b) ***iomláine*** na faisnéise a fhaightear ó sholáthróirí a sheiceáil;

Leasú 340
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) freagairt leormhaith a dhéanamh i gcás ina léireoidh na sonraí a fhaightear ó na soláthraithe go bhfuil an riosca ann nach gcomhlíonfar na ceanglais faoi Airteagal 4, 5 nó 6.	***scriosta***

Leasú 341
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Faisnéis maidir leis na teicneolaíochtaí cóireála deireadh ré atá i bhfeidhm, dul chun cinn teicneolaíoch ábhartha i dteicneolaíochtaí cóireála deireadh ré agus infheistíocht chumais sna teicneolaíochtaí sin, tráth a chuirtear an t-iarratas ar chineálcheadú isteach, a d'úsáid an monaróir chun in-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4 den chineál feithicle.	3. Faisnéis faoi na toimhdí maidir le teicneolaíochtaí cóireála deireadh ré atá i bhfeidhm, dul chun cinn teicneolaíochta ábhartha i dteicneolaíochtaí cóireála deireadh ré agus infheistíocht acmhainne sna teicneolaíochtaí sin***;***

Leasú 342
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Liosta gníomhaíochtaí a gheallann an monaróir a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an chóireáil ar fheithiclí a bhfuil a ré caite, ar feithiclí den chineál lena mbaineann iad, i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus aird á tabhairt go háirithe ar na nithe seo a leanas:	5. Liosta gníomhaíochtaí a gheallann an monaróir a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an chóireáil ar fheithiclí a bhfuil a ré caite i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus aird á tabhairt go háirithe ar na nithe seo a leanas:

Leasú 343
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) bearta atá ceaptha baint páirteanna a léirítear in Iarscríbhinn VII Cuid C a éascú;	(a) bearta atá ceaptha chun baint ***neamhscriosach*** páirteanna a léirítear in Iarscríbhinn VII Cuid C a éascú;

Leasú 344
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) bearta a rannchuidíonn le forbairt teicneolaíochtaí athchúrsála le haghaidh ábhair a úsáidtear i bhfeithiclí, nach bhfuil na teicneolaíochtaí sin ar fáil go forleathan lena n-aghaidh ar scála tráchtála ***tráth a chuirtear an t-iarratas ar chineálcheadú isteach;***	(b) ***i gcomhar le hoibreoirí bainistíochta dramhaíola nó le hinstitiúidí taighde,*** bearta a rannchuidíonn le forbairt teicneolaíochtaí athchúrsála le haghaidh ábhair ***agus comhpháirteanna*** a úsáidtear i bhfeithiclí, nach bhfuil na teicneolaíochtaí sin ar fáil go forleathan lena n-aghaidh ar scála tráchtála;

Leasú 345
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) an faireachán ar conas a dhéantar páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair atá i bhfeithiclí ar den chineál feithicle iad a athúsáid, a athchúrsáil agus a aisghabháil sa chleachtas;	***scriosta***

Leasú 346
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 5 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le húsáid ábhar agus teicnící a chuireann bac ar dhíchóimeáil éasca nó a fhágann gur an-dúshlánach athchúrsáil a dhéanamh, mar shampla greamacháin nó ábhair shnáithíntreisithe;	(d) bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le húsáid ábhar agus teicnící a chuireann bac ar dhíchóimeáil éasca nó a fhágann go bhfuil athchúrsáil an-dúshlánach;

Leasú 347
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 5 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dhéantar chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) a chur chun feidhme.

Leasú 348
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Tuairisc ar chineál agus foirm na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 5, mar shampla infheistíochtaí i dtaighde agus forbairt, infheistíochtaí i bhforbairt teicneolaíochtaí nó bonneagair athchúrsála, agus ar an gcaoi a raibh sé ag dul i gcomhar le hoibreoirí bainistithe dramhaíola a bhfuil baint acu le feithiclí a athúsáid, a athchúrsáil agus a aisghabháil	***scriosta***

agus lena bpáirteanna a bhaint.

Leasú 349
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tuairisc ar an mbealach a ndéanfar measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 6.	***scriosta***

Leasú 350
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid A – pointe 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sula dtiocfaidh Airteagail 4 go 7 i bhfeidhm, míneofar leis an straitéis chiorclaíochta conas a chomhlíonann an monaróir na ceanglais chiorclaíochta a leagtar síos i dTreoir 2005/64/CE ***arna bhfíorú le linn an phróisis chineálcheadaithe, go háirithe in Airteagal 5 den Treoir sin, agus leis na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2000/53/CE, go háirithe in Airteagal 4(2) den Treoir sin.***	Sula dtiocfaidh Airteagail 4 go 7 chun bheith infheidhme, míneofar sa straitéis chiorclaíochta conas a chomhlíonann an monaróir na ceanglais chiorclaíochta a leagtar síos i dTreoir 2005/64/CE.

Leasú 351
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tabharfaidh na monaróirí	1. Soláthróidh na monaróirí

an straitéis chiorclaíochta cothrom le dáta gach 5 bliana ar a laghad.	nuashonrú ar an straitéis chiorclaíochta gach 5 bliana.

Leasú 352
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áireofar na nithe seo a leanas sa straitéis chiorclaíochta nuashonraithe:	2. Áireofar sa straitéis chiorclaíochta nuashonraithe na ***hathruithe ábhartha nua agus go háirithe an méid seo a*** leanas:

Leasú 353
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tuairisc ar an gcaoi a ndearnadh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 6 de Chuid A agus, i gcás nach ndearnadh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a léirítear sa straitéis, míniú ar na cúiseanna atá leis sin;	(a) tuairisc ar an gcaoi a ndearnadh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCuid A agus, i gcás nach ndearnadh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a léirítear sa straitéis, míniú ar na cúiseanna atá leis sin;

Leasú 354
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 6 de Chuid A;	(b) measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCuid A;

Leasú 355
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh nó a gcuirfear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 6 de Chuid A san áireamh i ndearadh cineálacha nua feithicle.	(c) ***faisnéis faoi na hathruithe suntasacha*** ar dhearadh ***agus ar tháirgeadh arna ndéanamh ag an monaróir chun ciorclaíocht feithiclí a fheabhsú.***

Leasú 356
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina mbeidh athruithe móra ar dhearadh agus táirgeadh an chineáil feithicle, is ar na nithe seo a leanas go háirithe a dhíreofar sa straitéis chiorclaíochta nuashonraithe:	***scriosta***
(a) athruithe ar úsáid páirteanna agus comhpháirteanna i bhfeithiclí nua atá éasca a dhíchóimeáil le haghaidh athúsáide nó le haghaidh athchúrsáil ardcháilíochta;	
(b) athruithe ar úsáid ábhar i bhfeithiclí nua atá éasca a athchúrsáil;	
(c) gnéithe den dearadh a ghlacadh lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le húsáid ábhar agus teicnící a chuireann bac ar bhaint éasca nó a fhágann gur an-dúshlánach athchúrsáil a dhéanamh, mar shampla greamacháin, plaistigh	

ilchodacha nó ábhair shnáithíntreisithe;

(d) athruithe ar úsáid ábhar athchúrsáilte i bhfeithiclí nua, páirteanna agus comhpháirteanna athmhonaraithe nó athriochtaithe i bhfeithiclí agus comhoiriúnacht páirteanna agus comhpháirteanna ó chineálacha eile feithiclí; agus

(e) athruithe ar úsáid substaintí dá dtagraítear in Airteagal 5 i bhfeithiclí nua.

Leasú 357
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ceallraí feithicle leictrí atá ionchorpraithe san fheithicil;	1. Ceallraí feithiclí leictreacha agus ceallraí do chóracha iompair éadroma atá ionchorpraithe san fheithicil:

Leasú 358
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir;	(a) uimhir ***an bhuntrealaimh***;

Leasú 359
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) faisnéis maidir le staid

	sláinte agus saolré ionchasach ceallraí mar a shainmhínítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/1542 agus in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis.

Leasú 360
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir;	(a) uimhir ***an bhuntrealaimh***;

Leasú 361
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) uimhir;	(b) uimhir ***an bhuntrealaimh***;

Leasú 362
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir;	(a) uimhir ***an bhuntrealaimh***;

Leasú 363
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 4 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) faisnéis, sonraíochtaí, uirlisí agus próisis, lena n-áirítear nuashonruithe bogearraí, a bhfuil gá leo le

	haghaidh athmhonaraithe agus athchóirithe.

Leasú 364
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – pointe 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) treoracha teicniúla maidir le rochtain, baint agus ionadú, lena n-áirítear - códú agus bogearraí is gá chun páirteanna spártha agus comhpháirteanna a ghníomhachtú chun go bhfeidhmeoidh siad i bhfeithicil eile;	(c) treoracha teicniúla maidir le rochtain, baint agus athsholáthar, lena n-áirítear ***an cumas páirt a dhíchlárú nó a dhíchúpláil ó VIN feithicle a bhfuil a ré caite agus, i gcás inar gá, í a athchlárú i gcóras faisnéise mhonaróir na feithicle chun gur féidir í a shuiteáil i bhfeithicil eile;***- códú agus bogearraí is gá chun páirteanna spártha agus comhpháirteanna a ghníomhachtú chun feidhmiú i bhfeithicil eile, ***agus úsáid á baint as uirlisí diagnóiseacha ilbhranda agus as freastalaí cúil mhonaróir na feithicle don fheithicil deisithe, más gá;***

Leasú 365
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VI – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Faisnéis ar lipéad mótar tiomána leictrí ina bhfuil ábhair bhuanmhaighnéid:	***scriosta***
(a) tásc go n-ionchorpraítear buanmhaighnéad amháin nó níos mó sna táirgí sin;	
(b) tásc maidir leis na maighnéid sin a bheith ar aon cheann de na cineálacha seo a	

leanas:

(i) Neoidimiam-Iarann-Bórón;

(ii) Samairiam-Cóbalt;

(iii) Alúmanam-Nicil-Cóbalt;

(iv) Feirít;

(c) i gcás buanmhaighnéid de na cineálacha dá dtagraítear i bpointe 3 (b)(i) agus (ii), iompróir sonraí atá nasctha le haitheantóir uathúil táirge lena soláthraítear rochtain ar na nithe seo a leanas:

(i) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe agus seoladh poist an duine nádúrtha fhreagraigh nó an duine dhlítheanaigh fhreagraigh agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, modhanna leictreonacha cumarsáide trínar féidir teagmháil a dhéanamh leo;

(ii) faisnéis maidir le meáchan, suíomh agus cineál na mbuanmhaighnéad aonair uile sa táirge, agus láithreacht agus cineál bratú na maighnéad, gliúnna agus aon bhreiseán a úsáidtear;

(iii) faisnéis lena n-éascaítear rochtain ar na buanmhaighnéid uile atá ionchorpraithe sa táirge agus lena n-éascaítear a mbaint, agus lena n-áirítear ar a laghad seicheamh na gcéimeanna bainte, na huirlisí nó na teicneolaíochtaí uile is gá chun an buanmhaighnéad a rochtain agus a bhaint, gan dochar d'Airteagal 15(1) de Threoir 2012/19/AE.

Leasú 366
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid B – pointe 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) déanfar córais aerchóiriúcháin agus cuisneáin a chóireáil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 517/2014;	(b) déanfar córais aerchóiriúcháin agus cuisneáin a chóireáil i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2024/573***;

Leasú 367
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ceallraí feithicle leictrí;	1. Ceallraí feithiclí leictreacha ***mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (14), den Rialachán seo agus ceallraí LMT, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (11), de Rialachán (AE) 2023/1542, lena n-áirítear a gcórais bainistithe ceallraí, luchtairí ar bord le haghaidh feithiclí leictreacha, agus cásáil nó feireadh, más ann dóibh***;

Leasú 368
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ceallraí gluaisteáin (SLI) mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2023/****[maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola];	3. Ceallraí gluaisteáin (SLI) mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) ***2023/1542 agus ceallraí iniompartha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (9), de Rialachán (AE) 2023/1542;***

Leasú 369
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. Deaiseanna;	***scriosta***

Leasú 370
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
11. Páirteanna den chóras faisnéise agus siamsaíochta atá inrochtana go díreach***, lena n-áirítear rialaitheoirí fuaime, loingseoireachta agus ilmheán, lena n-áirítear taispeántí ar mó a ndromchla ná 100 ceintiméadar chearnacha;***	11. Páirteanna den chóras faisnéise atá inrochtana go díreach;

Leasú 371
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
13. Úmacha sreinge;	***scriosta***

Leasú 372
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
15. Coimeádáin leachta;	15. Coimeádáin breosla;

Leasú 373
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
17. Aon chomhpháirt mhiotail aon-ábhair eile, ar mó a meáchan ná 10 kg;	***scriosta***

Leasú 374
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
18. Aon chomhpháirt phlaisteach aon-ábhair eile, ar mó a meáchan ná 10 kg;	***scriosta***

Leasú 375
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid C – pointe 19 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cláir ciorcad priontáilte ar mó achar a ndromchla ná 10 cm^2;	***scriosta***

Leasú 376
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid D – pointe 1 – pointe b – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) tá an pháirt nó an chomhpháirt iomlán;	(i) ***go mbeidh na codanna ábhartha uile*** sa pháirt nó sa chomhpháirt***;***

Leasú 377
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid D – pointe 1 – pointe b – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) measúnú ar dhamáiste, feidhmiúlacht laghdaithe nó feidhmíocht agus na deisithe is gá chun an pháirt nó an chomhpháirt a chur ar ais i riocht ina mbeidh sí oiriúnach lena húsáid;	(ii) measúnú ar an damáiste, ar an bhfeidhmiúlacht laghdaithe nó ar an bhfeidhmíocht agus ar na deisiúcháin is gá chun an pháirt nó an chomhpháirt a athbhunú i staid ***ina bhféadfadh sé a bheith oiriúnach lena hathmhonarú nó lena hathchóiriú;***

Leasú 378
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid D – pointe 1 – pointe b – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) níl aon chreimeadh trom ann.	(iii) ***léiríonn amharc-chigireacht nach gcuireann an*** creimeadh ***bac ar fheidhmiúlacht na páirte nó na comhpháirte.***

Leasú 379
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid D – pointe 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tagairt d'uimhir aitheantais feithicle (VIN) na feithicle ónar baineadh an chomhpháirt nó an pháirt; agus	***scriosta***

Leasú 380
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid E – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Córais iarchóireála astaíochtaí (e.g. tiontairí catalaíocha, scagairí cáithníní).	2. Córais iarchóireála astaíochtaí (e.g. tiontairí catalaíocha, scagairí cáithníní) ***mura gcumhdaítear na páirteanna sin le baránta ina sonraítear go gcomhlíonann an pháirt an tástáil ródacmhainneachta ghaolmhar mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2014/45/AE.***

Leasú 381
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid F – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar ceallraí feithicle leictrí a chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) ***2023/****[maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola].***	2. Déanfar ceallraí feithicle leictrí a chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) ***2023/1542***.

Leasú 382
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid G – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cóip den chonradh i scríbhinn idir an tsaoráid chóireála údaraithe agus an tsaoráid a dhéanann na hoibríochtaí mionghearrtha agus a úsáideann teicneolaíochtaí iar-mhionghearrtha, lena n-áirítear na sonraíochtaí maidir le cáilíocht na n-ábhar tánaisteach agus an tsonraíocht theicniúil a gcloítear léi chun codáin chóireála ó	1. ***Chun Airteagal 28(3) den Rialachán seo a chomhlíonadh,*** ní fhéadfar feithiclí a bhfuil a ré caite ***a mhionghearradh in éineacht le dramhaíl eile ach amháin sna cásanna seo a leanas:***

fheithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil.

(a) go ndearnadh dramhthrealamh leictreach agus leictreonach a chóireáil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/19/AE;

(b) baineadh gach ceallra i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542;

(c) rinneadh pacáistíocht phlaisteach a dheighilt ó dhramhaíl ó phacáistíocht agus ó phacáistíocht mhiotail i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/40;

(d) ní laghdaíonn an próiseas mionghearrtha comhcheangailte cáilíocht na sruthanna dramhaíola i gcomparáid le cóireáil ar leithligh; agus

(e) is féidir rannchuidithe sonracha gach srutha dramhaíola measctha leis na codáin aschuir a shainaithint mar rannchuidithe a chomhlíonann na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2023/1542, Rialachán (AE) 2025/40, Treoir 2012/19/AE agus Treoir 2008/98/CE.

Leasú 383
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VII – Cuid G – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tuarascáil ar an anailís shamplach ar cháilíocht agus cainníocht na gcodán cóireála (aschur) i ndáil le cumraíocht	2. Tuarascáil mhaischothromaíochta ar an anailís shamplach ar cháilíocht agus cainníocht na gcodán

chóireála ionadaíoch arna soláthar ag comhlacht neamhspleách.	cóireála (aschur) i ndáil le cumraíocht chóireála ionadaíoch arna soláthar ag comhlacht neamhspleách.

Leasú 384
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn VIII – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faisnéis atá le cur isteach ag an táirgeoir nó ag a ionadaí údaraithe le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeora:	1. Faisnéis atá le cur isteach ag an táirgeoir nó ag a ionadaí ***údaraithe*** le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeora:

Leasú 385
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IX – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Ainm, seoladh, náisiúntacht shealbhóir nó úinéir na feithicle a seachadadh.	7. Ainm agus seoladh náisiúntacht shealbhóir nó úinéir na feithicle a seachadadh.

Leasú 386
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn X a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	IARSCRÍBHINN Xa
	CRITÉIR LE hAGHAIDH FEITHICLÍ AR DÍOL SPÉISE AR LEITH IAD Ó THAOBH CULTÚIR DE
	Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil feithicil cláraithe a aithint go bhfuil leas cultúrtha speisialta ag feithicil i gcás ina

gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil luach nó stádas uathúil stairiúil nó cultúrtha na feithicle doiciméadaithe ag úinéir na feithicle nó ag údaráis inniúla Bhallstát an chláraithe, nó is feithicil mhodhnaithe nó shaincheaptha amháin í an fheithicil;

(b) go bhfuil úinéir na feithicle ar eolas agus gur féidir é nó í a shainaithint;

(c) gur féidir an fheithicil a shainaithint go huathúil le hUimhir Aitheantais Feithicle (VIN), le sraithuimhir, nó le haitheantas oifigiúil eile arna shannadh ag an monaróir nó ag údarás inniúil.